Office of the Director of Public Prosecutions
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

# PLÉ-PHÁIPÉAR

MAIDIR LE

## POLASAÍ IONCHÚISIMH I LEITH CÚISEANNA LE CINNTÍ A THABHAIRT

# CLÁR


| | | |
|---|---|---|
| | **Brollach** | **2** |
| | **Achoimre Feidhmiúcháin** | **6** |
| **1** | **Réamhrá** | **12** |
| **2** | **Cúiseanna le cinntí – comhthéacs & cúlra** | **16** |
| **3** | **Athmheas ar an bheartas reatha gan cúiseanna a thabhairt** | **30** |
| **4** | **Cúiseanna le cinntí: cur chuige ionchasach** | **40** |
| **5** | **Impleachtaí d'oiliúnt & acmhainní** | **50** |
| **6** | **Oibleagáidí maidir le saoráil faisnéise** | **53** |
| | **AGUISÍN - Múnlaí ionchúisimh i ndlínsí eile** | **55** |

# BROLLACH



Is minic a lean ábhar díospóide as polasaí an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gan cúiseanna a thabhairt maidir le cinntí cúiseamh a thionscnamh nó a choinneáil sa siúl. Go háirithe daoine a d'fhulaing coireanna agus a rinne gearán leis na húdaráis bhraitheadar éagóir a bheith déanta orthu toisc nár insíodh dóibh cé na cúiseanna a bhí le gan ionchúiseamh a thionscnamh.

I 1983 d'eisigh mo réamhtheachtaí, Éamonn Barnes, preasráiteas inar déileáladh lena dhiúltú míniú a thabhairt maidir lena chinneadh gan leanúint le cúiseamh áirithe a ionchúiseamh. Bhí an sliocht seo a leanas ar áireamh sa ráiteas uaidh:-

> "Más féidir teacht ar mhodh éigin faoina bhféadfadh an Stiúrthóir an pobal a chur ar an eolas faoi na cúiseanna atá lena chinntí, gan aon éagóir a dhéanamh, cuirfidh sé i ngníomh é go han-toiliúil. Cáintear a Oifig ó am go ham de bharr a héagumas freagra a thabhairt ar fhiosrúcháin ó pháirtithe leasmhara amhail duine a d'fhulaing coir nó teaghlach duine den sórt sin. Ar an drochuair, ní heol don Stiúrthóir aon mhodh ina bhféadfaí cúiseanna a thabhairt gan éagóir a dhéanamh in iliomad cásanna."

An tráth sin bhí an nós a cleachtadh in Éirinn gan aon chúiseanna a thabhairt d'íospartaigh ná don phobal i gcoitinne ag teacht leis an nós a bhí á chleachtadh i mbunáite na stát dlí choitinn, nó iontu go léir. Tá athrú tagtha ó shín, áfach, ar an nós a chleachtaítear in iliomad dlínsí dlí choitinn, lena n-áirítear an Astráil, Ceanada, Sasana agus an Bhreatain Bheag, Tuaisceart Éireann agus Albain, rud a fhágann gurb amhlaidh a thugtar cúiseanna d'íospartaigh i mbunáite na ndlínsí dlí choitinn, ainneoin go bhféadfaidh sé nach bhfuil na cúiseanna sin mionsonraithe i ngach aon chás agus go bhféadfaidh nach dtugtar don phobal i gcoitinne iad. Thairis sin, ainneoin go gcreidtear nár mhór na cúiseanna a thabhairt i ngach uile chás dá dtabharfaí iad in aon chás áirithe, tharla sé i ndlínsí eile go rabhthas in ann nós a chleachtadh faoina dtabharfar cúiseanna d'íospartaigh nuair ab fhéidir sin ach an ceart a fhorchoimeád iad a choinneáil siar i gcás nárbh fhéidir cúis a thabhairt gan cearta an amhrastaigh nó cearta tríú páirtí a shárú.

Is fada a bhraitheas, mar a bhraith mo réamhtheachtaí, sa chás go bhféadfaí modh a aimsiú le cúiseanna a thabhairt d'íospartaigh gan éagóir a dhéanamh do dhaoine eile, ansin gur chóir go bhféachfainn le déanamh amhlaidh ar mhaithe le bheith

cóir d'íospartaigh. Ar an gcúis sin shíl mé gurbh fhiú an plépháipéar seo a fhoilsiú ina leagtar amach, i measc nithe eile, na forbairtí i ndlínsí eile ó léiríodh polasaí ionchúisimh na hOifige i 1983. Tá achoimre feidhmiúcháin ag gabháil leis an bplé-pháipéar agus déantar na príomhábhair dá dtagraítear sa pháipéar a leagan amach san achoimre sin.

Tríd an bpáipéar seo a fhoilsiú, is é an rún atá agam ná díospóireacht a spreagadh, comhairle a ghlacadh go forleathan agus éisteacht leis na haighneachtaí ó réimse leathan saoránach agus ó dhaoine den phobal i gcoitinne ar leas leo an tsaincheist i dtaobh a inmhianaithe nó a neamh-inmhianaithe atá sé athrú a dhéanamh ar bheartas reatha na hOifige seo gan cúiseanna a thabhairt le cinntí maidir le hionchúisimh.

Déantar iarracht sa phlé-pháipéar tuiscint a thabhairt don léitheoir ar obair na hOifige, mar aon le tuiscint ar an gcúlra agus ar an gcomhthéacs ar laistigh díobh a forbraíodh an beartas reatha agus tuiscint ar na smaointe is bun leis an mbeartas reatha. Is é is aidhm don pháipéar freisin ná míniú a thabhairt ar na smaointe atá taobh thiar de mholtaí maidir le hathrú a dhéanamh ar an mbeartas sin ag féachaint don ghluaiseacht i dtreo cuntasacht níos mó a bheith ann i ndáil le riarachán poiblí agus forléargas a thabhairt ar an tslí ina bhfuil forbairt déanta ag dlínsí eile sa réimse seo. Déantar scrúdú sa pháipéar ar an scóip a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hathrú a dhéanamh agus, freisin, déantar cur síos ar seans an-mhór go bhféadfaí éagóir a chruthú rud a d'fhéadfadh tarlú trí imeacht ón mbeartas reatha agus fiafraítear an bhfuil modh ann chun an beartas reatha a athrú gan baol éagóra a bheith ann dá bharr sin. Tá m'Oifig tiomanta i leith oibriú le páirtithe leasmhara d'fhonn tuiscint chomhroinnte a aimsiú ar na deacrachtaí atá ann mar aon le hiarracht a dhéanamh cur chuige comhoibritheach a lorg i ndáil leis na réitigh atá ag teastáil.

Dá bhrí sin, tá freagra á lorg agam ón bpobal ar an bpáipéar i gcoitinne agus, go háirithe, tá mé ag iarraidh freagraí ar na ceisteanna seo a leanas:

- An ceart an beartas reatha a athrú?
- Más ceart, an ceart cúiseanna a thabhairt do dhaoine a bhfuil leas díreach acu san ábhar, d'íospartaigh coire nó dá ngaoil agus dóibh sin amháin?
- An ceart cúiseanna a thabhairt don phobal i gcoitinne freisin?
- Má thugtar cúiseanna, an ceart cúiseanna ginearálta nó cúiseanna mionsonraithe a bheith ann?

- An ceart iad a thabhairt i ngach cás, nó in earnálacha áirithe cásanna tromchúiseacha amháin? Más ceart, cad iad na hearnálacha lena mbaineann?
- Conas is féidir cúiseanna a thabhairt gan cur isteach a dhéanamh ar an gceart bunreachtúil a bhaineann le dea-chlú agus le toimhde neamhchiontachta?
- An ceart pribhléid dhlíthiúil a bheith ann maidir le cúiseanna a chur in iúl?
- Conas is ceart déileáil le cásanna nach féidir cúis a thabhairt ina leith gan éagóir a dhéanamh?
- Cé is ceart cúiseanna a chur in iúl agus cén tslí inar ceart iad a chur in iúl?

Tá sé beartaithe, tar éis aighneachtaí a fháil, breithniú cúramach a dhéanamh ar na tuairimí roimh chinneadh a dhéanamh i dtaobh conas is ceart leanúint ar aghaidh.

D'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaidh an Oifig seo tagairt d'aon tuairimí a gheofar, nó go bhfoilseofar iad, ina n-iomláine nó go páirteach, in anailís chríochnaitheach ar na haighneachtaí go léir a gheofar. Ní shainaithneofar daoine aonair faoina n-ainm, áfach, agus ní chuirfear tuairimí i leith daoine ach amháin de réir tagairtí d'earnálacha ginearálta daoine e.g. íospartach coire, duine den phobal, etc.

Is ceart aon tuairimí a sheoladh mar a leanas:

Ríomhphost: reasons.project@dppireland.ie

Post: **'TIONSCADAL CÚISEANNA'**
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,
14-16 Sráid Mhuirfean Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2.

le go sroichfear an Oifig tráth nach déanaí ná **Dé Luain, an 10 Márta 2008**

*James Hamilton*
*An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*
Eanáir 2008

# ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN

## 1. Obair Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Is é atá sa phríomhfheidhm a chomhlíonann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí ná na hionchúisimh choiriúla go léir a sheoladh atá chomh tromchúiseach sin gur ceart iad a thriail os comhair giúiré. Mar chuid thábhachtach den fheidhm sin is é an chéad chinneadh atá le déanamh ná an ndéanfar ionchúiseamh. Sa plé-pháipéar seo, déileálaimid go príomha leis an gcinneadh sin go háirithe nuair a fheidhmítear é trí chinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tá neamhspleáchas iomlán ag an Oifig le linn a dualgais a chomhlíonadh agus tugadh an neamhspleáchas sin di ionas go mbeidh an Oifig in ann na dualgais sin a chur i gcrích go héifeachtach agus saor ó thionchar míchuí. Tá freagracht throm ag gabháil leis an neamhspleáchas sin ar freagracht í nach mór a fheidhmiú de réir na gcaighdeán is airde is féidir i ndáil le cothroime agus ceartas. Ní leor ceartas a chur i bhfeidhm ach ní mór gur léir go bhfuil sé á chur i bhfeidhm agus, chomh maith lena bheith cothrom agus cóir, is ceart gur léir go bhfuil an t-ionchúisitheoir ag feidhmiú go cothrom agus go cóir. D'fhéadfadh sé gur dealraitheach go bhfuil an beartas reatha, is é sin le rá, gan cúiseanna a thabhairt le cinntí ar neamhréir leis sin agus le hídé na trédhearcachta agus na cuntasaíochta i dtaca le riarachán poiblí de. De réir mar a léirítear i gCaibidil 3, áfach, le linn breithniú a dhéanamh i dtaobh athruithe ionchasacha ar an mbeartas láithreach, ní mór a bheith an-chúramach chun a chinntiú nach é a leanann as athchóiriú, arb é is aidhm dó cuntasacht agus trédhearcacht a mhéadú d'íospartaigh na coireachta, ná éagothroime agus éagóir do pháirtithe eile.

## 2. Comhthéacs an bheartais gan cúiseanna a thabhairt

Tá an beartas gan cúiseanna a thabhairt le cinntí ann le tamall fada. Fiú amháin sular bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí níor ghnách cúiseanna a thabhairt le cinntí ionchúisitheacha. Níltear i gcoinne cúiseanna a thabhairt anois, agus ní rabhthas riamh ina choinne sin, gan fáthanna maithe. Bhí an beartas bunaithe ar fháthanna praiticiúla a bhí ceaptha chun cothroime agus urraim a áirithiú do chearta daoine cúisithe, do chearta gearánach agus do chearta finnéithe.

Tá sé sin soiléir i gcomhthéacs an ráitis a rinne Stiúrthóir na bliana 1983 tráth ar thug sé an admháil seo a leanas:

> "Más féidir modh éigin a cheapadh ar tríd a d'fhéadfadh an Stiúrthóir, gan éagóir a

dhéanamh, na cúiseanna lena chinntí a chur in iúl don phobal cuirfidh sé an modh sin i ngníomh go han-toilteanach."[1]

Tá léiriú tugtha ag an Stiúrthóir reatha, freisin, go bhfuil sé toilteanach an cleachtas reatha a athrú más féidir teacht ar shásra oiriúnach. Éiríonn na deacrachtaí as sainaithint sásra oiriúnaigh chun an t-athrú sin dhéanamh.

Táthar toilteanach athrú a chur i bhfeidhm más féidir sin a dhéanamh gan éagóir a dhéanamh. Tá roinnt rudaí ann a thugann tacaíocht i leith na tuairime sin. Áirítear orthu sin:

- De thoradh cáis a chinn an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine[2] sa bhliain 2003, i gcás cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh, ní mór cúiseanna a thabhairt do ghaoil de chuid duine éagtha a mharaítear de bharr fórsa mharfaigh arna úsáid ag gníomhairí de chuid an stáit. I gcás tíortha ag a bhfuil córais dhlíthiúla den tsamhail chéanna linn féin, tá aghaidh tugtha acu ar an bhfadhb chéanna agus tá athrú déanta acu ar a gcleachtas. Chun forléargas a fháil ar an gcur chuige a úsáidtear sna tíortha sin, féach an achoimre san Aguisín a ghabhann leis an bpáipéar.
- Tan t-aitheantas méadaitheach maidir lena inmhianaithe atá sé, más féidir, go ndéantar an réasúnú atá taobh thiar de chinntí a d'fhéadfadh tionchar mór a bheith acu ar a saoil a chur in iúl d'íospartaigh.
- An t-aitheantas atá ann maidir le feabhas a chur ar mhuinín an phobail i leith cothroime an chórais ceartais choiriúil trí na cúiseanna le cinntí maidir le hionchúisimh a chur in iúl don phobal.

## 3. Athrú agus na gaistí a d'fhéadfadh a bheith ann

I gCaibidil 3, déantar breithniú ar an argóint i leith athrú a dhéanamh agus béim ar leith á cur ar chearta bunreachtúla na bpáirtithe a ndéanann an próiseas coiriúil difear dóibh. Go bunúsach, tá an argóint i gcoinne athrú a dhéanamh ar an mbeartas reatha, mar aon leis an argóint i gcomhair cúram a ghlacadh maidir le haon athrú ionchasach, bunaithe ar an imní go bhféadfadh roinnt torthaí diúltacha gan choinne leanúint as cúiseanna a thabhairt le cinntí, go háirithe na nithe seo a leanas:

1 Preas-ráiteas a d'eisigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ar an 2 Iúil 1983 agus a atáirgtear go páirteach i mír 1.3 den phlé-pháipéar seo.

2 *Jordan v United Kingdom* (2003) 37 EHRR 52

a) D'fhéadfadh sé tarlú, i roinnt cásanna, dá dtabharfaí cúiseanna sonracha, seachas cúiseanna leathana 'ginearálta', go gcaithfí amhras ar neamhchiontacht daoine nach bhfuil iontu ach daoine a bhfuil drochamhras ann ina leith i ndáil le coir a dhéanamh. Ar ndóigh, tá daoine den sórt sin i dteideal a ndea-chlú a bheith acu go dtí go ndéantar iad a chiontú iarbhír i gcion coiriúil. I roinnt cásanna, dá dtabharfaí cúiseanna d'fhéadfaí toimhde na neamhchiontachta a shárú ar toimhde í is bonnchloch dár gcóras dlíthiúil agus d'fhéadfaí éagóir shuntasach a chruthú. Ní mór breithniú cúramach a dhéanamh ar an gcóimheá idir an tábhacht a bhaineann le nochtadh don pháirtí éagóraithe, agus don phobal i gcoitinne b'fhéidir, agus an gá le clú agus toimhde na neamhchiontachta a chosaint. Is gá freisin leasanna eile sochaíocha a chur sa mheá go cúramach. Mar shampla, tá se tábhachtach nach ndéantar dochar d'imeachtaí eile.

b) D'fhéadfadh sé tarlú gurb e a leanfadh as cúiseanna a thabhairt ná an bonn a bhaint de sheasamh nó de chlú finné, lena n-áirítear gearánach. Mar shampla, dá ndéarfaí go gceaptar nach bhfuil finné iontaofa d'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha síceolaíochta a bheith ann dá bharr agus d'fhéadfadh sé tarlú gurb ionann é sin agus ionsaí ar cheart finné chun a dhea-chlú nó chun a dea-chlú, go háirithe dá mba é a bheadh intuigthe, chomh maith lena rá go raibh finné mícheart, ná go raibh bréag á hinsint d'aon turas aige nó aici. Ceanglaítear le hAirteagal 40.3.2° den Bhunreacht go ndéanfaidh an Stát dea-chlú gach saoránaigh a chosaint agus a shuíomh.

c) Éiríonn an coimhlint idir 'leasanna iomaíocha' nuair atá riachtanais na trédhearcachta agus na cuntasaíochta inár bpróiseas ionchúisitheach á chóimheá le riachtanais na slándála náisiúnta agus riachtanais dhualgas an Stáit beatha agus pearsa gach saoránaigh a shuíomh agus a chosaint de réir mar a ráthaítear le hAirteagal 40.3.2° de Bhunreacht na hÉireann. D'fhéadfaí sin a chur i gcontúirt, mar shampla, trí aitheantas faisnéiseora Garda a nochtadh nó trína nochtadh go bhfuil faisnéiseoir ann.

d) I dteannta na ndeacrachtaí sin, tá ceisteanna praiticiúla ann nár mhór a scrúdú i gcás ina ndéanfaí aon athrú ar an mbeartas. Áirítear orthu sin an baol go dtarlódh tuilleadh moille sa phróiseas coiriúil, acmhainní breise a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Oifig, agus an gá le hoiliúint. Dá mbeadh athchóiriú ann bheadh ceisteanna ann i dtaobh conas cinntí a chur in iúl do ghearánaigh. An mbeadh sé inmhianaithe nó indéanta go gcuirfí faoi deara gurb é déantóir an chinnidh a chuirfeadh an fhaisnéis in iúl? Cad is ceart a chur san áireamh? An ceart go mbeadh an pobal agus an gearánach araon

i dteideal na cúiseanna a éisteacht? Tá na príomhcheisteanna praiticiúla ar ina leith a d'fháilteofaí roimh thuairimí an phobail leagtha amach i Réamhrá an Stiúrthóra agus i gcuid 5 den achoimre feidhmiúcháin seo.

## 3. Na deiseanna atá ann de thoradh athchóirithe

Cé go n-aithnítear an gá le breithniú a dhéanamh ar shriantachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag gabháil le haon athchóiriú ar an mbeartas reatha, leantar ar aghaidh sa phlé-pháipéar chun an argóint i leith athchóirithe a leagan amach. Ní amháin go bhfuil an seans ann, má dhéantar athchóiriú, go méadófar muinín an phobail as eagraíocht fhíorthábhachtach laistigh den chóras ceartais choiriúil ach, freisin, d'fhéadfadh sé feabhas a chur ar shoiléire agus ar thuiscint i dtaca leis an bpróiseas déanta cinntí ionchúisitheacha.

## 5. Ceisteanna atá le breithniú

Déantar scrúdú sa pháipéar ar roinnt cur chuige a d'fhéadfaí a bhreithniú, lena n-áirítear:

- Modhnuithe den chineál is lú ar an mbeartas bunaidh chun ceanglais an Choinbhinsiúin Eorpaigh um Chearta an Duine a chorprú. Dá mbeadh cur chuige den sórt sin ann, níor mhór cúiseanna a thabhairt do ghaoil le duine a fhaigheann bás mar gheall ar ghníomhartha gníomhaire de chuid Stáit. B'ionann an rogha seo agus an beartas atá ann faoi láthair.
- Gan cúiseanna a thabhairt ach amháin i ndáil le hearnáil cionta réamh-shainmhínithe. Mar shampla, an ceart cúiseanna a thabhairt i gcásanna a bhaineann le héigniú agus le dúnmharú amháin; i ngach cás ina dtarlaíonn cionta foréigneacha; nó i ngach cás ina dtarlaíonn díobháil is cuma cé chomh tromaí atá sí?
- Dá gcuirfí cur chuige níos leithne i bhfeidhm, thabharfaí cúiseanna, dá mb'fhéidir é, maidir le réimse leathan cásanna agus, in imthosca nach bhféadfaí déanamh amhlaidh, cúiseanna de chineál níos ginearálta a thabhairt. Ní thabharfaí cúiseanna ar bith i gcásanna arb é a leanfadh as ráiteas d'aon chineál a thabhairt, nó inar dócha gurb é a leanfadh as ráiteas d'aon chineál a thabhairt, ná dochar a dhéanamh do leas tábhachtach. Is léir gurb ionann sin agus cur chuige níos forleithne agus d'fhéadfaí a rá gurb é atá ann ná beartas maidir le cúiseanna 'ginearálta' a thabhairt le cinntí.

Ní mór na ceisteanna sonracha seo a leanas a fhreagairt freisin:-

- An ceart an beartas reatha a athrú?
- Más ceart, an ceart cúiseanna a thabhairt do dhaoine a bhfuil leas díreach acu san ábhar, d'íospartaigh coire nó dá ngaoil agus dóibh sin amháin?
- An ceart cúiseanna a thabhairt don phobal i gcoitinne freisin?
- Má thugtar cúiseanna, an ceart cúiseanna ginearálta nó cúiseanna mionsonraithe a bheith ann?
- An ceart iad a thabhairt i ngach cás, nó in earnálacha áirithe cásanna tromchúiseacha amháin? Más ceart, cad iad na hearnálacha lena mbaineann?
- Conas is féidir cúiseanna a thabhairt gan cur isteach a dhéanamh ar an gceart bunreachtúil a bhaineann le dea-chlú agus le toimhde neamhchiontachta?
- An ceart pribhléid dhlíthiúil a bheith ann maidir le cúiseanna a chur in iúl?
- Conas is ceart déileáil le cásanna nach féidir cúis a thabhairt ina leith gan éagóir a dhéanamh?
- Cé is ceart cúiseanna a chur in iúl agus cén tslí inar ceart iad a chur in iúl?

## 6. Comhairliúchán

Mar fhocal scoir, tá an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ag iarraidh ar dhaoine den phobal ar díol spéise dóibh an t-ábhar seo a dtuairimí a thabhairt faoi na saincheisteanna atá luaite sa phlé-pháipéar. D'fháilteodh sé go háirithe roimh thuairimí faoi na ceisteanna atá leagtha amach i gcuid 5 den achoimre feidhmiúcháin seo.

Tá sé beartaithe, tar éis aighneachtaí a fháil, breithniú cúramach a dhéanamh ar na tuairimí roimh chinneadh a dhéanamh i dtaobh conas is ceart leanúint ar aghaidh.

D'fhéadfadh sé tarlú go ndéanfaidh an Oifig seo tagairt d'aon tuairimí a gheofar, nó go bhfoilseofar iad, ina n-iomláine nó go páirteach, in anailís chríochnaitheach ar na haighneachtaí go léir a gheofar. Ní shainaithneofar daoine aonair faoina n-ainm, áfach, agus ní chuirfear tuairimí i leith daoine ach amháin de réir tagairtí d'earnálacha ginearálta daoine e.g. íospartach coire, duine den phobal, etc.

Is ceart aon tuairimí a sheoladh mar a leanas:

Ríomhphost: reasons.project@dppireland.ie

Post: **'TIONSCADAL CÚISEANNA'**
Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí,
14-16 Sráid Mhuirfean Uachtarach,
Baile Átha Cliath 2.

le go sroichfear an Oifig tráth nach déanaí ná **Dé Luain, an 10 Márta 2008**

# RÉAMHRÁ

1.1 Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leis an Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1973. Is é an phríomhfheidhm a tugadh don Stiúrthóir faoin Acht ná ionchúisimh phoiblí agus nithe coiriúla gaolmhara a stiúrú agus a mhaoirsiú. Is ón nGarda Síochána, an phríomhghníomhaireacht náisiúnta imscrúdúcháin, a thagann bunáite na gcásanna coiriúla a ndéileálann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí leo. Bíonn cásanna áirithe ann, áfach, a sheoltar chuig ón Oifig ó ghníomhaireachtaí speisialaithe a bhfuil cumhachtaí imscrúdúcháin acu, lena n-airítear na coimisinéirí Ioncaim, ranna Rialtais, an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta, an tÚdarás Iomaíochta, an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach, Coimisiún Ombudsman an Gharda Síochána agus údaráis áitiúla.

1.2 Gné an-luachmhar den Oifig is ea neamhspleáchas an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Dearbhaítear go sonrach san Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974 go mbeidh an Stiúrthóir "neamhspleách ag comhlíonadh a fheidhmeanna dó". Áirithítear cosaint an neamhspleáchais sin le hAcht 1974 trína cheangal ar an Stiúrthóir agus ar a chuid oifigeach gan aird a thabhairt ar chumarsáid ná ar uiríoll más cur isteach míchuí é ar chomhlíonadh a bhfeidhmeanna. Ceann de phríomhfheidhmeanna na hOifige is ea a chinneadh ionchúiseamh a thabhairt nó gan é a thabhairt i gcás coiriúil. Go dtí seo is é an cur chuige a bhí ann in Éirinn roimh bhunú Oifig an Stiúrthóra ionchúiseamh Poiblí agus i ndiaidh bhunú na hOifige i 1974, gan cúiseanna a thabhairt i dtaobh cinnidh gan ionchúiseamh a thabhairt, ach amháin go príobháideach, do na Gardaí nó d'údaráis imscrúdúcháin eile. Ceist chonspóideach ba ea í seo ó am go ham agus i 1983 leagadh dearcadh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí amach sa ráiteas seo a leanas chuig na nuachtáin:

> "Tagraíonn an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí do ghlaonna a bhí ann le déanaí ar ráiteas uaidh faoi na cúiseanna ba bhun le nolle prosequi a thaifeadadh i gcás ar leith. Is é breith an Stiúrthóra go bhfuil cosc air ráiteas a eisiúint in aon chás. Na tosca dá dtagraítear anseo ina dhiaidh seo, agus go háirithe na samplaí a thugtar, is de chineál iad a bhfuil feidhm ghinearálta acu agus níor chóir féachaint orthu ar dhóigh go mbeadh aon fheidhm ar leith acu maidir leis an gcás inar taifeadadh an *nolle prosequi*.
>
> Bhí sé mar ghnáthchleachtadh do-athraitheach, ar feadh i bhfad sular bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, staonadh ó chúiseanna a thabhairt i dtaobh cinntí gan ionchúisimh choiriúla a thionscnamh nó gan dul ar aghaidh leo. Lean an Stiúrthóir den chleachtadh sin. Tá cúis chomhéigneach leis. Má thugtar cúiseanna i gcás amháin nó níos mó, ní mór iad a thabhairt i ngach uile chás. Murach sin, is amhlaidh a bhainfear conclúidí míchearta as

na cúiseanna i ndáil leis na cásanna sin ina ndiúltaítear iad a thabhairt, as a leanfaidh impleachtaí éagóracha faoi chiontacht an amhrastaigh nó an iarchúisí, nó drochamhras i dtaobh míchleachtais. Más rud é, ar an láimh eile de, go dtugtar cúiseanna i ngach aon chás, agus gur cúiseanna seachas ginearáltachtaí plásánta iad, is soiléire agus is dóchúla fós a bheidh na hiarmhairtí éagóracha. I mionlach na gcásanna, is é a leanfadh as na cúiseanna nach ndéanfaí aon dochar nó éagóir eile do cháil duine. I móramh na gcásanna, bheadh sé deacair nó dodhéanta toradh den chineál sin a sheachaint. Is minic gan aon bhaint ag an gcúis atá le neamh-ionchúiseamh le ceist ciontachta nó éigiontachta. Féadfaidh go dtarlódh sé, agus is minic a tharlaíonn, nach mbíonn fáil ar chruthúnas áirithe, cruthúnas teicniúil b'fhéidir, is cruthúnas ar den riachtanas é leis an gcás a shuíomh. Féadfaidh gur bás tobann a bhíonn i gceist nó finné an-riachtanach a dhul thar lear. B'ionann agus ciontú gan triail i dtuairim an phobail a chraoladh gur toisc den chineál sin ba chúis aonair le neamh-ionchúiseamh, agus a cheilt na cosanta ar an duine a thugtar le scrúdú cúramach anailíseach i gCúirt oscailte ar an gcás ina choinne. I gcásanna eile tharraingeodh sé pian agus damáiste gan ghá ar dhaoine seachas an t-amhrastach na cúiseanna áirithe le neamh-ionchúiseamh a fhoilsiú, i gcásanna ina dtagann cineálacha áirithe iomraill chun léire i bhfinné atá beartaithe.

Más féidir modh éigin a cheapadh faoina bhféadfadh an Stiúrthóir na cúiseanna atá lena chinntí a chur in iúl don phobal, gan aon éagóir a dhéanamh, cuirfidh sé i ngníomh go fonnmhar é. Ó am go ham cáintear a Oifig toisc gan í a bheith in ann freagra a thabhairt ar fhiafraithe ó pháirtithe leasmhara amhail íospartach coire nó teaghlach íospartaigh den sórt sin. Ar an drochuair, ní heol don Stiúrthóir aon mhodh inar féidir cúiseanna a thabhairt, in iliomad cásanna, gan éagóir a dhéanamh. Dar leis gurbh ionann agus éagóir a dhéanamh, aon imeacht aige ón gcleachtadh atá bunaithe go daingean, gan ceanglas sonrach chuige sin a bheith forchurtha air le dlí. Tharlódh sé freisin go leanfadh iarmhairtí dlíthiúla tromchúiseacha dá bharr."[3]

**1.3** I dTuarascáil Bhliantúil 1998, pléadh arís an cheist i dtaobh cúiseanna a thabhairt maidir le cinntí gan ionchúiseamh a thionscnamh. D'athdhearbhaigh an Oifig an cur chuige atá léirithe thuas agus chuir sí an méid seo a leanas leis:

"Is beag eile is féidir a chur leis le haon tairbhe [agus tagairt á déanamh do ráiteas 1983]. Féadfaidh go bhfuil sé tábhachtach, áfach, a mheabhrú don léitheoir go bhfuil léiriú sa ráiteas ar cheisteanna ceartais nádúrtha lena gceiltear ar an Stiúrthóir agus ar a Oifig cúiseanna a thabhairt. Ní hé nach bhfuil ann ach polasaí óna bhféadfaí eisceachtaí a dhéanamh mar a cheapfaí

3 Ráiteas leis an bPreas a d'eisigh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, 22 Iúil 1983, arna atáirgeadh in Oifig an Stiúrthóra Ionchuiseamh Poiblí *Tuarascáil Bhliantúil 1998*, Baile Átha Cliath, 1999, Aguisín 7.

a bheith cuí. Thairis sin, ní riail í a d'fhionn nó a d'fhoirmligh an Stiúrthóir nó a Oifig. Bhí sí ann i bhfad rompu araon. D'athdhearbhaigh an Chúirt Uachtarach í mar riail cheart in H v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí [1994] 2 IR 589.

Is amhlaidh, áfach, a dhéanann oifigigh a eisíonn treoracha ó Oifig an Stiúrthóra cúiseanna leis na cinntí a thabhairt don Gharda Síochána nó don ghníomhaireacht thuairiscithe eile. Féadfaidh gur beag gá atá leis an cúiseanna sin nuair is é an cinneadh ionchúiseamh a thionscnamh. Tá siad tábhachtach, áfach, más é an cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh, go háirithe mura bhfuil an cinneadh sin ag teacht le moladh a rinne an Garda Síochána. Ar leith ó aon chúinse eile, is cosaint é an cleachtadh don Oifig agus do na hoifigigh atá i gceist ó aon tuairim i dtaobh míchleachtais nó mala fides. Féadfaidh sé tarlú gur mór an cúnamh don Gharda Síochána nó don ghníomhaireacht eile é ó am go ham i leith cásanna sa todhchaí. Chomh maith leis sin thabharfaí cúiseanna freisin gan aon cheist don Ard-Aighne sa chás go n-iarrfadh sé iad nó d'aon ghníomhaireacht phoiblí eile ar leas feidhmiúil léi iad amhail Roinn Rialtais iomchuí. . ."[4]

**1.4** Is léir ó ráiteas 1983 nach raibh an Oifig in aghaidh cúiseanna a thabhairt i bprionsabal le gan ionchúiseamh a thionscnamh, ach gur braitheadh gurb é an toradh praiticiúil a bheadh ar chúiseanna a thabhairt go bhféadfadh éagóir leanúint de. Aithníodh dhá ní ab ábhar buartha agus a d'fhéadfadh a bheith ina n-iarmhairtí diúltacha ar chúiseanna poiblí a thabhairt:

- D'fhéadfadh sé, in iliomad cásanna, amhras a chaitheamh ar éigiontacht duine agus toimhde na neamhchiontachta a shárú dá réir sin dá dtabharfaí cúis áirithe, de mhalairt ar 'ginearáltacht phlásánta (ar nós, mar shampla, nárbh fhéidir ionchúiseamh a thionscnamh as an bhfianaise), ar toimhde í nach féidir a dhíchur ach amháin le triail i gcúrsa cuí an dlí i gcúirt oscailte mar a mbíonn ionadaíocht chomhionann ag cúisí.
- D'fhéadfadh sé dochar nó damáiste a dhéanamh do dhea-cháil nó clú duine a d'fhéadfadh a bheith ina fhinné, cúiseanna a thabhairt, mar shampla, trína rá nár síleadh go raibh finné iontaofa.

**1.5** Bhí cúinsí difriúla i gceist nuair a thugtar cúiseanna faoi rún do dhaoine atá ag obair laistigh den Gharda Síochána nó de ghníomhaireacht éigin eile de chuid an Stáit, a mbaineann a gcuid oibre leis an gcás ar dhóigh éigin. Sa chomhthéacs sin, mar a léirítear thuas, ba é an polasaí a bhí ann

4 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí *Tuarascáil Bhliantúil 1998*, ar lch. 22.

ná cúiseanna a thabhairt. Féachadh go raibh gá leis an bpolasaí sin d'fhonn léiriú a thabhairt d'oifigigh eile faoi gcaoi ar chóir cásanna sa todhchaí a láimhseáil. Cosnaíonn sé an Oifig freisin ó amhras ar bith i dtaobh cleachtais mhíchuí mó malae fides, trí chuntasacht a áirithiú, bíodh sin go príobháideach, laistigh de chomhthéacs an chomhoibrithe i measc gníomhaireachtaí agus oifigigh stáit.

# 2 CÚISEANNA LE CINNTÍ – COMHTHÉACS & CÚLRA

**2.1** Mar a luadh i gcaibidil a haon, is é polasaí an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí (DPP) le fada, agus sular bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i 1975,[5] polasaí Oifig an Ard-Aighne, gan cúiseanna a thabhairt le cinneadh ionchúiseamh a thabhairt, nó gan é a thabhairt, i gcásanna ar leith.[6] Sa chás go dtionscnaítear ionchúiseamh, tiocfaidh na cúiseanna chun soiléire i gcúrsa na n-imeachtaí. Cé go dtugtar cúiseanna don Gharda Síochána nó do ghníomhaireacht imscrúdúcháin eile i gcásanna nach dtugtar ionchúiseamh ina leith, is é an polasaí ginearálta a bhí ann gan cúiseanna a thabhairt do ghearánaigh ná do theaghlaigh daoine atá básaithe. Uaireanta, mar shampla, nuair nach dtagann imscrúdú chun cinn de bharr imscrúdú coiriúil dá dtugtar an-phoiblíocht, is amhlaidh a tháinig na cúiseanna a bhí leis sin chun bheith ina n-ábhar díospóireachta poiblí. Sa chomhthéacs sin, tharla sé uaireanta go mba ábhar conspóide nó cáinte polasaí na hOifige gan aon chúiseanna athabhairt.

## AN CHÚIRT EORPACH UM CHEARTA AN DUINE

**2.2** An cheist i dtaobh cúiseanna a thabhairt le cinneadh ó na húdaráis ionchúisimh phoiblí gan ionchúiseamh a thabhairt, tháinig sí chun cinn le déanaí os comhair na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine sa chás *An Iordáin v An Ríocht Aontaithe*.[7] Tugann an cinneadh sin faoi chaibidil a chomhoiriúnaí i gcoitinne leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine[8] atá polasaí forleitheadach gan cúiseanna le gan ionchúiseamh a thabhairt. Chointinn an t-iarratasóir, inter alia, go raibh mainneachtain an DPP i dTuaisceart Éireann cúiseanna a thabhairt le nár tionscnaíodh ionchúiseamh in aghaidh comhaltaí de na seirbhísí slándála a d'úsáid fórsa marfach in aghaidh duine den phobal ina sárú ar Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (CECD) maidir leis an gceart chun na beatha.[9]

5 Tar éis achtú an Achta um Ionchúiseamh i gCionta 1973.

6 *Supra*, n.3.

7 (2003) 37 EHRR 52.

8 An Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint, Sraith Conarthaí Uimh. 5; 213 Sraith Conarthaí na Náisiún Aontaithe 221, lenar cuireadh le prótacail ina dhiaidh sin.

9 Foráiltear mar a leanas le hAirteagal 2 den CECD:
"1. Cosnófar le dlí ceart an uile dhuine chun na beatha. Ní bhainfear a bheatha de dhuine ar bith ach amháin i bhforghníomhú pianbhreithe tar éis é a chiontú i gcion dá bhforáiltear don phianbhreith sin le dlí.
2. Maidir le beatha a bhaint ní mheasfar é a bheith forchurtha de shárú ar an

I dtús báire thug an Chúirt roinnt tuairimí ginearálta maidir le héifeacht Airteagal 2:

> "An dualgas an ceart chun na beatha a chosaint faoi Airteagal 2 den Choinbhinsiún, á léamh i gcomhcheangal le dualgas ginearálta an Stáit faoi Airteagal 1 den Choinbhinsiún "na cearta agus na saoirsí a mhínítear sa Choinbhinsiún a áirithiú do gach aon duine laistigh [dá] dhlínse", ceanglaíonn sé freisin, trí impleacht, gur chóir go mbeadh cineál éigin imscrúdúcháin oifigiúil éifeachtaigh ann nuair a mharaítear daoine mar thoradh ar fhórsa a úsáid . . . Ní mór don scrúdúchán a bheith éifeachtach freisin sa chiall go bhféadfaidh cinneadh leanúint de i dtaobh an raibh nó nach raibh bonn ceartais leis an bhfórsa a úsáideadh i gcásanna den sórt sin chomh maith le céannú agus pionósú na ndaoine sin a bhí freagrach . . . níor mhór go mbeadh eilimint dhóthanach den iniúchadh poiblí san imscrúdúchán nó sna torthaí a leanann de chun go mbeidh cuntasacht ann ó thaobh cleachtais de chomh maith lena bheith ann go teoiriciúil."[10]

**2.3** Maidir leis an mioncheist shonrach i dtaobh ar ceanglaíodh nó nár ceanglaíodh ar DPP Thuaisceart Éireann faoi Airteagal 2 cúiseanna thabhairt lena chinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh, Chonclúidigh an Chúirt mar a leanas:

> "Meabhraíonn an chúirt gur oifigeach dlí neamhspleách an DPP ar ar leagadh freagracht i dtaobh a chinneadh ionchúisimh a thabhairt nó gan iad a thabhairt i leith aon chionta coiriúla a d'fhéadfadh a bheith déanta ag oifigeach póilíneachta. Níl aon cheangal air cúiseanna a thabhairt faoi aon chinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt agus ní dhearna sé amhlaidh sa chás áirithe seo. Níl aon dúshlán ann ar mhodh athbhreithniú breithiúnach chun a cheangal air cúiseanna a thabhairt i dTuaisceart Éireann, cé gur féidir a rá gurb é an chaoi a bhfuil sé i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, mar a bhféadfaidh an giúiré coiste cróinéara fíoraisc báis neamhdhleathaigh a thabhairt i gcónaí, go bhfuil ceangailte ag na cúirteanna ar an DPP athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt i bhfianaise fíoraisc den sórt sin, agus go n-athbhreithneoidh siad an leor iad na cúiseanna sin. Ní féidir leis sin tarlú i dTuaisceart Éireann, áit nach gceadaítear a thuilleadh do ghiúire coiste cróinéara fíoraisc a eisiúint faoi dhlíthiúlacht nó neamhdhlíthiúlacht an bháis.

---

gCoinbhinsiún seo nuair is ann dó mar thoradh ar úsáid fórsa nach mó é ná mar is gá go habsalóideach.
(a) i gcás duine a chosaint ó fhoréigean neamhdhleathach;
(b) d'fhonn gabháil dleathach duine a chur in éifeacht nó éalú duine atá faoi choimeád dleathach a chosaint;
(c) i dtaca le gníomh a glacadh go dleathach d'fhonn círéib nó éirí amach a chur faoi chois."

10 *supra,* n. 7, ag lgh. 86-88.

> Ní chaitheann an Chúirt amhras ar neamhspleáchas an DPP. Sa chás, áfach, ina mbíonn cleachtas imscrúdúcháin na bpóilíní féin faoi amhras i leith easpa neamhspleáchais agus nach féidir iniúchadh poiblí a dhéanamh air, is mó fós an tábhacht atá leis an oifigeach a chinneann ionchúiseamh a thabhairt nó gan é a thabhairt an chuma a bheith air go bhfuil sé neamhspleách in chuid cinnteoireachta. I gcás nach dtugtar aon chúiseanna maidir le heachtra chonspóideach lena ngabhann úsáid mharfach fornirt, féadfaidh sé nach spreagfaidh an méid sin féin muinín ar thaobh an phobail ina leith. Ceileann sé rochtain ar fhaisnéis freisin ar theaghlach an íospartaigh maidir le ní a bhfuil an-tábhacht leis óna dtaobhna de agus coisceann sé aon dúshlán dlí i leith an chinnidh.
>
> Sa chás seo, lámhachadh agus maraíodh Pearse Jordan le linn é a bheith neamharmtha. Is cás é, i bhfocail na gcúirteanna baile, lena ngabhann éileamh an-láidir ar mhíniú. Níor cuireadh in iúl don iarratasóir, áfach, cén fáth ar breathnaíodh ar an lámhach mar ní nach mbaineann cion coiriúil leis nó nárbh fhiú an t-oifigeach lenar bhain an cás a ionchúiseamh. Ní raibh aon chinneadh réasúnaithe ar fáil le pobal imníoch a chur ar a gcompord go raibh meas ar an riail dlí. Ní féidir breathnú ar an méid sin mar ní atá ag teacht le ceanglais Airteagal 2, mura rud é go raibh an fhaisnéis sin ag teacht chun cinn ar dhóigh éigin eile. Ní mar sin a bhí an scéal, áfach."[11]

**2.4** Ar a laghad ar bith dealraíonn sé gur údarás é an cás don tuairim go gceanglaítear le hAirteagal 2 den CECD, i gcásanna a bhaineann le gníomhairí fórsa marfach a úsáid, gur chóir na cúiseanna le gan ionchúiseamh a thabhairt a chur ar fáil do theaghlach an duine éagtha. Ar ndóigh ní phléitear an cheist ar aon dóigh atá mion sa bhreithiúnas agus dealraíonn sé nach bhfuil aon bhreithniú ar na himpleachtaí a ghabhann le cúiseanna a thabhairt i leith cearta Coinbhinsiúin páirtithe eile, amhail an t-amhrastach nó na finnéithe. Thairis sin, ní phléitear an méid de mhionléiriú nó sainghnéitheacht na gcúiseanna a bheidh le thabhairt.

**2.5** Cuma cén soiléiriú a dhéanfar ar an scéal in *Jordan*, dúisíonn an cinneadh an cheist i dtaobh a chomhoiriúnaí atá polasaí foriomlán gan cúiseanna le hionchúiseamh a thionscnamh a thabhairt leis an CECD. Sa chomhthéacs sin, dealraíonn sé gur cuí tabhairt faoin athbhreithniú seo.

**2.6** Is mó fós an tábhacht a ghabhann le Cinneadh *Jordan* i bhfianaise achtú agus teacht in éifeacht an Achta fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003. Ceanglaítear leis an Acht seo go ndéanfaidh gach aon organ den Stát, faoi réir aon fhorálacha reachtúla nó aon rialach dlí, a gcuid

11 *ibid.,* at pp. 91-92.

feidhmeanna a chomhlíonadh ar dhóigh atá ag teacht le oibleagáidí an Stáit faoin gCoinbhinsiún[12] agus go léirmhíneoidh cúirteanna dlíthe na hÉireann, a mhéid is féidir, ar mhodh atá ag teacht leis an gCoinbhinsiún.[13]

## ATHBHREITHNIÚ BREITHIÚNACH

**2.7** Ceadaítear leis an Athbhreithniú Breithiúnach don Ard-Chúirt feidhm mhaoirseachta a chomhlíonadh chun a chinntiú go ngníomhóidh comhlachtaí poiblí de réir an dlí agus seasamh leis an dlí sa riarachán poiblí. Le linn di an fheidhm athbhreithnithe bhreithiúnaigh a chomhlíonadh[14] ní cás leis an Ard-Chúirt tuillteanais cinntí comhlachtaí nó binsí poiblí. Tríd is tríd is amhlaidh a bhaineann cinneadh ó comhlacht poiblí le cothroime na nósanna imeachta agus le dlínse bhailí a bheith ann, agus ní le tuillteanais cinnidh ó chomhlacht poiblí. Chomh maith le nós imeachta agus dlínse, bonn eile, cé gur bonn an-teoranta é, le haghaidh athbhreithniú breithiúnach a ghabhann le tuillteanais cinnidh, is ea réasúntacht. Féadfar cinneadh ó chomhlacht poiblí a chaitheamh amach in athbhreithniú breithiúnach ar an bhforas go raibh sé neamhréasúnach.[15] Is foras an-teoranta é sin, áfach, agus is annamh a thagann sé chun cinn. Go deimhin, chun go n-éireodh le dúshlán ar fhoras na réasúntachta, níor mhór go mbeadh cinneadh an chomhlachta phoiblí chomh míréasúnta sin nach bhféadfadh aon duine réasúnach é a dhéanamh. Fiú i gcás ina meastar cinneadh a bheith lochtach, ní chuireann an Ard-Chúirt a chinneadh féin ina ionad i leith na dtuillteanas; is faoin gcomhlacht atá i gceist, más cuí, athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh, an tráth seo de réir nósanna imeachta cearta agus na bprionsabal ceart dlí.

### Athbhreithniú Ginearálta ar Chinntí an DPP

**2.8** Go ginearálta, bhí an-drogall ar na cúirteanna athbhreithniú a dhéanamh ar

12 An tAcht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine, 2003, in alt 3.

13 *ibid.*, in alt 2.

14 Féach, go ginearálta, Hogan and Morgan, *Administrative Law in Ireland*, 3rd ed. (Dublin, Round Hall Sweet and Maxwell, 1998); Bradley, *Judicial Review* (Dublin, Round Hall, 2000); De Blacam, Judicial Review (London, Butterworths, 2001).

15 Níos déanaí, tá comhréireacht cinnidh tagtha chun cinn ar fhoras le haghaidh athbhreithniú breithiúnach, cé gurb é tuairim roinnt tráchtairí gur athfhoirmliú é seo ar choincheap na réasúnaíochta.. Féach, go ginearálta, Hogan & Morgan, op cit, at pp. 655 - 663; Bradley, op cit, at pp. 637-669; J. Jowell & A. Lester, 'Proportionality: Neither Novel Nor Dangerous', in J. Jowell & D. Oliver, (eds), *New Directions in Judicial Review*, London, 1988, lgh. 51-72.

chinntí an DPP cuma arb í an cheist cinneadh ionchúiseamh a thionscnamh nó gan é a thionscnamh. Ó thaobh cleachtais de, is é an cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh is mó is dócha a bheith conspóideach. Maidir leis an gcinneadh ionchúiseamh a thionscnamh bíonn sé sin i gcónaí faoi réir an athbhreithnithe dheiridh, próiseas na trialach féin. Laistigh den phróiseas sin, féadfar an t-ionchúiseamh a fhoirceannadh ar bhealaí éagsúla: tríd an gcúirt trialach a dhíbhe an chúisimh ar an bhforas nach bhfuil cás leordhóthanach ann leis an gcúisí a thriail, agus féadfar an díbhe sin a dhéanamh ag éisteacht aon tráth tar éis an chuir chun trialach;[16] tríd an mbreitheamh ordú a thabhairt don ghiúiré an cúisí a éigiontú tar éis don chás ionchúisimh ag an triail teacht chun deiridh ar an bhforas nach bhfuil aon chás le freagairt aige; nó ar deireadh thiar leis an gcinneadh ón ngiúiré an cúisí a éigiontú ar na tuillteanais. Thairis sin, féadfar athbhreithniú breithiúnach a úsáid chun triail a chosc óna tarlú nó le moill a chur uirthi ar an bhforas go bhfuil éagothroime éigin i gceist i dtaca le nós imeachta, nó le mainneachtain ceanglas a chomhlíonadh i dtaca le nochtadh fianaise. Maidir le gníomhartha i leith athbhreithniú breithiúnach a bhfuil sé mar chuspóir acu triail a chosc nó a mhoilliú, luíonn siad thar scóip an pháipéir seo ar páipéar é atá teoranta do dhúshláin a thabhairt faoi chinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh.

**2.9** Is é an cás is suntasaí san athbhreithniú ar chinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh ná *An Stát v Curran*,[17] mar ar fhéach an t-iarratasóir a chur faoi deara go n-ionchúiseofaí é sa dlínse seo agus a ionchúiseamh i dTuaisceart Éireann a chosc dá réir.

Dhearbhaigh Finlay C.J.:

> "Maidir leis an DPP diúltaím freisin don aighneacht nach bhfuil aige ach rogha i leith ionchúiseamh a ionchúiseamh nó gan é a ionchúiseamh in aon chás áirithe a bhaineann go heisiach le luach phrofach na fianaise atá faoina bhráid. Arís, táim sásta go bhfuil iliomad tosca eile ann a d'fhéadfadh a bheith cuí agus ceart aige a chur san áireamh. . . Dá bhféadfaí, ar ndóigh, a léiriú go dtagann [an DPP] ar chinneadh *mala fide* nó gur tucaid mhíchuí nó beartas míchuí a spreag é, ansin d'fhéadfadh cúirt athbhreithniú a dhéanamh ar a chinneadh.[18]

16 Alt 4E, An tAcht um Nós Imeachta Coiriúil, mar a cuireadh isteach le halt 9 den Acht um Nós Imeachta Coiriúil 1999.

17 [1987] ILRM 225.

18 *ibid.*, ar 237.

**2.10** *Malae fides* a bheith ann nó tucaid mhíchuí nó beartas míchuí i dtaca le cinneadh ionchúisimh a dhéanamh, b'in iad an dá phríomhfhórsa a d'aithin Finlay C.J. ar a bhféadfadh na cúirteanna cinneadh de chuid an DPP a athbhreithniú, cé gur dhearbhaigh sé go sonrach nach ráiteas uileghabhálach a bhí ann maidir leis na forais i leith athbhreithniú i gcomhthéacs cinntí ón DPP. Rinne Walsh J. tagairt do réasúntacht cinnidh ionchúiseamh a thionscnamh nó gan é a thionscnamh mar fhoras i taca le cinneadh a athbhreithniú sa chás céanna, nuair a thuairimigh se mar a leanas:

> "...níl rud ar bith faoi bhráid na cúirte as a bhféadfaí tátal a bhaint le réasún go raibh an tuairim claonta nó gur tucaidí míchuí a spreag í..."[19]

**2.11** Maidir leis an gcinneadh is déanaí ón gCúirt Uachtarach in *Eviston v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [20] léiríonn sé go bhféadfadh foras breise a bheith ann le cinneadh ón DPP a athbhreithniú as sárú nó neamhláithreacht nósanna imeachta córa. Tá scóip shonrach na forbartha sin le cinneadh fós. In *Eviston,* d'athbhreithnigh an DPP an cinneadh tosaigh gan cion tráchta bóthair a ionchúiseamh, i gcás inar chaill an t-amhrastach stiúir ar a carr agus inar imbhuail sí faoi charr eile arbh imbhualadh é faoi deara bás thiománaí na feithicle eile. Cuireadh an cinneadh tosaigh gan ionchúiseamh a thionscnamh in iúl don amhrastach agus do theaghlach an éagaigh. Tar éis athbhreithniú inmheánach a spreagadh de thairbhe uiríll chuig an DPP a rinne athair an éagaigh, athraíodh an cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh agus cuireadh in iúl don amhrastach go ndéanfaí í a ionchúiseamh iarbhír. Sheas an Chúirt Uachtarach le cinneadh na hArd-Chúirte neamhniú a dhéanamh ar an gcinneadh ionchúiseamh a thabhairt. Chinn sí, cé go raibh an DPP i dteideal cinneadh níos luaithe gan ionchúiseamh a thabhairt a athbhreithniú agus teacht ar chonclúid difriúil, go mbeadh sé éagórach ionchúiseamh a thabhairt in imthosca ina gcuirtear in iúl d'amhrastach gurb é an cinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt, i gcás nach raibh aon fhianaise nua tagtha chun cinn.

Chinn Keane C.J.:

> "Ag breathnú ar an ábhar go hoibiachtúil, agus gach aon eilimint den chomhbhá leis an iarratasóir á cur go leataobh, ní mór dom teacht ar an gconclúid, in imthosca faoina n-admhaíonn an DPP go neamhbhalbh nach raibh aon fhianaise nua faoina bhráid nuair a athbhreithníodh an cinneadh, nár cuireadh nósanna imeachta córa a raibh sí ina dteideal sna himthosca go léir ar

19 *ibid*., ar 238.

20 [2002] 3 IR 260.

fáil don iarratasóir. Leanann sé as sin nach seasfar le ceanglais an Bhunreachta agus an dlí má éiríonn le hachomhairc an DPP sa chás láithreach seo."[21]

**2.12** Cé gur dhearbhaigh an Príomh-Bhreitheamh go sonrach go raibh, tríd is tríd, an DPP i dteideal cinneadh a fhreaschur i gcás nár tháinig aon fhianaise nua chun cinn,[22] dealraíonn sé, ar fhíorais an cháis, gur fhág easpa aon fhianaise nua chomh maith leis an bhfíoras go raibh an cinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt curtha in iúl don amhrastach (gan é a bheith curtha in iúl di go bhféadfaí an cinneadh ionchúisitheach a fhreaschur) go raibh cinneadh an Stiúrthóra ionchúiseamh a thabhairt faoi réir athbhreithniú.

**2.13** Is fiú a athdhearbhú freisin gurb é gurb é is éifeacht le himeachtaí maidir le hathbhreithniú breithiúnach san Ard-Chúirt, i gcás ina dtugtar faoiseamh cinneadh ó chomhlacht poiblí a neamhniú, ná a cheangal ar an gcomhlacht poiblí sin an chinneadh a athghlacadh de réir na bprionsabal ceart dlí (mura cinneadh é a neamhniú toisc nach bhfuil dlínse ag an gcomhlacht poiblí sa chéad áit). Ní dhéanann an Ard-Chúirt cinneadh an chomhlachta phoiblí, cinneadh an DPP sa chás áirithe seo, a athghlacadh. I gcás hipitéiseach, dá mbreithneoidh an Ard-Chúirt go raibh cinneadh ón DPP truaillithe le malae fides, is faoin DPP ansin a bheadh sé an cinneadh a athbhreithniú de réir prionsabal agus nósanna imeachta cuí.

### Athbhreithniú ar Chinntí an DPP Deimhniú a Dheonú de Bhun na Reachtaíocht um Chiontaí in aghaidh an Stáit.

**2.14** Cur chuige níos srianta atá i réim i ndáil le hathbhreithniú breithiúnach i gcás ina gcinneann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí, de bhun an Achta um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939, cás a tharchur lena thriail chuig an gCúirt Choiriúil Speisialta. Dhiúltaigh na cúirteanna ar roinnt ócáidí[23]

21 *ibid.*, ar 299.

22 *ibid.*, ar 298.

23 Féach *Savage v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [1982] ILRM 385; *O'Reilly agus Judge v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [1984] ILRM 223. Féach, freisin, *Kavanagh v Éire* [1996] 1 IR 321, ar 339 nuair a dhearbhaigh Laffoy J.: "Baineann deimhniú an Stiúrthóra faoi alt 47, fo-alt 2, dar liom, le hearnáil theoranta cinntí ar rialaigh an Chúirt Uachtarach, ar fhorais polasaí, ina leith nach bhfuil siad in-athbhreithnithe ach amháin go feadh méid an-teoranta agus, dá réir sin, i mo thuairimse, ar údarás *An Stát (McCormack) v Curran* [1987] ILRM. 225 agus *H. v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [1994] 2 IR 589, níl deimhniú an Stiúrthóra in-athbhreithnithe d'uireasa *malae fides* ar thaobh an Stiúrthóra nó go raibh sé faoi thionchar spreagadh míchuí nó beartais mhíchuí." (Bhain *Kavanagh* le hiarratas chun deimhniú le haghaidh trialach a d'eisigh an Stiúrthóir de bhun Acht 1939 a neamhniú i ndáil le cionta nár chionta

athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh ón DPP cion a dheimhniú mar chion a bhí mí-oiriúnach lena thriail sna gnáthchúirteanna. In *Savage v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [24] leag Finlay P. amach an réasúnaíocht a bhí leis an gcur chuige sin:

> "... Má bhí an chointinn a rinneadh thar ceann na ngearánaithe sa chás seo ceart agus má bhí tuairim an DPP ba ghá le haghaidh deimhniú a d'eisigh sé de bhun a. 46, fo-a. 2 d'Acht 1939 in-athbhreithnithe ag cúirt, ansin, ar chás *prima facie* a shuíomh i bpléadálacha ó aon duine a cuireadh chun trialach de bhun deimhniú den sórt sin go raibh roinnt de na nithe arna n-éileamh leis an alt, i dtuairim an DPP gan a bheith fíor, nó gur tuairim a bhí ann a bhí bunaithe ar fhaisnéis bhréagach, nó tátal earráideach ó fhíorais a suíodh nó a cuireadh in iúl don DPP, ba ghá don stiúrthóir, d'fhonn seasamh leis an deimhniú a d'eisigh sé agus don Chúirt Choiriúil Speisialta chun go mbeadh dlínse aici ar an gcás a cuireadh ar aghaidh, ar dheimhniú uaidh, chun trialach aici a nochtadh i gcúirt oscailte faoi dhlíthíocht ar thionscnamh an chúisí féin, an fhaisnéis, an t-eolas agus na fíorais go léir ar ar bhunaigh sé a thuairim. Is léir go bhfágfadh sé sin, mar cheist phraiticiúil, go mbeadh oibriú Chuid V d'Acht 1939 dodhéanta i gcás thriail aon chiona neamhsceidealta ag an gCúirt Choiriúil Speisialta le linn í a bheith bunaithe agus ar marthain. Ba dhodhéantacht ó thaobh na slándála de faisnéis mar sin a nochtadh i gcúirt oscailte faoi imthosca ina bhfuil daoine ag iarraidh forais bhunaithe an Stáit a bhaint dá mbonna agus dhéanfadh se iomlán alt 46, fo-alt 2 d'Acht 1939 a thruailliú é a léiriú chun gur ghá é sin."[25]

## An DPP a thabhairt cúiseanna

**2.15** Maidir le beartas láithreach an DPP gan cúiseanna a thabhairt le cinneadh gan ionchúiseamh, tá sé formhuinithe ag an gCúirt Uachtarach. In *H v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí*,[26] ghlac O'Flaherty J. leis na hargóintí a cuireadh ar aghaidh go mbeadh sé míchóir a chur faoi deara don DPP cúiseanna a thabhairt.[27] Leagadh amach na hargóintí sin sa sliocht seo a leanas den bhreithiúnas:

---

neamhthreascracha iad). Níor éirigh leis an iarratasóir agus rialaigh an Chúirt gur mhainnigh an t-iarratasóir *malae fides,* nó polasaí nó spreagadh míchuí a shuíomh i dtaca leis an deimhniú a eisiúint. Sheas an Chúirt Uachtarach le cinneadh na hArd-Chúirte. In imeachtaí ina dhiaidh sin, bhí Coiste na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine den tuairim nach raibh triail an Uas. Kavanagh i gcomhréir le hAirt. 26 den Chúnant Idirnáisiúnta um Chearta Sibhialta agus Cearta Polaitíochta. Cumarsáid Uimh. 819/1998, tuairimí an Choiste um Chearta an Duine dar data an 4 Aibreán 2001 (CCPR/C/71/D 1819/1998 26 April 2001).

24 [1982] ILRM 385.

25 *ibid.* ar 389.

26 [1994] 2 IR 589.

27 *ibid.* ar 601-602.

> "Tá sé curtha faoinár mbráid ag an Uas. Haugh A.S. gur réasúnaíocht cheart é seo [i.e an cur chuige in *McCormack v Curran*, ag 237] agus gur minic a bheith cúiseanna maithe láidre ann leis an bhfáth go gcinnfeadh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a thionscnamh agus ina mbeadh sé míchuí go dtabharfaí a chuid cúiseanna isteach san airéine phoiblí. Luann sé roinnt samplaí féinmhínitheacha amhail i gcás nach mbeadh cruthúnas ciontachtachta ag teacht chun cinn ainneoin go mbeadh an-drochamhras ann faoi chiontacht ar thaobh an chúisí agus, dá réir sin, go mbeadh sé an-mhícheart ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ráiteas a thabhairt arb é ba éifeacht leis nach bhféadfadh aon dóchas a bheith aige go gciontófaí duine, ainneoin go raibh drochamhras air go raibh duine éigin ciontach. Thairis sin, áitíonn sé nach bhfuil sé cuí in aon chás ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí freagra a thabhairt ar líomhain – a dhearbhaítear i dtéarmaí ginearálta, agus gan aon chruthúnas – gur innsteoir póilíneachta é an tUas. M agus gurb é sin a chúis nach bhfuil fonn ar an stiúrthóir ionchúiseamh a thionscnamh ina aghaidh. Luann an tUas. M gurb é an cás i ngach aon dlínse nach nochtfaidh aon údarás ionchúisimh freagrach foinsí a gcuid faisnéise go deo toisc go gcaithfidh siad céannacht gach foinse a nochtadh má nochtann siad í in aon chás áirithe."[28]

**2.16** Dealraíonn sé go n-aithníonn an sliocht sin thuas dhá bhunchúis le polasaí nach dtabharfaí cúiseanna a ghlacadh, (a) toisc nár mhór é a chur i bhfeidhm i ngach uile chás agus d'fhéadfadh an toradh a bheith leis go líomhnófaí coiriúlacht in aghaidh duine i gcás nach raibh dóthain fianaise ann le cion a shuíomh agus (b) go bhféadfadh sé an bonn a bhaint de rúndacht fhoinsí an Gharda. Chonclúidigh O'Flaherty J:

> "Is é an dearcadh a ghlac an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nár cheart dó, go ginearálta, cúiseanna a thabhairt in aon chás ar leith i dtaobh cén fáth nár thionscain sé ionchúiseamh toisc nach mór súil a bheith leis déanamh amhlaidh i ngach uile chás má dhéanann sé é sin in aon chás amháin. Sheasfainn leis an dearcadh sin mar cheann atá ceart."[29]

**2.17** Lean O'Flaherty J. ar aghaidh sa bhreithiúnas uaidh in *H* le huireasa oibleagáide ar thaobh an DPP cúiseanna a thabhairt leis an scóip theoranta atá ann d'athbhreithniú breithiúnach ar chinntí an DPP. Agus *International Fishing Vessels Limited v Aire na Mara*[30] á lua mar shampla, mar ar chinn an Ard-Chúirt go raibh dualgas ar an Aire cúiseanna a thabhairt le ceadúnas iascaigh a thabhairt nó gan é a thabhairt, tharraing O'Flaherty J. aird ar

28 *ibid*.

29 *ibid*., ar 603.

30 [1989] IR 149.

an difríocht idir an cur chuige i ndáil leis an DPP agus an cur chuige i ndáil leis an Aire trína thabhairt faoi deara go raibh cinneadh an Aire in-athbhreithnithe ag cúirt agus dá réir sin, gur fhág sé bacainn an-mhór sa bhealach ar athbhreithniú breithiúnach dá ndiúltófaí cúiseanna le cinneadh a thabhairt.[31] Chuaigh O'Flaherty J. ar aghaidh leis an tuairim seo a leanas:

> "Dhealródh sé mar sin, ós rud é gur as an ngá le hathbhreithniú breithiúnach iomlán a éascú a eascraíonn an dualgas le cúiseanna a thabhairt, nach gá cúiseanna a thabhairt mar gheall ar an idirghabháil theoranta atá ar fáil i gcomhthéacs chinntí an Stiúrthóra."[32]

**2.18** Is údar breise leis an tuairim nach bhfuil aon oibleagáid ar an DPP cúiseanna a thabhairt tuairimí Finlay C.J. sa chás níos luaithe, *McCormack*:[33]

> "Sa dara háit, tá mé sásta maidir leis na fíorais a thagann chun cinn as an mionnscríbhinn agus as na doiciméid, nach bhfágann siad as an áireamh go bhféadfadh cinneadh ceart bailí ón DPP gan an t-achomharcóir a ionchúiseamh laistigh den dlínse seo a bheith ann, agus toisc gur mar sin atá an scéal, nach féidir glaoch air chun a chinneadh a mhíniú ná cúiseanna leis an gcinneadh a thabhairt ná na foinsí faisnéise ar ar bunaíodh é."[34]

## An DPP cúiseanna a thabhairt le *nolle prosequi* a thaifeadadh

**2.19** Is lú údarás atá ann maidir leis an gceist níos sonraí ar chóir a chur faoi deara don DPP cúiseanna a thabhairt le *nolle prosequi* a thaifeadadh, is é sin, le hionchúiseamh a tharraingt siar tar éis é a bheith tionscanta, ainneoin go mb'fhéidir go gceapfaí go mbeadh an réasúnaíocht is bun leis an diúltú ginearálta cúiseanna a thabhairt, arna bhformhuiniú ag na cúirteanna, chomh infheidhme céanna sa chás áirithe seo. Ar an láimh eile, d'fhéadfaí a áiteamh go bhfuil ualach cruthaithe de thairbhe an DPP a chinneadh ionchúiseamh a thionscnamh, is ualach le freaschur ar an gcinneadh a mhíniú d'fhonn a áirithiú go bhfuil muinín i riar an cheartais, ar rud é bhféadfaí an bonn a bhaint de dá mbeadh an chuma ar an scéal gur glacadh cinntí contrártha

31 *ibid.,* ar 601-602.

32 *ibid.*, ar 603.

33 Dealraíonn sé gur tuairimí i leataobh na tuairimí seo, ós rud é nár chas an cás ar cé acu an féidir a cheangal ar an DPP cúiseanna a thabhairt. D'fhéadfaí na áiteamh, áfach, gur gá go bhfuil ceist an athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoitinne nasctha leis an gceist i dtaobh cúiseanna a thabhairt, ós rud é, mura gá cúiseanna a thabhairt, go bhfuil an poitéinseal le haghaidh athbhreithnithe bhreithiúnaigh i bhfad níos teoranta.

34 [1987] ILRM 225.

ag tráthanna éagsúla i ndáil leis an ní céanna gan aon chúis leis de réir dealraimh. Bhí dhá chinneadh Éireannacha ann mar a raibh an chuma ar an scéal gur dhírigh siad ar an gceist i dtaobh cúiseanna le *nolle prosequi* a thabhairt, agus tá údaráis áirithe ann as Sasana agus an Bhreatain Bheag a dhearbhaíonn go sonrach nach bhfuil oibleagáid ar an DPP cúiseanna a thabhairt do chúirt le *nolle prosequi* a thaifeadadh.

**2.20** Tuairimíonn Ryan & Magee mar a leanas:

> "Maidir le fiat *nolle prosequi* is ag an Ard-Aighne amháin a bhí sé infheidhme ón tús ach ó 1974 i leith bíonn sé á fheidhmiú ag n Stiúrthóir i ndáil leis na cásanna sin a bhfuil freagracht air ina leith. Go stairiúil ábhar sainphribhléide ba ea é agus dá réir sin dhiúltaigh na cúirteanna Sasanacha go leanúnach aon rialú breithiúnach a fheidhmiú i dtaca lena oibriú [*R v Allen* 1 B & S 850, *R v Comptroller of Patents* [1899] 1 QB 909]. D'aistrigh Airteagal 49 den Bhunreacht cumhacht sainphribhléide chuig na Daoine lena fheidhmiú ag an Rialtas. Dhealródh sé nár athraigh sé sin tuairim chúirteanna na hÉireann i ndáil le cineál absalóideach dochoiscthe an fiat."[35]

**2.21** Leanann na húdair ar aghaidh leis *An Stát (Killian) v An tArd-Aighne*[36] a lua inar dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach ordú mandamus a eisiúint á chur faoi deara don Ard-Aighne ionchúiseamh a thabhairt. Dhearbhaigh Maguire C.J. gurb é a bhí i gceist sa chás "cé acu an féidir leis an gCúirt seo cur isteach ar an Ard-Aighne i bhfeidhmiú a chumhachta a chinneadh an rachfar nó nach rachfar ar aghaidh le hionchúiseamh."[37] Chonclúidigh Maguire C.J., tar éis athbhreithniú gairid ar údaráis ghinearálta áirithe i dtaobh an bhféadfadh na cúirteanna (de mhalairt ar ionchúisitheoir) imeachtaí úra a ordú i gcás ina raibh nolle prosequi taifeadta (suíonn na húdaráis nach féidir leis na cúirteanna déanamh amhlaidh) mar a leanas:

> ". . . go mbeadh sé dochosanta ag an gcúirt seo a bhfuil á iarraidh a dhéanamh, eadhon, cur isteach ar an Ard-Aighne trína ordú dó ionchúiseamh a thabhairt, go háirithe nuair a d'fhág sé soiléir é nár shíl sé gur ceart déanamh amhlaidh."[38]

**2.22** In *An Stát (O'Callaghan) v Ó hUadhaigh*[39] ba í an phríomhcheist an bhféadfaí imeachtaí úra a thionscnamh nuair a bhí *nolle prosequi* taifeadta. Dhaingnigh

35 E. Ryan & P. Magee, *The Irish Criminal Process*, Dublin, 1983, lch. 76.

36 92 ILTR 182.

37 *ibid.*, ar 183.

38 *ibid.,* at 183.

39 [1977] IR 42.

Finlay P. ordú toirmisc lenar coisceadh imeachtaí úra a thabhairt. Ach bhí sé sin teoranta d'fhíorais an cháis[40] agus suíonn údaráis eile nach ndéanann *nolle prosequi* imeachtaí úra a chosc ar bhonn ginearálta.[41] In aon chás, in *An Stát (O'Callaghan) v Ó hUadhaigh*[42] dhearbhaigh Finlay P. obiter mar a leanas:

> "Féadtar a argónú go dealraitheach go bhfuil ag an DPP, chomh maith leis an gcumhacht reachtúil sonrach seo, an ceart céanna atá aon dlíthí os comhair na gCúirteanna gan dul ar aghaidh le cás."[43]

**2.23** Ós rud é nach bhfuil aon dualgas ginearálta ar dhlíthí an chúis atá le haistarraingt imeachtaí a mhíniú do chúirt, tá an chuma ar a bhfuil ráite anseo go dtacaíonn sé leis an tuairim nach bhfuil, ar an gcaoi chéanna, dualgas ar an DPP déanamh amhlaidh.[44] D'ainneoin an údaráis thuas, tá dearbhaithe ag an Stiúrthóir go bhféadfaidh sé, in imthosca eisceachtúla, a mheas gur cuí dó cúiseanna de chineál nóis imeachta nó riaracháin a thabhairt le *nolle prosequi* a thaifeadadh.[45]

### Plé eile ar an gceist: An Cúigiú Tuarascáil Déag ón Roghchoiste Dála um Choireacht, Aindlí agus Loitiméireacht

**2.24** Rinne an tIar-Roghchoiste Dála um Choireacht, Aindlí agus Loitiméireacht cuntasacht an DPP a bhreithniú sa chúigiú tuarascáil déag uaidh Ionchúiseamh i gCionta, a foilsíodh go luath i 1987.[46] Féadfar breathnú ar

40 Bhí trí chomhdhíotáil curtha i leith an chúisí a bhain le sraith cionta éagsúla, ach nuair a tharla an triail ar deireadh thiar, rialaigh an breitheamh trialach nach raibh dlínse aige ach leis an gcéad díotáil a thriail, ar aon ábhar amháin. Bhí sé mhí caite faoin am sin ag an gcúisí faoi choimeád ar athchur. Thaifead an tAbhcóide don DPP *nolle prosequi* agus thug sé le fios go ndéanfaí an cúisí a athghabháil agus a chúiseamh sna cionta céanna. Chinn Finlay P. go mba ionann an cur chuige sin a cheadú agus a chumasú don ionchúiseamh rialú contrártha a sheachaint trí *nolle prosequi* a úsáid mar oirbheart chun imeachtaí úra a thionscnamh, agus an tréimhse faoi choimeád ar athchur a chur ar neamhní.

41 Féach freisin *An Stát (Walsh) v Lennon* [1942] IR 112; *Kelly v An Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí* [1997] 1 ILRM 69. Féach, mar shampla an plé in Walsh, D., *Criminal Procedure,* Dublin, Thomson Round Hall, 2002, pp. 814-817.

42 *supra* n.39.

43 *ibid.*, ar 51.

44 See Ryan & Magee, *op cit,* lch. 263.

45 "Faoi imthosca eisceachtúla thabharfadh cúirt cúiseanna de chineál nóis imeachta agus/nó riaracháin i gcás inar bonn iad le cinneadh gan leanúint d'imeachtaí" Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí *Tuarascáil Bhliantúil 1999*, Baile Átha Cliath, 2000, lch. 17.

46 An Cúigiú Tuarascáil Déag ón Roghchoiste um Choireacht, Aindlí agus Loitiméireacht: Ionchúiseamh i gCionta. (PL 4703), a phléitear in Casey, *The Irish Law Officers*, Dublin, Round Hall Sweet and Maxwell, 1996, p. 265 *et seq.*

an tuarascáil i gcomhthéacs an mhéid a thuairiscigh an Coiste mar

> "... an leibhéal méadaitheach míshuaimhnis sa phobal á chur in iúl faoi oibriú agus éifeachtacht an chórais chun cionta a ionchúiseamh. Go háirithe, bhí imní fhorleathan i dtaobh cinntí áirithe a ghlac an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a thabhairt i gcásanna áirithe... Bhí mórimní mhéadaitheach ann faoi na nósanna imeachta a bhí ann i dtaca le cásanna coiriúla áirithe a ionchúiseamh. Ba é ba mhó ba údar imní an cheist i dtaobh cinntí a ghlac an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ionchúiseamh a thabhairt i gcásanna áirithe."[47]

**2.25** Chomh maith le hoibriú Oifig an DPP a scrúdú, rinne an Coiste scrúdú freisin ar ról an Gharda Síochána i dtaca le cionta a ionchúiseamh.

**2.26** Rinne an Coiste roinnt fionnachtana maidir le saincheist chuntasacht an DPP, agus tháinig sé ar an tátal:

> "Go bhfuil géarghá le nós imeachta a sholáthar faoina bhféadfar cinntí an DPP a athbhreithniú. I dtaca le teacht ar an tátal sin, níl an Coiste ag ceistiú feilteacht aon chinntí a ghlac an DPP. Is é a bhfuil géarghá leis nós imeachta faoina bhféadfar a dheimhniú don phobal nach é amháin go bhfuil an ceartas á chur i gcrích, ach go bhfuil an pobal sásta faoi gur mar sin atá an scéal i ndáiríre."[48]

**2.27** Thug an Coiste faoi deara go bhfuil cleachtas atá cosúil lena bhfuil in Éirinn an tráth sin á leanúint i roinnt dlínsí eile, eadhon Sasana agus an Bhreatain Bheag, Albain agus an Astráil. Thug sé faoi deara freisin maidir leis an nós imeachta le haghaidh comhchomhairliúchán idir an DPP agus an tArd-Aighne dá bhforáiltear in alt 2(6) den Acht um Ionchúiseamh i gCionta 1974 nár bhain sé de neamhspleáchas an DPP agus mhol sé go bhféadfaí meicníocht éigin a bhunú faoina bhféadfaí an pobal a shásamh faoi chinntí an DPP gur féidir iad a ghrinnbhreathnú.[49] Rinne an Coiste trí chur chuige a d'fhéadfadh a bheith ann chun aghaidh a thabhairt ar an gceist.

**2.28** I dtús báire, leag an Coiste amach nós imeachta faoina bhféadfadh an tArd-Aighne dul i gcomhairle leis an DPP i ndáil le cinntí gan ionchúiseamh a thabhairt ar cinntí iad a bhí conspóideach.[50] D'fhéadfadh an tArd-Aighne an comhad ar ar bunaíodh cinneadh an DPP a scrúdú. Cé gur

47 An Cúigiú Tuarascáil Déag ón Roghchoiste um Choireacht, Aindlí agus Loitiméireacht: Ionchúiseamh i gCionta (PL 4703) ag 1.1 agus 1.2.

48 *ibid.*, ag paragraf 3.3.

49 *ibid.*, ag paragraif 3.7-3.10.

50 *ibid.*, ag paragraif 3.10.

faoin DPP a bheadh sé cinneadh críochnaitheach a dhéanamh, faoin moladh sin bheadh an rogha ag an Ard-Aighne a chraoladh gur glacadh an cinneadh an cinneadh ar bhonn critéar dlí lenar easaontaigh sé nó sí, tar éis comhchomhairlí agus pléití iomlána. Thug an Coiste dá aire go raibh nósanna imeachta a bhí sách cosúil leo ar fáil sa RA agus san Astráil, mar ar féidir ceisteanna parlaimint a chur chuig an Ard-Aighne (ar gnách gur comhalta den Pharlaimint é nó í sna dlínsí sin) i ndáil le cinntí áirithe gan ionchúiseamh a thabhairt.

**2.29** Is é an dara moladh a leag an Coiste amach ceann le haghaidh bealach grinnbhreithnithe éigin ag an bhfeidhmeannacht nó ag an reachtas ar chinneadh an DPP gan ionchúiseamh a thabhairt.[51] Thug an Coiste faoi deara go ndealródh sé go sáródh grinnbhreithniú den chineál sin ag an bhfeidhmeannacht an cuspóir a bhí le hOifig neamhspleách an DPP a bhunú. Mhol an Coiste, áfach, go mb'fhéidir go bhféadfaí nós imeachta a shuíomh faoina bhféadfadh coiste den Oireachtas fiosrúcháin a dhéanamh leis an DPP nó leis an Ard-Aighne i ndáil le cinntí conspóideacha gan ionchúiseamh a thabhairt. Thug an Coiste dá aire go mba ghá machnamh an-chúramach a dhéanamh faoi nós imeachta den sórt sin sula bhféadfaí é a chur i bhfeidhm.

**2.30** Ba é an tríú moladh a breithníodh ceann le haghaidh córais faoina dtabharfaí cead do dhuine a bhí míshásta le cinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt athbhreithniú breithiúnach ar an gcinneadh a lorg.[52] Dhearbhaigh an Coiste go raibh sé báúil leis an moladh sin, cé gur thug sé faoi deara go raibh sé ráite go bhféadfadh agóidí bunreachtúla a bheith ann ina aghaidh. Bhí an Coiste den tuairim go mbeadh comhairle dlí ag teastáil uaidh maidir leis an gceist sin.

**2.31** Ar deireadh thiar, mhol an Coiste go nglacfaí leis an gcéad mholadh atá leagtha amach thuas.[53] Is léir, áfach, nár cuireadh an moladh sin i bhfeidhm riamh, agus gur leanadh leis an gcleachtas céanna in Oifig an DPP maidir leis an gceist i dtaobh cúiseanna a thabhairt le gan ionchúiseamh a thionscnamh tar éis don Choiste a thuarascáil a fhoilsiú. Féadfaidh gur míniú amháin air sin go bhféadfaidh go raibh sé neamh-indéanta moladh den sórt sin a oibriú go praiticiúil. Pléitear i gcaibidlí níos déanaí an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag forbairtí sa todhchaí sa réimse seo.

51 *ibid.*

52 *ibid.*

53 *ibid.,* ag paragraif 3.11.

# 3 ATHMHEAS AR AN BHEARTAS REATHA GAN CÚISEANNA A THABHAIRT

## An bonn dlí le hathrú ar chleachtas Oifig an DPP i ndáil le cúiseanna nár tionscnaíodh ionchúiseamh a thabhairt

**3.1** Níl aon fhoráil reachtúil ann maidir leis an gcleachtas reatha nach dtugtar cúiseanna le cinntí agus níl aon údarás ann a choiscfeadh ar an oifig a beartas a mhodhnú faoin ní seo. D'fhéadfadh impleachtaí dlí a bheith ag gabháil le athrú ar bheartas, áfach. Sa chaibidil seo scrúdaítear na príomhcheisteanna dlí a bheadh le réiteach dá n-athrófaí an beartas agus déantar iarracht tionchar aon athraithe a dhéanfaí a mheas.

**3.2** Ceann de na príomhargóintí ar son athrú beartais ná gur fearrde trédhearcacht agus cuntasacht I riaradh an cheartais cúiseanna a thabhairt, sa caoi nach mbeidh aon amhras ann go raibh droch-chleachtas ar bun ná *mala fides* le linn cinntí ionchúisimh a bheith á ndéanamh. Is féidir a mhaíomh freisin gur mó an mhuinín a bhíonn as cothroime an chórais ionchúisimh nuair a bhíonn tuiscint níos iomláine ag íospartaigh, oifigigh laistigh den chóras agus an pobal i gcoitinne cén fáth a ndearnadh cinneadh áirithe. Is chun leasa íospartach, leas a muintire, agus a gcairde gaoil gur léir go seastar an ceart sa chás áirithe, agus ar leibhéal níos ginearálta is féidir a rá gurb é leas an pobail é a chinntiú go bhfuil cuntasacht ann i riaradh reacht an dlí. Má bhíonn beartas i bhfeidhm faoina mbeadh an Oifig níos cuntasaí don phobal d'fhéadfaí athdhearbhú a thabhairt gur tar éis breithniú iomlán cuimsitheach a dhéanamh ar na fachtóirí go léir a dhéantar cinntí.

## Saincheisteanna dlí a éiríonn as cúiseanna nach dtionscnófaí ionchúiseamh a thabhairt

**3.3** Nuair atá aon athrú ar bheartas reatha á bhreithniú ní mór sé shaincheist fhíorthábhachtacha a chur san áireamh:

a) Dea-cháil amhrastach a chosaint;

b) Dea-cháil finnéithe a chosaint;

c) Gur féidir dochar a dhéanamh d'fhorbairtí sa thodhchaí i gcás áirithe, má fhoilsítear ábhar íogair;

d) Foinsí póilíní a chosaint;

e) Ar chóir ráitis a dhéanann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le cúiseanna nár tionscníodh ionchúiseamh a bheith faoi phribhléid; agus

f) An mbeidh feidhm ag cúinsí dlí sonracha i ndáil le *nolle prosequi* a thaifeadh.

Déantar meas níos mionsonraithe ar an méid sin thíos. Déantar scrúdú gairid freisin ar shaincheisteanna na trédhearcachta, na cuntasachta agus déanamh cinntí níos éifeachtaí.

### Dea-cháil amhrastach a chosaint

**3.4** Ceann de na príomhargóintí i gcoinne cúiseanna nár tionscníodh ionchúiseamh a thabhairt i bhfoirm ar bith ná dá ndéanfaí amhlaidh go bhféadfaí amhras a chaitheamh ar neamhchiontacht amhrastaigh ach nach mbeadh na cosaintí a théann leis an bpróiseas trialach ag an duine sin. D'fhéadfadh sé sin tarlú go fiú i gcásanna nach n-ainmnítear amhrastach ach go bhfuil sé so-aitheanta in imthosca an cháis. D'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'amhrastach fiú mura mbeadh ach líon sách beag daoine a d'fhéadfadh tátal a bhaint maidir le cé hé an duine is dóigh a bheith faoi amhras.[54] Tá dhá argóint dlí is féidir a chur chun tosaigh i gcoinne a leithéid de ráiteas a scaoileadh ar an mbonn sin amháin: dea-cháil duine a chosaint agus an toimhde neamhchiontachta.

### Cosaint Dea-Cháile sa Bhunreacht agus sa Choinbhinsiún Eorpach

**3.5** Cosnaítear dea-cháil duine le hAirteagal 40.3.2° den Bhunreacht, leis an dlí coiteann agus le tort an chlúmhillte. Dúradh i líon áirithe cásanna go bhfuil baint idir dlí an chlúmhillte i gcoitinne agus an ceart bunreachtúil chun dea-cháile.[55]

54 Sa chlúmhilleadh éiríonn ceist aitheantais an pháirtí chlúmhillte uaireanta. Chun clúmhilleadh a shuíomh, is leor an duine a bheith inaitheanta le réasún ag duine amháin ar a laghad. Tá ráite ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dhlí "cuid riachtanach de thort an chlúmhillte an gearánaí a bheith aitheanta sa ráiteas a bhfuil gearán á dhéanamh faoi. Ní mór don ghearanaí an breitheamh a shásamh gur féidir le réasún é a aithint ón ráiteas. Ní mór dó ansin an giúiré a shásamh gurbh eisean an duine dár dtagraíodh le fírinne. I bhformhór na gcásanna ainmnítear an gearanaí, áfach, I gcásanna eile B'fhéidir go mbeidh fianaise eistreach riachtanach. . . Ní chuireann an tástáil aitheantais i gcuntas de réir an dlí choitinn an rún a bhí ag an gclúmhillteoir. . . I gcásanna áirithe féadfaidh an gearanaí a shuíomh gur aithníodh agus gur clúmhilleadh é go neamhdhíreach d'ainneoin nár tagraíodh dó ar dhóigh ar bith sa leabhal líomhnaithe", *Consultation Paper on the Civil Law of Defamation*, Baile Átha Cliath, 1991, lch. 22-24. In *Berry v Irish Times* [1973] IR 368, thug McLoughlin J. an sainmhíniú seo ar chlúmhilleadh mar fhoilsiú a bhfuil an claonadh leis díobháil a dhéanamh do chlú duine in intinn daoine dea-aigeanta agus dúirt sé: "ní chiallaíonn sé na daoine sin go léir ach gan ach cuid de na daoine sin, b'fhéidir fiú gan ach duine amháin, mar má bhaintear an meas a bhí ar a chlú de ghearanaí dar le roinnt daoine nó go fiú le duine amháin baineann díobháil áirithe dó" (380). Is fiú suntas a thabhairt dó freisin nach mór an t-ábhar a líomhnaítear a bheith clúmhillteach a chur in iúl nó a fhoilsiú do dhuine nó do dhaoine seachas an páirtí a mhaíonn go ndearnadh clúmhilleadh air.

55 Hogan agus Whyte, *Kelly: The Irish Constitution*, 4ú eagrán, 2003, leathanaigh 141-1412.1

### Cosaint a thugtar don toimhde neamhchiontachta

**3.6** Cosnaítear an toimhde neamhchiontachta leis an dlí coiteann, leis an Bhunreacht, (Airteagal 40.3.2°) agus leis an gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (Airteagal 6(2)).[56] Dearbhaíodh é in *Hardy v Ireland*[57] go bhfuil stádas bunreachtúil ag an toimhde neamhchiontachta agus gur cuid í de cheanglas bunreachtúil do thriail i cúrsa cuí an dlí a ráthaítear le Airteagal 38.1. Tá an toimhde neamhchiontachta aitheanta ag na Cúirteanna freisin mar ghné de cheart atá ag duine chun dea-cháile. Dúirt Gannon J. in *An Stát (O'Rourke and White) v Martin*[58] go raibh ag gach duine a thriailtear ar ionchúiseamh coiriúil "tairbhe na toimhde chun neamhchiontachta chun a dhea-cháil agus a shlí bheatha a chosaint. . .".[59] Tá tábhacht faoi leith leis an toimhde neamhchiontachta sa phróiseas coiriúil mar tá ceangal doscaoilte aici le saoirse duine ar choinneáil a choimirciú.[60] Ó tharla gur féidir cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh a athbhreithniú ar ball, nuair a thagann fianaise nua chun cinn, mar shampla, ní mór tábhachta na toimhde neamhchiontachta a chur san áireamh d'ainneoin nach bhfuil an t-amhrastach i mbaol láithreach a shaoirse a chailliúint.

### Dualgas ar an Stát sárú ar chearta an duine a chosc

**3.7** Is fiú suntas a thabhairt dó go suíonn cás-dhlí go bhfuil dualgas deoshéanta ar an Stát agus ar a orgáin sárú ar chearta an duine a chosc; tá dualgas orthu ní amháin na cearta sin a shuíomh tar éis iad a bheith sáraithe.[61] Tá suntas le tabhairt dó freisin gurb é an caighdeán cruthúnais ar ghearanaí i gcás bunreachtúil agus in imeachtaí clúmhillte dlí choitinn ná an gnáthchaighdeán sibhialta, i.e. cibé ceann is dóichí, ní hionann agus aon imeachtaí coiriúla áit nach mór don ionchúiseamh a chás a shuíomh thar amhras réasúnach.

---

measc na gcásanna a luaitear agus a ndéantar iad a phlé tá *Barrett v Independent Newspapers Ltd* [1986] IR 13; *Kennedy v Hearne* [1988] IR 481; *Hunter v Gerald Duckworth and Co Ltd* [2000] 1 IR 510; *Burke v Central Independent Television plc* [1994] 2 IR 61.

56 Tá leigheas I ndamáistí ar fáil i leith sáruithe ar an gCoinghinsiún Eorpach um Chearta an Duine de bhun an Achta um an gCoinghinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003.

57 [1994] 2 IR 550 (per Hederman J., ag 564-565).

58 [1984] ILRM 333.

59 *ibid.*, at 338.

60 Walsh, *Criminal Procedure*, Baile Átha Cliath, 2002, p. 729.

61 Mar shampla *ESB v Gormley* [1985] IR 129, ag 151; Hogan agus Whyte, *op cit,* p. 1296.

### Dea-cháil finnéithe a chosaint

**3.8** Má nochtar cúiseanna gan ionchúiseamh a thionscnamh d'fhéadfaí dochar a dhéanmh do chreidiúnacht agus deá-cháil finnéithe inaitheanta, agus dá réir sin d'fhéadfadh sé a fhágáil go mbeadh deis ann caingne clúmhillte a thionscnamh i gcoinne Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí nuair atá daoine indibhidiúla inaitheanta agus gan phribhléid reachtúil a bheith ann.

**3.9** D'fhéadfadh sé gur féidir ráiteas measartha dóthanach a sholáthar ar chúiseanna gan ionchúiseamh a dhéanamh agus an ráiteas sin a sholáthar gan faisnéis a nochtadh trína bhféadfaí finnéithe a meastar a bhfianaise a bheith amhrasach nó neamháititheach a shainaithint. Níor mhór aire a thabhairt, áfach, chun a chinntiú go gcuirfí cearta finnéithe san áireamh agus go gcosnófaí iad.

### D'fhéadfaí dochar a dhéanamh d'fhorbairtí sa thodhchaí i gcás áirithe, má fhoilsítear ábhar íogair

**3.10** Níor mhór a chinntiú, nuair a bheadh aon ráiteas faoi chúiseanna le cinntí nach dtionscnófaí ionchúiseamh nó aon ráiteas a bhaineann le cinneadh ionchúisimh á eisiúint nach ndéanfadh an t-eolas atá sa ráiteas dochar do chaingean a thionscnamh sa chás sa todhchaí.

### Foinsí póilíní agus páirtithe leasmhara eile a chosaint

**3.11** Aithníonn an dlí gur féidir gur gá foinsí póilíní a chosaint in imthosca áirithe. Tá diúltaithe freisin ag na cúirteanna athbhreithniú a dhéanamh ar chinntí a rinne an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí maidir le deimhniú a eisiúint de bhun reachtaíochta i dtaobh Cionta in aghaidh an Stáit (a bhfuil d'éifeacht léi a cheangal cosantóir a chur á thriail os comhair na Cúirte Coiriúla Speisialta), ar an mbonn go bhféadfaí slándáil an Stáit a chur i gcontúirt dá mbeifí chun ábhar ab fhéidir a bheith íogaire agus ar ábhar iomchuí é maidir le cinneadh den sórt sin a nochtadh sa chúirt oscailte.

**3.12** Déanfaidh breithiúna scrúdú ar ábar iad féin uaireanta nó glacfaidh siad le deimhnithe ó Abhcóide Ionchúisimh gur gá foinsí a chosaint.[62] Féadfaifh na cúirteanna freisin diúltú ábhar a chur ar fáil do chosantóir d'fhonn foinsí a chosaint (ach sin faoi réir eisceachta nuair is gá é a nochtadh chun a shuíomh go bhfuil an cúisí neamhchiontach).

62 Tharla sampla den rud deireanach sin in ionchúiseamh i leith dhúnmharú a fearchéile. Féach *DPP v Nevin*, nár tuairiscíodh, an Chúirt Achomhairc Choiriúil, 14 Márta 2003.

**3.13** D'fhéadfadh nithe den tsamhail chéanna a bheith i gceist i ndáil le páirtithe eile freisin nach foinsí póilíní iad ach a bhféadfaí gur mheasaide iad ar dhóigh éigin i gcás go scaoilfí eolas i dtaca le iad a bheith páirteach i gcás.

### Pribhléid

**3.14** Tá ceist le réiteach cé acu ba ráitis faoi phribhléid iad ráitis a dhéanfadh an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí ina nochtfaí cúiseanna le gan duine a ionchúiseamh. In imthosca áirithe bíonn díolúine ar dhliteanas i leith clúmhilleadh mar gheall ar phribhléid .

**3.15** Tá dhá chineál pribhléide[63] a bhféadfadh feidhm a bheith leo sa chomhthéacs seo: pribhléid iomlán agus pribhléid shrianta. Ina thuarscáil dar teideal *Cionta a Ionchúiseamh*, mhol Roghchoiste na Dála um Choireacht, Aindlí agus Loitiméireacht dá dtabharfaí isteach beartas cúiseanna a thabhairt le gan duine a ionchúiseamh nár mhór ráitis i dtaobh cúiseanna a bheith faoi phribhléid iomlán.[64] Tá an dlí maidir le pribhléid iomlán imrianaithe ag an gCoimisiún um Athchóiriu an Dlí mar seo a leanas:

> "Bíonn ráitis faoi pribhléid iomlán i gcásanna ina gceaptar sa dlí go bhfuil saoirse iomlán cumarsáide chomh riachtanach sin nach cóir aon chaingean i leith clúmhilleadh a cheadú, is cuma an bhfuil an ráiteas fíor nó cad é ceannfháth an chainteora. I gcásanna mar sin tá díolúine iomlán ó dhliteanas ag an gcainteoir, fiú má d'fhoilsigh sé na focail agus a fhios aige go hiomlán iad a bheith bréagach agus rún sainráite aige díobháil a dhéanamh don ghearánaí. Mar sin de, nuair is pribhléid iomlán an chosaint ní bhaineann mailís le hábhar. Díríonn staidéar ar an gcosaint ar na tráthanna a deirtear an phribhléid sin a bheith ar fáil."[65]

**3.16** Bíonn ráitis de chuid an Uachtaráin;[66] ráitis a dhéantar le linn imeachtaí parlaiminte agus foilseacháin oifigiúla Oireachtais;[67] ráitis a dhéantar le linn imeachtaí breithiúnacha;[68] agus cumarsáid idir aturnae agus cliant[69] faoi

63 Féach McDonald, *Irish Law of Defamation*, 2nd ed, Dublin, 1989, pp. 117-208; McMahon and Binchy, *Law of Torts*, 3rd ed, Baile Átha Cliath 2000, pp. 920-942; Price and Duodu, *Defamation Law, Procedure and Practice,* 3rd ed, Londain, 2004.

64 PL 4703 (1987), at 3.6.

65 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, *Páipéar Comhairliúcháin ar an Dlí Sibhialta maidir le Clúmhilleadh*, Baile Átha Cliath 1991, lch. 75.

66 Airteagal 13.8.1° den Bhunreacht.

67 Airteagal 15.12 den Bhunreacht agus féach An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, *op cit*, lgh. 75-76.

68 *ibid.*, lgh. 77-80.

69 *ibid.*, lch. 87.

phribhléid iomlán, mar shampla.

Tharlódh go mbeadh ráitis i dtaobh cúiseanna gan ionchúiseamh a thionscnamh a bheith faoi phribhléid shrianta. Is é an difear bunúsach idir pribhléid iomlán agus pribhléid shrianta nach mbaineann pribhléid srianta le mailís. Cuirtear dhá chritéar i bhfeidhm sa dlí coiteann chun a chinneadh an bhfuil pribhléid shrianta i gceist: an raibh dualgas nó leas sóisialta, dlí nó morálta ann chun an ráiteas a dhéanamh a n-éilítear pribhléid ina thaobh; agus an raibh dualgas nó leas ar thaobh an duine dá dtugtar an ráiteas é a fháil.

**3.17** Deir McMahon agus Binchy:

> "Ní féidir na huaireanta ar fad a aithnítear le dlí go mbeadh pribhléid srianta i gceist a shonrú. Agus níorbh inmhianaithe déanamh amhlaidh mar d'fhéadfadh go dtabharfaí le tuiscint gur liosta iata é rud nuair nach ea. Ní mar sin atá agus gan amhras beidh uaireanta nua ann sa todhchaí a mbeidh an dlí toilteanach iad a chur faoi phribhléid."[70]

**3.18** Is féidir go bhféadfaí a mhaíomh go bhfuil ráitis cúiseanna gan ionchúiseamh faoi phribhléid de réir an dlí choitinn. Mura mbíonn bac dlí ann d'fhéadfaí a mhaíomh go bhfuil leas éigeantach ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí na cúiseanna nár ionchúiseamh a chur in iúl d'íospartaigh coireachta agus b'fhéidir ar shlí níos ginearálta iad a chur in iúl don phobal agus do na meáin.

**3.19** Dóigh amháin chun déileáil leis an gceist ná foráil reachtúil a achtú lena dtabharfaí pribhléid do ráitis cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh.[71] Bíodh pribhléid iomlán nó pribhléid shrianta á tabhairt, is léir gur gá cúram a ghlacadh agus machnamh a dhéanamh agus aon fhoráil reachtúil den sórt sin a bheith á dréachtiú chun aghaidh a thabhairt ar na nithe iomaíocha a théann leis sin i ndáil le leas an phobail agus ar cás iad ó thaobh beartais agus bunreachta de.

70 McMahon agus Binchy, *Law of Torts,* 3rd ed, Baile Átha Cliath, 2000, *op cit*, mír. 34.163.

71 Tá pribhléid shrianta curtha ar fáil cheana féin ag alt 24 den Acht um Chlúmhilleadh, 1961, i roinnt teagmhas, ar a n-áirrítear tuairisciú imeachtaí i reachtais eachtracha; tuairisciú imeachtaí in eagraíochtaí idirnáisiúnta ar ball díobh an Stát, agus do thuairisciú comhaimseartha ar imeachtaí breithiúnacha ag na meáin. Féach *ibid*, lch. 928-942, maidir le plé maidir leis an ngaol idir pribhléid shrianta faoin dlí coiteann is infheidhme maidir le imeachtaí breithliúnacha agus an chosaint a thugtar faoi alt 24 d' Acht 1961.

**3.20** Is féidir suntas a thabhairt dó nach dócha ina lán cásanna díobháil a dhéanamh d'aon leas a bhfuil cosaint dlí aige cúis ghinearálta a thabhairt. Ní mar sin a bheadh, mar shampla, dá ndéarfaí nár tionscnaíodh ionchúiseamh mar gheall ar "easnamh fianaise". Ba dhóichí go maolfaí ceart a chosnaítear le dlí dá dtabharfaí cúiseanna mionsonraithe. Dá ndéarfaí nach ndeachthas ar aghaidh le cás de bhrí go bhfuair finné ar leith bás nó é nó í a bheith róbhreoite chun fianaise a thabhairt d'fhéadfaí a thabhairt le tuiscint go mbeadh cás ann in aghaidh amhrastaigh ar leith murach sin.

### Comhthéacs sonrach iontrála *nolle prosequi*

**3.21** Ba chóir breithniú a dhéanamh freisin cad é an difear a dhéantar i gcás *nolle prosequi* (scor le himeachtaí atá ar siúl, trí fhoriarratas ón ionchúiseamh) a iontráil. B'fhéidir gur léir ó sheoladh na n-imeachtaí i gcásanna den sórt sin cén fáth nach bhfuiltear ag leanúint leis an ionchúiseamh. Dá ainneoin sin, b'fhéidir go mbeidh daoine ag dúil leis i gcásanna áirithe gur cóir cúiseanna a thabhairt le *nolle prosequi* a iontráil. Mar shampla má dhénatar *nolle prosequi* a iontráil gan míniú a thabhairt b'fhéidir go mbeidh tuairimíocht ann go bhfuil ceannfháth míchuí ann lena iontráil, amhail comhéigean ó choirpigh, an t-ionchúiseamh ag géilleadh do bhrú ó na meáin nó margadh 'amhrasach' a bheith déanta leis an gcosaint.

**3.22** Thairis sin, má fhionntar nach ndearna nó nach dtiocfaí go ndéanfadh an cúisí an cion (na cionta) a cúisíodh, b'fhéidir go mbeadh an cúisí fós faoi amhras mura dtugtar cúiseanna leis an *nolle prosequi* a iontráil. In imthosca den sórt sin, b'fhéidir go gceapfadh daoine eile nach de bharr substaint nó tuilleanais an ábhair nár leanadh den ionchúiseamh, ach gur easnamh cruthúnais theicniúil ba chúis leis.

### Trédhearcacht agus cuntasacht i riarachán poiblí

**3.23** Is féidir breithniú ar bheith ag tabhairt cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh mar rud atá ag teacht le treocht ghinearálta chun tuilleadh cuntasachta i riarachán poiblí in Éirinn, agus is léiriú páirteach ar an treocht sin Achtú an Achta um Shaoráil faisnéise 1997 agus an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995. Tá sé i gcomhréir le sraith de chinntí ó na cúirteanna faoi na hoibleagáidí atá ar chomhlachtaí poiblí ag féachaint do cheanglais an cheartais bhunreachtúil. Mar atá nótáilte ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí:

"sular tháinig an tAcht um Shaoráil Faisnéise i bhfeidhm 1997, bhíothas tar éis forceadal fairsing á cheangal ar chomhlachtaí riaracháin cúiseanna a thabhairt lena gcinntí bainte amach as coincheap an cheartais bhunreachtúil. Mar gheall ar chinntí amhail *An Stát (Creedon) v An Binse Cúitimh i leith Díobhálacha Coiriúla* [[1988] IR 51] and *International Fishing Vessels Ltd v Aire na Mara* [[1989] IR 149] bhí dlí-eolaíocht na hÉireann ag an gcéim ina bhféadfaí iarraidh ar gach binse nó comhlacht poiblí nach mór míniú de chineál éigin ar a laghad a sholáthar ar a gcinntí, pé scéal é má bhí imeachtaí athbhreithnithe breithiúnacha ar na bacainn."[72]

## Gnéasacht chun go mbeidh cinntí ionchúisimh á ndéanamh ar shlí níos éifeachtaí

**3.24** Tá an bharúil ann go mbeadh cinntí ionchúisimh á ndéanamh ar shlí níos cothroime agus níos éifeachtaí de bharr beartais cúiseanna le cinntí a thabhairt, sa mhéid gur mó an fonn a bheidh ar ionchúisitheoirí a chinntiú go bhfeicfí cinntí a bheith cothrom más mó an líon daoine a mbeidh rochtain acu ar na cúiseanna a bhí leis an gcinneadh agus tá dlúthbhaint ag an mbarúil sin le saincheist is ginearálta na trédhearcachta agus na cuntasachta. Más eol d'ionchúisitheoir go ndéanfar an cúis leis an gcinneadh a nochtadh don pháirtí díobháilte, beidh sé nó sí an-chúramach chun an chúis a leagan amach go soiléir agus go loighciúil ar shlí atá inchosanta. Ní ionann sin agus a rá nach ndéantar cúiseanna a bhreithniú go han-chúramach agus a leagan amach go soiléir agus go loighciúil faoi na socruithe atá ann faoi láthair (cé nach dtugtar don pháirtí díobháilte iad) ach d'fhéadfadh sé go mbeidh an próiseas níos fearr nuair is eol go bhféadfadh sé tarlú go gcuirfear i gcoinne na cúiseanna sin.

**3.25** Nuair a dhéantar breithniú ar an ábhar seo den chéad uair, b'fhéidir gur dealraitheach, i gcás ina ndéanfaí athrú ar an mbeartas, nach ceart aon agóid a bheith ann i bprionsabal i gcoinne faisnéis a nochtadh faoi chásanna a cinneadh san am atá caite. Ach, dá mbeifí chun dul siar ar sheanchomhaid, bheadh gá le cuid mhór acmhainní agus ghlacfadh an obair cuid mhór ama. Le linn seanchomhad a scrúdú d'fhonn a fháil amach conas a déileáladh leis, chaithfí é a léamh chomh cúramach céanna le comhad reatha gan buntáiste faisnéise cúlra a bheith ar fáil sa chuid is mó cásanna, is é sin le rá, eolas faoi na pléití nó na comhráite teileafóin a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cuid mhór de na pearsana tábhachtacha ar fáil a thuilleadh, idir dhlíodóirí agus imscrúdaitheoirí, chomh maith le daoine a

72 An Coimisiún um Athchóiriú an Dlí, *Tuarascáil ar Phionóis i leith Mionchionta*, Baile Átha Cliath, 2003, lch. 43-44.

bhí faoi dhrochamhras agus finnéithe. D'fhéadfadh líon an-mhór comhad a bheith i gceist mar go mbíonn cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh ann i dtuairim is an tríú cuid de na comhaid go léir a fhaightear.

## TÁTAIL

**3.26** Tagann trí shaincheist mhóra chun cinn nuair atá na himpleachtaí d'athrú beartais á mbreithniú sa chaoi go dtabharfaí cúiseanna:

a) Is dócha go mbeidh sé deacair (I roinnt cásanna ar a laghad) ráitis éifeachtacha cúiseanna a thabhairt mar gheall ar an gcosaint bhunreachtúil agus an chosaint dlí eile a thugtar do dhea-cháil duine;

b) B'fhéidir go mbeidh fadhbanna ar leith ann i ndáil le cásanna ina bhfuil a fhios ag an bpobal cé hé nó cé hí an t-amhrastach;

c) B'fhéidir go mbeidh deis beagán níos fearr ann cúiseanna a thabhairt le *nolle prosequi* a iontráil ná na cinn a thugtar le gan ionchúiseamh ar an gcéad ásc, d'ainneoin nach léir ar fad é sin ón gcás-dhlí láithreach.

**3.27** Is léir gurbh fhéidir le ráitis mionsonraithe nó cuimsitheacha ar na cúiseanna gan ionchúiseamh amhras a chaitheamh ar neamhchiontacht amhrastaigh i gcásanna áirithe agus freisin ar chreidiúnacht agus dea-cháil finnéithe. Ní ceart beag is fiú a dhéanamh de na deacrachtaí a éiríonn sa réimse seo, go háirithe mura bhfuil ach leibhéal áirithe drochamhrais i gceist leis an bhfianaise i gcoinne an duine faoi dhroch-amhras. Dá ndéanfaí na fíorais is bun leis an droch-amhras a chur in iúl don ghearánach, nó do theaghlach an éagaigh, agus dá dtiocfaidís chun bheith ar eolas ag an bpobal i gcoitinne ina dhiaidh sin, d'fhéadfaí damáiste mór a dhéanamh don duine faoi dhroch-amhras atá i dteideal toimhde neamhchiontachta a bheith ann ina leith i gcúinsí nach ndéantar an bonn fíorasach leis an drochamhras a thástáil i gcúirt dlí. Ach d'fhéadfadh an Oifig beartas a ghlacadh maidir le cúiseanna ginearálta a thabhairt sa chuid is mó cásanna. D'fhéadfadh sé gurb inmhianaithe go mbeadh bonn reachtaíochta ann do bheartas den sórt sin. I dtéarmaí boinn shonraigh ionchasaigh reachtaíochta le haghaidh beartais den sórt sin, is léir go bhfuil roinnt pointí ábhartha ann:

- D'ainneoin nach bhfágfadh cur chuige na reachtaíochta per se go mbeadh aon athrú ar bheartas slán ó dhúshlán bunreachtúil, bheadh meáchan agus tacaíocht bhreise ag gabháil le cleachtas nua dá bharr.

- Ba léir go rabhthas ag caitheamh le cásanna de réir critéar socraithe agus, dá réir sin, chuirfí cúl le haon cháineadh go raibh cinntí go dtabharfaí nó nach dtabharfaí cúiseanna bunaithe ar nós imeachta riaracháin ad hoc nach raibh trédhearcach.
- Bíodh is gur féidir go bhfuil sé inmhianaithe, is dealraitheach nach gcoiscfí ar an Oifig a beartas a athrú agus gur féidir é sin a dhéanamh gan athruithe reachtacha a dhéanamh ach amháin, b'fhéidir, bonn reachtúil a chur le cosaint na pribhléide iomláine.

# 4 CÚISEANNA LE CINNTÍ: CUR CHUIGE IONCHASACH

**4.1** Tá roinnt cur chuige éagsúil maidir leis an gceist an cóir na cúiseanna a bhí le cinntí a thabhairt, agus más cóir conas is cóir é a dhéanamh. Is iad seo a leanas na ceisteanna is mó:

a) An cóir cúiseanna a thabhairt d'aon pháirtithe ach amháin an Garda Síochána nó gníomhaireacht eile imscrúdúcháin.[73]

b) Más cóir, cé dóibh a dtabharfaí. Tá aon duine nó gach duine díobh seo san áireamh: páirtithe díobháilte, gaolta le páirtithe díobháilte, (go háirithe páirtithe díobháilte éagtha), an pobal i gcoitinne, an Chúirt (i gcásanna nach leantar le hionchúiseamh).

c) Cé na cásanna inar cóir cúiseanna a thabhairt? Tá siad seo san áireamh: gach cás, gach cás tromaí, gach cás tromaí ina bhfuil foréigean pearsanta i gceist, nó liosta sonrach de chásanna, mar shampla dúnbhású, cionta éignaithe, nó cionta tromchúiseacha ina bhfuil foréigean pearsanta i gceist agus a ngabhann pionós ar leith leo. Ar deireadh, d'fhéadfaí foráil a dhéanamh gan cúiseanna a thabhairt ach amháin má iarrtar iad.

d) Cé chomh mionsonraithe is cóir an chúis a bheith? Tá a lán roghanna ann ar a n-áirítear: cúiseanna ginearálta amháin (mar shampla, gan dóthain fianaise nó nach é leas an phobail é ionchúiseamh), cúiseanna i gcoitinne ar dtús agus rogha cúiseanna níos sonraí a thabhairt má iarrtar iad, cúiseanna sonracha, más féidir, i ngach cás.

e) Cé dóibh is cóir an chúis a thabhairt don pháirtí díobháilte nó do na gaolta? Is iad seo na roghanna móra: an Garda atá ag plé leis an gcás, an dlíodóir atá ag plé leis an gcás, nó fostaí de chuid an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí arb í a fheidhm nó a feidhm cúiseanna a thabhairt do pháirtithe díobháilte.

f) Conas is cóir cúiseanna a thabhairt? Tá na roghanna seo san áireamh: teachtaireacht scríofa, cruinniú pearsanta, nó i scríbhinn ar dtús agus rogha a bheith ag an bpáirtí díobháilte cruinniú a iarraidh.

g) Conas is cóir plé le cásanna nach féidir cúiseanna mionsonraithe a thabhairt gan leas duine eile a bheith thíos leis? Is iad na príomhroghanna diúltú cúiseanna a thabhairt i gcásann den sórt sin, nó, más féidir, cúis an-ghinearálta a thabhairt más féidir é sin a dhéanamh

73 Ar a laghad, is léir gur gá, chun ár n-oibleagáidí faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine a chomhlíonadh, cúiseanna a thabhairt sna cúinsí a shainaithnítear in Jordan, féach fonóta 5, (2003) 37 EHRR 52.

gan díobháil a dhéanamh do leasanna an duine eile.

h) Cén uair is cóir cúiseanna a thabhairt don phobal mór? Tá na roghanna seo san áireamh: i ngach cás, gan iad a thabhairt riamh, nó i gcásanna inarb é leas an phobail é cúis a fhoilsiú go poiblí (mar shampla, chun chúl a thabhairt le míshuaimhneas nó amhras poiblí).

**4.2** Is léir gur féidir teaglamaí éagsúla a bheith ann de na freagraí is féidir a thabhairt ar na ceisteanna seo, mar sin de tá líon sách mór de mhúnlaí ionchasacha éagsúla ann. Tá sé i gceist líon de mhúnlaí ionchasacha a phlé thíos ach ní mór cuimhneamh air nach liosta iomlán é.

**4.3** An cineál eolais a thugtar braitheann sé freisin, sa mhórchuid de na dlínsí a ndearnadh suirbhé iontu, ar cé dóibh a bhfuil sé á thabhairt. De ghnáth, tugtar an t-eolas do na póilíní i dtosach, ansin don íospartach (íospartaigh), don Chúirt (má tá imeachtaí iomchuí ar bun)[74] agus b'fhéidir do na meáin agus do páirtithe leasmhara eile. Tríd is tríd, tugtar an t-eolas is mionsonraithe do na póilíní. Ina theannta sin, is féidir an t-eolas a thabhairt ar shlite éagsúla agus déantar breithniú níos mionsonraithe ar an ngné seo sa chaibidil dheireanach a bhaineann lehimpleachtaí le haghaidh foirne agus acmhainní.[75]

**4.4** Sa chaibidil seo, déantar scrúdú ar na himpleachtaí atá ag na múnlaí ionchasacha ar tríothu a d'fhéadfaí cúiseanna a thabhairt.

**4.5** Ní mór peirspictíocht na n-íospartach a bhreithniú freisin in aon phlé faoi chúiseanna le cinntí a thabhairt. An té is íospartach coire go díreach nó go neamhdhíreach, bíonn an-éifeacht aige sin ar a shaol nó a saol,

74 Ós rud é go mbíonn imeachtaí coiriúla go léir beagnach ar siúl i gcúirt oscailte a bhfuil rochtain ag na meáin uirthi , más rud é mar shampla go dtugtar cúiseanna le *nolle prosequi* a iontráil, is ionann dáiríre ráiteas a thabhairt sa chúirt agus an t-eolas a chur ar fáil do na meáin i gcomhthráth

75 Mar shampla, mar a phléitear san Aguisín, tá a mbeartas agus a gcleachtais i ndáil le cúiseanna le cinntí a thabhairt athmhúnlaithe ag Seirbhís Ionchúisimh na Corónach (CPS) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag. Mar chuid den scéim nua, tá trí chur chuige éagsúla ag an CPS maidir le cúiseanna le cinntí a thabhairt: múnla caighdeánach faoina bhfuil an t- ionchúisitheoir a thug an cinneadh freagrach as gach teagmháil scríofa agus teagmháil phearsanta le híospartaigh / páirtithe leasmhara i ndáil le cúiseanna a thabhairt; múnla do bhiúró eolais d' íospartaigh, faoina bhfuil aonad tiomnaithe freagrach go príomha in idirchaidreámh agus teagmháil a dhéanamh le híospartaigh / páirtithe leasmhara; agus múnla croschineálach, faoina bhfuil an t-ionchúisitheoie a bhí freagrach as an gcinneadh ionchúisimh agus oifigeach idirchaidrimh tiomnaithe araon páirteach i dteagmháil le híospartaigh / páirtithe leasmhara.

bíodh éifeacht choirp nó shiceolaíoch nó iad araon i gceist. I gcás nach dtionscnaítear ionchúiseamh, is amhláidh toisc nach dtugtar aon cúiseanna leis an gcinneadh sin go gcuirtear le mothúcháin anbhroide, frustrachais agus díth cúnaimh do dhaoine atá ag fulaingt cheana féin de thoradh coireachta. Má tá sé indéanta ag na húdaráis ionchúisimh cúiseanna gan ionchúiseamh a thabhairt d'íospartaigh, b'fhéidir gur fearr a thuigfeadh íospartaigh an tslí a bhfeidhmíonn an córas ceartais choiriúil, agus an réasúnú dlíthiúil taobh thiar den cinneadh a rinneadh sa chás ina bhfuil siad páirteach. Is cóir a aithint freisin, áfach, má thugtar cúiseanna le cinneadh gan ionchúiseamh, gur féidir gur mó anbhroid íospartaigh coireachta, go háirithe i gcás ina gceapann an t-íospartach go n-ardaíonn an chúis a thugtar ceisteanna i dtaobh chreidiúnacht an chuntais a thug sé nó sí ar an teagmhas lena mbaineann.

## MÚNLAÍ CLEACHTAIS

### Leanúint le beartas láithreach gan cúiseanna a thabhairt

**4.6** Is iad seo a leanas na príomh-bhuntáistí atá leis an gcur chuige láithreach atá ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, gan aon ráiteas a thabhairt i dtaobh na gcúiseanna nár ionchúisíodh éinne in aon chás áirithe:

a) Ní dhéantar aon líomhnachais maidir le neamhchiontacht nó le carachtar amhrastach ionchasach, agus mar sin de, ní sháraíonn an Oifig an chosaint bhunreachtúil agus an chosaint dlí choitinn a thugtar do dhea-cháil duine;

b) Ní dhéantar aon líomhnachais maidir le carachtar nó creidiúnacht finnéithe, agus sa tslí chéanna, mar sin de, ní sháraíonn an Oifig an chosaint bhunreachtúil agus an chosaint dlí choitinn a thugtar do dhea-cháil duine indibhidiúil sa chomhthéacs sin;

c) Ní measaide é leasanna eile, ar nós foinsí póilíní a chosaint, agus ní dhéantar aon dochar d'fhorbairtí sa todhchaí sa chás nó i gcásanna eile;

d) Is ionann an cleachtas a chuirtear i bhfeidhm i ngach uile chás, rud a chuidíonn lena chinntiú nach mbíonn aon bhraistint ann go bhfuiltear ag caitheamh le aon duine ar shlí míchothrom leatromach;

e) Ní chuirtear strus breise ar acmhainní Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, rud ba dhócha dá mba rud é nár mhór ráitis i dtaobh cúiseanna a ullmhú.

**4.7** Tá an baol do dhea-cháil duine a d'fhéadfadh a bheith ag baint le cúiseanna a thabhairt aitheanta go soiléir, ach d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar dhea-cháil duine in imthosca áirithe freisin toisc nach dtugtar na cúiseanna nár tionscnaíodh ionchúiseamh. An t-am is mó a bhíonn an fhadhb sin ann nuair atá eolas óna n-aithneofaí an duine os comhair an phobail cheana féin i dtaca le duine a gabhadh nó duine cúisithe. Go fiú nuair nach dtionscnaítear aon ionchúiseamh, is féidir go mbíonn tionchar seasmhach ann ar bhraistint an phobail maidir le ciontacht nó neamhchiontacht duine indibhidiúíl ó tharla go raibh drochamhras faoi nó fúithi. I gcás den sórt sin, mura dtugtar aon chúiseanna leis an gcinneadh gan ionchúiseamh, is féidir go mbeidh amhras ann, is cuma cé chomh tuairimeach nó míchothrom é, nach mar gheall ar thuillteanais an ábhair nár ionchúisíodh an duine, ach gurbh é ba chúis leis teicniúlacht dlí nó, go raibh míchuibheas nó claontacht ar thaobh na nGardaí nó an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mar cheannfháth leis an gcinneadh.

**4.8** Ar deireadh, is léir mar gheall ar chinneadh na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine in *Jordan v United Kingdom*,[76] ar a laghad i ndáil le forneart marfach a úsáid ag gníomhairí de chuid an Stáit mura dtugann na húdaráis ionchúisimh cúiseanna nár ionchúisíodh éinne, go sáraítear an ceart chun beatha mar a ráthaítear é le hAirteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.[77] Chomh maith le freagrachtaí faoi dhlí idirnáisiúnta, tá oibleagáid ar an Stát anois leis an Acht fán gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine 2003 ceanglais an Choinbhinsiúin a chomhlíonadh.

### An beartas reatha a choinneáil, faoi réir lín theoranta d'eisceachtaí, faoi nach dtabharfaí cúiseanna ach amháin do ghaolta daoine a cailleadh de bharr gníomhartha gníomhaire Stáit nó le linn dóibh a bheith faoi choimeád an Stáit

**4.9** Athrú íosta ar an gcleahtas atá ann go dtí seo ab ea an múnla seo agus chomhlíonfadh sé ceanglais Airteagal 2 den Choinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine mar atá leagtha amach i gcás *Jordan*. Ós rud é gur beag an líon cásanna ina bhfaigheann duine bás faoi choimeád, nó inar gníomhaire de chuid an Stáit is cúis le bás ní dhéanfadh athrú den sórt sin ar an mbeartas difear mór d'acmhainní láithreacha na hOifige. Na deacrachtaí

76 (2003) 37 EHRR 52.

77 Sraith Conarthaí na hEorpa N. 5,213 Sraith Conarthaí na Náisiún Aontaithe 222, arna bhforlíonadh le prótacail ina dhliaidh.

a aithníodh cheana féin, áfach, i ndáil le cúiseanna a thabhairt i gcoitinne d'fhéádfadh go mbeadh siad ann freisin sa chatagóir teoranta seo.

**Gan cúiseanna a thabhairt ach amháin i ndáil le catagóirí tromchúiseacha réamh-shainmhínithe cásanna, amhail dúnmharú, cionta gnéis nó cásanna eile ina bhfuil foréigean tromchúiseach i gceist. a mhéid is féidir sin a dhéanamh gan leasanna eile ag a bhfuil cosaint dlí a chur compromising, ar nós leasanna amhrastach, íospartach nó finnéithe**

**4.10** Athrú níos mó ar an mbeartas reatha ab ea an cur chuige seo. D'ainneoin nach dtabharfaí cúiseanna ach amháin i gcatagóirí cásanna réamhshocraithe, amhail dúnmharú nó ionsaí gnéis, is comhréir shuntasach d'obair fhoriomlán na hOifige a bheadh i gceist. D'ainneoin go mbeadh an catagóir cásanna ina dtabharfaí cúiseanna réamhshocraithe faoin múnla seo, d'fhéadfadh go mbeadh rogha fós ag an Oifig cúiseanna teoranta a scaoileadh nó cúiseanna a choinneáil siar in imthosca áirithe chun leasanna eile a chosaint amhail leasanna íospartach, amhrastach, finnéithe nó faisnéisithe. Sa tslí chéanna, thiocfadh leis an Oifig teorainn a chur leis an eolas a thabharfaí chun an baol go ndéanfaí dochar d'imscrúduithe sa todhchaí a laghdú.

**4.11** D'fhéadfadh nach féidir ráiteas an mhionsonraithe nó sásúil i dtaobh cúiseanna a thabhairt gan leasanna a aithnítear thuas a chur i mbaol. D'iarrfaí ar íospartaigh agus ar pháirtithe leasmhara eile i gcásanna den sórt sin dul ar iontaoibh na hOifige maidir lena cinneadh faoin ábhar.

**4.12** D'fhéadfadh go mbeadh fadhbanna ann freisin le linn na catagóirí cásanna ina dtabharfaí eolas a réamhchinneadh. Tá roinnt catagóirí ar léir iad agus a thagann chun cuimhne, amhail dúnmharú agus ionsaí gnéis, ach d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann na catagóirí a bheadh le háireamh a chinneadh. Mar shampla, rudaí a gceaptar le dlí gur cionta sách mion iad is féidir leo an-díobháil a dhéanamh agus iad á ndéanamh agus ó thaobh an toraidh a bhíonn orthu. Dá réir sin, b'fhéidir a lán cásanna ina gcuirtear isteach go mór ar íospartach a bheith fágtha as an áireamh faoin múnla seo. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann freisin le linn a chinneadh cé na cásanna inar gá níos mó mionsonraí a thabhairt, mar nuair atá tromchúis cionta agus a dtionchar á gcinneadh tá cuid de sin suibiachtúil.

### Cur chuige níos solúbtha ilshraitheach lena dtugtar cúiseanna mionsonraithe i gcásanna inar féidir déanamh amhlaidh, tugtar cúiseanna de chineál níos ginearálta sna cásanna sin ina bhféadfadh leas tábhachtach a chur i mbaol nó dochar a déanamh dó dá dtabharfaí cúiseanna mionsonraithe, agus ní thugtar aon chúiseanna i gcásanna ina bhféadfadh nó ina ndéanfadh ráiteas d'aon chineál (cibé acu ginearálta nó sách mionsonraithe) leas tábhachtach a chur i mbaol nó dochar a dhéanamh dó

**4.13** Bheadh i bhfad níos mó solúbthachta ann faoin gcur chuige seo, agus d'fhágfadh sé go mbeadh cead ag an Oifig cinneadh a dhéanamh ar bhonn gach cáis áirithe cé na comhaid ar chóir cúiseanna mionsonraithe a thabhairt ina leith, agus na comhaid a aithint ina bhfuil leasanna dlí iomaíocha faoi cheist, agus freagairt dá réir sin. Cheadófaí rogha a dhéanamh i ndáil le cíonta achoimre agus ní amhlaidh nach dtabharfaí cúiseanna ach amháin i gcatagóir beag de chionta réamhshocraithe.

**4.14** D'fhéadfadh na himpleachtaí acmhainne a bhaineann le cur i ngníomh an mhúnla seo a bheith an-mhór, áfach. Faoin múnla seo ní bheadh aon chatagóir réamhshocraithe cáis ina mbeadh beartas ginearálta ag an Oifig cúiseanna a thabhairt agus i ngach cás nach mór ina ndearnadh díobháil do dhuine indibhidiúil níor mhór an cinneadh a dhéanamh cé acu a thabharfaí cúiseanna den sórt sin.

### Cúiseanna a thabhairt i dtaobh gach ciona indíotála a mhéid is féidir é sin a dhéanamh gan leasanna eile ag a bhfuil chosaint dlí amhail leasanna amhrastach, íospartach nó finnéithe a chur i mbaol

**4.15** Tá na nithe ginearálta den tsamhail chéanna le breithniú faoin múnla seo, ach gach cion achomair a bheith eisiata, is cuma cén dochar a rinneadh.

**4.16** Tá deacracht is féidir a bheith ann faoin múnla seo, is é sin nach amhlaidh i gcónaí a mheasfaí cionta achoimre a bheith sách mion chun nach gá riamh cúiseanna a thabhairt nár ionchúisíodh duine, d'fhéadfadh sé, mar gheall ar roinnt cionta achoimre, gur ceart cúiseanna a thabhairt le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Ach ní thabharfadh an Oifig cúiseanna faoin múnla seo sna cásanna achoimre sin ina measfaí gurbh inmhianaithe cúiseanna a thabhairt.

### Cúiseanna de chineál ginearálta i bhformáid chaighdeánach a thabhairt i ngach cás

**4.17** B'iad seo cuid de na buntáistí is mó, de réir dealraimh, dá gcinnfeadh an Oifig cúiseanna caighdeánaithe a thabhairt i ngach cás:

a) Chaithfí le gach cás ar shlí chomhionann;

b) Is lú seans go gcuirfí as do dhea-cháil amhrastach nó finnéithe, ná dá dtabharfaí cúiseanna mionsonraithe;

c) Sa tslí chéanna, is lú seans go gcuirfear foinsí Gardaí nó seoladh imscrúduithe sa todhchaí I mbaol;

d) Ba lú an ualach oibre a chuirfí ar an Oifig ó thaobh ama agus acmhainní ná dá roghnófaí múnlaí eile tabhartha cúiseanna.

**4.18** Is léir go mbeadh míbhuntáiste ann mura dtabharfaí ach ráitis cúiseanna de chineál ginearálta sa mhéid go bhféadfadh sé tarlú gur beag an méid fíorfhaisnéise a gheobhadh an páirtí leasmhar i dtaobh cén fáth a ndearnadh cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Dá bhfeicfí do dhaoine nach raibh sna cúiseanna a thugtar ach nithe ginearálta gan tathag, amhail nár leor an fhianaise ab inghlactha, is athrú íosta le fírinne an t- athrú a bheadh ar an mbeartas reatha, agus b'fhéidir gur bheag a chuirfeadh sé le cuntasacht agus trédhearcacht phróiseas déanta cinntí na hOifige nó a chabhródh sé le híospartaigh nó leis an bpobal mór cinntí a dhéanann an Oifig a thuiscint.

### Cúiseanna mionsonraithe a thabhairt i ngach cás

**4.19** Is dócha gur faoin múnla seo is mó a bheadh leasanna tríú páirtí nó imscrúduithe póilíní faoi phriacal. Is dócha gurb iad seo na deacrachtaí is mó a bheadh ann:

a) Is féidir gurb ionann dáiríre na cúiseanna a thabharfaí agus líomhnachais maidir le ciontacht nó droch-charachtar amhrastach ionchasach;

b) Is féidir dáiríre gurb ionann na cúiseanna a thabharfaí agus líomhnachais maidir le carachtar nó creidiúnacht finnéithe lena n-áirítear an gearánach;

c) B'fhéidir go ndéanfaí leasanna eile a chur I mbaol, amhail foinsí póilíní a chosaint agus féachaint chuige nach ndéanfaí aon dochar d'fhorbairtí sa todhchaí sa chás céanna nó i gcásanna eile;

d) Faoin múnla seo is dócha go mbeadh éileamh breise an-mhór ar acmhainní na hOifige.

Buntáiste a bheadh ag an múnla seo go gcaithfí go comhionann le gach uile chás.

## RÁITIS PHOIBLÍ

Roinnt saincheisteanna eile a d'fhéadfadh a theacht chun cinn:

a) Má thugtar ráitis phoiblí cúiseanna an cóir iad a thabhairt sa chúirt?

b) An bhfuil earnálacha cásanna ann ina bheadh gá le ráiteas poiblí ar mhaithe leis an gceartas, mar shampla i gcás ina n-aimsítear fianaise a léiríonn go bhfuil an duine atá faoi dhroch-amhras neamhchiontach?

c) Cén difear a dhéanfadh beartas nua le eolas a thugtar do na meáin – an cóir beartas éagsúil a fheidhmiú i gcásanna ina raibh a fhios ag an bpobal cheana féin cé hé amhrastach sula ndearnadh cinneadh faoi ionchúiseamh?

d) Cé chomh mionsonraithe is cóir do ráitis phoiblí cúiseanna a bheith?

Déantar breithniú thíos ar na ceisteanna seo as a chéile:

### Má thugtar ráitis phoiblí cúise, an cóir iad a thabhairt sa chúirt?

**4.20** Is maidir le nolle prosequi a iontráil is mó a bhíonn sé seo ann, toisc nach ann d'aon imeachtaí de ghnáth nuair nach ndéantar aon chinneadh ionchúiseamh i dtús báire. Dá mba go dtabharfaí cúiseanna sa chúirt chuirfí bonn foirmiúil faoin bpróiseas agus bheadh deis ag an bpobal é a ghrinnscrúdú. Thairis sin, d'fhéadfaí a mhaíomh gur cóir, as urraim don Chúirt, gur os a comhair féin ba thúisce a chuirfí aon eolas go foirmiúil maidir le gan leanúint le himeachtaí atá os a comhair faoi láthair. Modh caoithiúil é seo freisin chun eolas a thabhairt don phobal mór. Dá dtabharfaí isteach beartas den sórt sin, áfach, bheadh cásanna eisceachtúla ann nach bhféadfaí cúiseanna a thabhairt do chirt ina leith e.g. i gcás ina bhféadfaí céannacht faisnéiseora.

**4.21** Baineann ceist na pribhléide le hábhar freisin sa chomhthéacs seo.[78]

78 Féach caibidil 4 thuas.

### An bhfuil catagóirí cásanna ann ina gceanglófaí ráitis a thabhairt ar mhaithe leis an gceartas, amhail má tá cúisí neamhchiontach?

**4.22** I gcás eolas a bheith ag an bpobal faoi aitheantas cúisí agus cinneadh a bheith déanta gan an cúisí a ionchúiseamh, d'fhéadfadh go mbeadh éiginnteacht i dtaobh neamhchiontacht an chúisí de thoradh an chéad imscrúdaithe. I gcásann den sórt sin d'fhéadfadh argóint bhailí a bheith ann gur ceart go n-eiseodh an Oifig ráiteas faoi na cúiseanna ar cinneadh gan ionchúiseamh. Mar shampla, d'fhéadfadh fianaise DNA a léiriú go dochloíte nach raibh amhrastach ciontach i gcion dáiríre. Is annamh a bheadh toradh chomh soiléir sin ann, áfach.

### Cén difear a dhéanfadh beartas nua d'eolas a thugtar do na meáin – maidir leis sin an cóir beartas éagsúil a fheidhmiú i gcásanna ina bhfuil a fhios cheana féin ag an bpobal aitheantas cúisí sula ndearnadh cinneadh ionchúisimh?

**4.23** D'fhéadfadh na meáin agus grúpaí leasa speisialta amhail eagraíochtaí íospartach a bheith ar áireamh i gcatagóir na bpáirtithe leasmhara. I ndlínsí eile ina dtugtar ráitis faoi chúiseanna le cinntí do ghrúpaí seachas íospartaigh is é an cleachtas caighdeánach, de réir dealraimh, nach dtugtar ach ráitis de chineál an-ghinearálta, go háirithe do na meáin. I gCeanada, mar shampla, tugtar eolas do na meáin ach sin de réir rogha an ionchúisitheora agus níl ann ach eolas an-ghinearálta. San Ísiltír, ní thugtar ráitis faoi chúiseanna gan ionchúiseamh do na meáin ach amháin i gcás ina raibh ainm an chúisí foilsithe cheana féin agus ina raibh trácht go leor ar an gcás sna meáin. San Astráil, ní gnáth do Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an Chomhlathais na cúiseanna a bhí aige le cinntí a fhoilsiú sna meáin, ach na huaireanta fánacha a dhéanann sé é ní thugann sé ach ráitis an-ghairid. San Astráil Thiar, nuair a iontrálann an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí nolle prosequi tugtar an ráiteas céanna do na meáin a thugtar don Chúirt. Aithníonn Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Chríoch Thuaisceart na hAstráile go bhfuil spéis dhlisteanach ag na meáin i riarachán an cheartais agus i gcásanna inar cimíodh duine go poiblí chun trialach tugann an t-ionchúisitheoir ráiteas an-ghinearálta do na meáin i gcás inar cinneadh gan dul ar aghaidh le cás. San Astráil Theas tá sé mar chleachtas ag an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí gan ach cúiseanna gearra a thabhairt go poiblí, a mhéid is gá é.

### Cé chomh mionsonraithe is cóir do ráitis phoiblí cúiseanna a bheith?

**4.24** Na hagóidí ó thaobh prionsabail de in aghaidh cúiseanna a thabhairt, tá feidhm acu freisin i gcás nach dtugtar cúiseanna ach amháin d'íospartaigh agus do pháirtithe leasmhara eile, ach dealraíonn sé gur laige iad ná i gcásanna ina dtugtar cúiseanna ar shlí níos ginearálta don phobal.

# 5 IMPLEACHTAÍ D'OILIÚINT & ACMHAINNÍ

**5.1** Níor mhór breithniú a dhéanamh go cúramach faoi aon athrú ar an mbeartas i ndáil le cúiseanna le cinntí ionchúisimh a thabhairt. Níor mhór treoirlínte a fhorbairt ag suíomh na ngnéithe praiticiúla agus eiticiúla de na nósanna imeachta a bheadh mar bhunshraith le cur i ngníomh aon bheartais nua. B'éigean aghaidh a thabhairt ar shainchúiseanna a bhaineann le hoiliúint foirne, acmhainní agus nósanna imeachta Oifige i dtaobh caitheamh le híospartaigh, gaolta nó páirtithe leasmhara agus pleanáil a dhéanamh dóibh.

**5.2** Má chinntear an beartas a athrú ansin tagann ceisteanna chun cinn faoi na nithe seo:

- Conas a thabharfaí cúiseanna, iarbhír;
- Cé thabharfadh iad;
- Cé dóibh a dtabharfaí cúiseanna;
- Cé chomh mionsonraithe is cóir a bheadh na cúiseanna a thugtar.

**5.3** Má tá cúiseanna le thabhairt ní mór cuimhneamh ar an méid seo a leanas is cuma cén modh a úsáidfear ar deireadh:

- Ba chóir go mbeadh an t-eolas a roinntear sothuigthe.
- Níor mhór treoirlínte a fhorbairt chun a chinntiú go mbeadh teachtaireachtaí le híospartaigh dírithe ar fhreastal ar a riachtanais shonracha agus ar riachtanais shonracha a dteaghlach.

**5.4** Bhraithfeadh an modh a gcuirfí i ngníomh é ar an múnla a bheadh á úsáid. Maidir le cé acu ba ghá cumarsáidí a bheith ceadaithe ag an Stiúrthóir, cé acu a d'fhéadfadh an t-oifigeach iomchuí plé go díreach leis an íospartach áirithe, nó ar mhór aonad speisialtach a chur ar bun, braitheann na nithe sin go páirteach ar an líon comhad ina dtabharfaí cúiseanna, agus braitheann sé sin ina dhiaidh sin ar cé acu a chinnfear nach dtabharfaí cúiseanna ach amháin i gcásanna tromaí, ach amháin i gcásanna indíotála, nó sna cásanna go léir.

Tá líon de roghannna ar fáil agus impleachtaí gaolmhara ann don oiliúint agus d'acmhainní atá ag brath araon ar an méid sin roimhe seo:

### Gan aon athrú a dhéanamh ar an socrú reatha – Ní thugtar aon eolas

**5.5** Má fhágtar an socrú mar atá sé faoi láthair gan aon eolas breise a bheith le tabhairt ní bheidh aon saincheisteanna ann i ndáil le hoiliúint nó acmhainní.

### ROGHA 1: Cumarsáid ón oifigeach stiúrtha déanta cinntí

**5.6** Dá gcuirfí an rogha seo i bhfeidhm chaithfí oiliúint a chur ar oifigigh a bheadh ag déanamh cumarsáide le híospartaigh faoi conas cumarsáid a dhéanamh le híospartaigh. Nuair a bheadh tionscnamh nua den sórt sin á bhunú i sceideal laethúil oifigeach stiúrtha bheadh cuid mhór acmhainní agus ama de chuid na n-oifigeach i gceist, rud a chuirfeadh le hualach oibre atá trom cheana féin. Ba ghá freisin maoirseacht a dhéanamh ar gach cumarsáid le híospartaigh agus gach cumarsáid a cheadú lena chinntiú go gcloítear le beartais agus caighdeáin na hOifige i ngach cás. Theastódh am agus acmhainní chuige sin freisin agus b'fhéidir gur gá roinnt foirne breise a earcú.

### ROGHA 2: Aonad tiomnaithe a dhéanfadh teagmháil le híospartaigh a bhunú san Oifig

**5.7** Ba ghá pearsanra cáilithe a earcú a bheadh oilte chun bheith ag plé le híospartaigh agus a mbeadh cáilíocht dlí acu nó taithí de bheith ag obair I dtimpeallacht dlí agus de bheith ag plé le saincheisteanna dlí. Ba ghá oiliúint a chur ar fáil do chomhaltaí den aonad faoi bheartas na hOifige agus freisin ar aon saincheisteanna a chuirfí faoina mbráid laistigh den Aonad.

### Aonad tiomnaithe a bhunu

**5.8** Tá roinnt buntáistí leis an gcur chuige seo ar a n-áirítear:

- Comréireacht;
- Scóip chun foireann speisialtach ghairmiúil a fhostu;
- Aon ualach breise oibre ar an Rannán Stiúrtha a choinneáil chomh híseal agus is féidir.

**5.9** Bheadh pearsanra oilte ina leithéid d'aonad a bheadh freagrach as gach teagmháil idir na híospartaigh agus a dteaghlaigh agus Oifig an DPP, ar aon dul leis an Victim Information Bureau sa Crown Prosecution Service.

Chinnteofaí comhréireacht dá mbunófaí aonad tiomnaithe. D'oilfí comhaltaí den aonad freisin conas litreacha a scríobh i ngnáth-Bhéarla agus béarlagar a sheachaint. Ceann de na buntáistí is mó le haonad tiomnaithe gur bheag obair bhreise a chuirfeadh sé ar na daoine a dhéanann cinntí, mar ní bheadh d'fhreagracht orthu ach amháin eolas a thugann an t-aonad d'íospartaigh a sheiceáil agus ní bheadh aon fhreagracht dhíreach orthu as cumarsáid a dhéanmah le híospartaigh agus a dteaghlaigh.

### Cruinnithe pearsanta le hoifigeach déanta cinntí nó le comhalta d'aonad tiomnaithe san Oifig

**5.10** I gcás ina gcinnfeadh an Oifig cruinnithe díreacha a eagrú le híospartaigh, níor mhór breithniú a dhéanamh ar roinnt rudaí lena n-áirítear:

- rúndacht na bpáirtithe go léir lena mbaineann;
- comhordú ní amháin idir aonaid áirithe éagsúla laistigh den Oifig ach freisin le páirtithe seachtracha, mar shampla an Garda Síochána;
- cóiríocht chuí le haghaidh cruinnithe;
- an mbeadh ar gach íospartach taisteal go Baile Átha Cliath i gcomhair cruinnithe nó an bhféadfaí iad a thionól in ionaid eile?

# 6 OIBLEAGÁIDÍ MAIDIR LE SAORÁIL FAISNÉISE

**6.1** Suitear an ceart atá ag daoine den phobal leis na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 1997[79] agus 2003[80] rochtain a bheith acu ar eolas oifigiúil a mhéid is féidir atá ar chomhréir le leas an phobail agus le ceart daoine chun príobháideachta. Tá trí cheárt reachtúla nua cruthaithe ag na hAchtanna:

- Ceart dlí do gach duine rochtain a bheith acu ar thaifid Rialtais ar leith tar éis iarraidh a dhéanamh;
- Ceart dlí do gach duine a cheangal go leasófar eolas oifigiúil a bhaineann leis féin / léi féin má tá sé neamhchríochnúil, mícheart nó míthreorach;
- Ceart dlí na cúiseanna a bhí le cinntí riaracháin a dhéanann difear duit féin a fháil.

**6.2** Ceadaíonn reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise do dhaoine den phobal rochtain a bheith acu ar eolas atá i seilbh comhlachtaí poiblí agus nach bhfuil ar fáil sa ghnáthshlí dóibh ó fhoinsí eile. Ach tá cineálacha áirithe eolais díolmhaithe faoi na hAchtanna, áfach. Níl feidhm ag na hAchtanna maidir le taifid atá i seilbh an DPP ná a Oifige ná taifid a chruthaíonn siad seachas taifead I dtaca le riarachán ginearálta na hOifige.[81] Fágann sé sin nach bhfuil rochtain ag an bpobal ar chomhaid a bhaineann le hionchúisimh choiriúla agus nithe dlíthiúla eile. Dá bhrí sin aon chomhaid a bhaineann le cásanna inar cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh, níl rochtain ag an bpobal orthu faoin reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise.

**6.3** Chomh maith lena hoibleagáidí i dtaobh Saorála Faisnéise, cuireann Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí in Éirinn eolas ar fáil sa ghnáthshlí don phobal i ndáil le struchtúir, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí na hOifige. Déantar é sin trína Tuarascáil Bhliantúil, a Ráiteas Straitéise, Treoirlínte d'Ionchúisitheoirí agus leabhráin faisnéise ar Ról an DPP agus ar Fhreasatal ar an gCúirt mar Fhinné a fhoilsiú. Tá gach ceann díobh sin ar fáil go díreach ón Oifig agus ar shuíomh gréasáin na hOifige www.dppireland.ie.

79 An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997 (an Príomh-Acht). Tá éifeacht leis in Éirinn ón 21 Aibreán, 1998.

80 An tAcht um Shaoráil Faisnéise (Leasú) Act 2003. Tá éifeacht leis in Éirinn ón 11 Aibreán, 2003.

81 An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997, a. 46(1)(b)

54

# AGUISÍN
# Múnlaí Ionchúisimh i nDlínsí Eile

## NA DLÍNSÍ A BREITHNÍODH

**A.1** Mar chuid den athbhreithniú seo, rinneadh scrúdú ar na cleachtais a chuirtear i bhfeidhm i ndlínsí eile i ndáil le cúiseanna le cinntí. Rinneadh scrúdú ar chórais dlí choitinn agus ar chórais dlí shibhialta araon, go háirithe na córais i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, i dTuaisceart Éireann, in Albain, i gCeanada agus san Astráil. Ar ndóigh, is iad na córais dlí choitinn is gaire do chultúr slí na hÉireann, mar go dtagann Éire faoi réim thraidisiún an dlí choitinn. Cé gur léir go bhfuil difríochtaí suntasacha ann idir na dlínsí éagsúla dlí choitinn, is iondúil go mbíonn cosúlacht mhór idir dlí substainteach, dlí fianaise agus dlí nós imeachta na ndlínsí sin. Ceann de na difríochtaí soiléire idir córas dlí na hÉireann agus dlínsí eile dlí choitinn is ea tionchar mór dlí-eolaíocht bhunreachtúil na hÉireann, go háirithe i ndáil le fianaise choiriúil agus nós imeachta coiriúil. Tá na córais is cosúla le córas ionchúisimh na hÉireann le fáil i dTuaisceart Éireann agus, go feadh méid níos lú, i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, san Astráil agus i gCeanada.

**A.2** Go stairiúil, d'éirigh an dá thraidisiún leathana dlí, is é sin le rá, an dlí sibhialta agus an dlí coiteann, as dlí na Róimhe agus as dlí meánaoiseach Shasana faoi seach[82] agus, de réir mar a tháinig forbairt orthu thar na haoiseanna, tharla cóineasú soiléir idir traidisiún an dlí choitinn agus traidisiún an dlí shibhialta i réimse an dlí choiriúil. Tá cuid mhór samplaí ann de chrostoirchiú agus d'iasachtú idir an dá thraidisiún ar ceann amháin díobh é coincheap an ionchúisitheora phoiblí ar coincheap uilechoiteann anois é agus ar coincheap é a ghlac dlínsí dlí choitinn ó thraidisiún an dlí shibhialta.[83] I dtéarmaí ginearálta, saintréith de chuid trialacha coiriúla de chuid an traidisiúin dlí choitinn[84] is ea an próiseas argóinteachta (rud

82 Féach R.C.Van Caenegem, *European Law in the Past and the Future: Unity and Diversity over Two Millennia*, Cambridge, 2002.

83 J.D. Jackson, 'The Effect of Legal Culture and Proof in Decisions to Prosecute', 3 *Law Probability and Risk* 109 (2004), lch. 110-111; J.R. Spencer, 'The Place of Comparative Law in Shaping EU Criminal Law', Cur i Láthair ag *Conference on the Impact of EU Law on National Criminal Law and Practice* arna eagrú ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Éire, agus ag an Academy of European Law, Baile Átha Cliath, 12-13 Meitheamh 2003. Chun comparáid a dhéanamh idir róil ionchúisitheoirí i ndlínsí dlí shibhialta agus i ndlínsí dlí choitinn, féach V. Langer, 'Public Interest in Civil Law, Socialist Law, and Common Law Systems: The Role of the Public Prosecutor', 36 *American Journal of Comparative Law* 279 (1988); J. Langbein, 'The Origins of Public Prosecution', 17 *American Journal of Legal History* 313 (1973); agus J. Langbein, *The Origins of Adversary Criminal Trial*, Oxford, 2003.

84 Ar mhaithe le comparáid agus plé i ndáil le traidisiún an dlí choitinn agus traidisiún an dlí shibhialta sa réimse coiriúil, féach M. Delmas-Marty & J.R. Spencer, (eag.), *European Criminal Procedures*, Cambridge, 2002; P. Fennell, B. Swart, N. Jörg & C. Harding, (eag.), *Criminal Justice*

a chiallaíonn gurb é atá sa triail go bunúsach ná 'coimhlint' idir taobh an ionchúisimh agus taobh na cosanta[85] os comhair breithimh trialach atá i gceannas ar na himeachtaí i gcáil neodrach) agus tábhacht mhór le cásanna fasaigh (seachas reachtaíocht) mar fhoinse i gcomhair an dlí choiriúil. Os a choinne sin, maidir le traidisiún an dlí shibhialta sa dlí coiriúil, bíonn claonadh ann triail 'ionchoisniúil' a sheoladh inarb é atá i bpríomhfheidhm an bhreithimh ná na himeachtaí a threorú chun an fhírinne a fhionnadh. Ag féachaint do ról gníomhach an bhreithimh i ndáil leis an bhfírinne a fhionnadh, is mó a bhíonn abhcóide thaobh na cosanta i dtriail choiriúil i dtraidisiún an dlí shibhialta ag cabhrú leis an gcúirt maidir le teacht ar an bhfírinne ná mar is amhlaidh i dtraidisiún an dlí choitinn nuair is é is príomhchúram abhcóide thaobh na cosanta ná aon laigí i gcás an ionchúisimh a thástáil. D'ainneoin na ndifríochtaí sin, is amhlaidh atá sa dá thraidisiún, ar ndóigh, go bhfuil sé le tuiscint go bhfuil gach duine a gcuirtear cion coiriúil ina leith neamhchiontach go dtí go gcruthaítear ciontach é nó í. Difríocht eile idir an córas dlí choitinn agus an córas dlí shibhialta, i gcoitinne agus ní i leith an dlí choiriúil amháin, is ea an tábhacht ollmhór a ghabhann le cóid chuimsitheacha reachtaíochta mar fhoinsí dlí. Sa traidisiún dlí shibhialta, is lú i bhfad an bhéim a leagtar ar fhasaigh bhreithiúnacha mar fhoinsí dlí ná mar a tharlaíonn i dtaca leis an traidisiún dlí choitinn. Ar a shon sin, sa chuid is mó tíortha dlí choitinn, tá an mhórchuid den dlí coiriúil le fáil i reachtanna agus tá cóid achtaithe ag a lán tíortha díobh sin anois; dá bhrí sin, níl an difríocht seo chomh suntasach sin sa lá atá inniu ann. I réimse an dlí choiriúil, is féidir difríochtaí a fheiceáil idir an traidisiún dlí choitinn agus traidisiún an dlí shibhialta i réimsí den sórt seo a leanas: an ról atá ag giúiréithe, na cineálacha fianaise atá inghlactha i gcúirteanna agus an ról atá ag breithiúna. Sa traidisiún dlí choitinn, is gnáth go gceaptar

---

*in Europe: A Comparative Study*, Oxford, 1995; C. Van den Wyngaert, C. Gane, H.H. Kühne & F. McAuley, (eag.), *Criminal Procedure Systems in the European Community*, London, 1993.

85 Sa chomhthéacs seo, deirtear maidir le taobh an ionchúisimh agus taobh na cosanta go mbíonn 'comhionannas éisteachta' acu, ar prionsabal é atá le fáil sa traidisiún dlí choitinn agus sa traidisiún dlí shibhialta araon (féach, mar shampla, M. Wasek-Wiaderek, T*he Principle of Equality of Arms in Criminal Procedure under Article 6 of the ECHR and its Functions in Criminal Justice of Selected European Countries*, Leuven, 2000). Tá teorainneacha, áfach, leis an tuiscint seo maidir le cineál argóinteach an róil atá ag taobh na cosanta agus ag taobh an ionchúisimh i gcóras an dlí choitinn. Is amhlaidh freisin, mar shampla, nach ceart do thaobh an ionchúisimh féachaint le ciontú a bhaint amach ar ais nó ar éigean, agus nach ceart ciontacht an chúisí a argóint ach amháin a mhéid is gá agus is cóir sin le réasún de réir na fianaise: féach, mar shampla, *R v Puddick* (1865) 4 F & F 497, ag 499, áit inar nochtadh an tuairim gur chóir d'abhcóidí ionchúisimh glacadh leis gurb ionann iad agus riarthóirí ceartais agus nár cheart dóibh féachaint le ciontú a bhaint amach beag beann ar aon rud eile.

breithiúna as measc dlíodóirí sinsearacha rud atá i gcodarsnacht leis an traidisiún dlí shibhialta áit ina bhféadfadh sé tarlú go dtosóidh breitheamh a ghairmré nó a gairmré mar bhreitheamh díreach tar éis teacht amach as an ollscoil agus go dtosóidh sé nó sí sna cúirteanna is ísle.

**A.3** Ní dhearnadh aon athbhreithniú ar chóras ionchúisimh na Stát Aontaithe.[86] Mar gheall ar stádas cuid mhór ionchúisitheoirí stáit mar oifigigh thofa, i gcodarsnacht le post ionchúisitheoirí sa chuid is mó dlínsí eile dlí choitinn inar oifigigh cheaptha iad, is léir nach é cleachtas na Stát Aontaithe an sampla nó an chomparáid is oiriúnaí i gcomhair cleachtais ionchasaigh ionchúisimh in Éirinn.

**A.4** As measc na ndlínsí a breithníodh, léiríonn an fhaisnéis a soláthraíodh cur chuige i gcoitinne na dlínse lena mbaineann i ndáil le cúiseanna a thabhairt le cinntí ionchúisitheacha. Níorbh fhéidir, mar chuid den staidéar seo, cuntas cuimsitheach nó cuntas iomlán ar fad a thabhairt ar an gcomhthéacs dlí agus ar na himpleachtaí dlí a bhaineann leis an gcleachtas i ngach dlínse, mar shampla i ndáil leis na himpleachtaí a bhaineann le dlíthe saorála faisnéise nó i ndáil le gach ceann de na himpleachtaí ionchasacha bunreachtúla. Tríd an bhfaisnéis a soláthraíodh, faightear forléargas ar an gcur chuige sa dlínse a breithníodh. I gcás roinnt dlínsí, mar gheall ar an gcosúlacht mhór idir iad agus córas dlí na hÉireann agus/nó ó tharla go raibh níos mó faisnéise ar fáil, bhíothas in ann cuntais níos iomláine a thabhairt ar a gcuid cleachtas. Sa chaibidil seo, gheofar achoimre ghearr ar chuid de na dlínsí sin, ach béim ar leith ar Thuaisceart Éireann, ar Shasana agus ar an mBreatain Bheag, ar Cheanada agus ar an Astráil. Tá tuilleadh achoimrí mionsonraithe ar dhlínsí eile a breithníodh le fáil san aguisín ag deireadh an athbhreithnithe.

## TUAISCEART ÉIREANN

**A.5** Go traidisiúnta, is ionann cur chuige Thuaisceart Éireann agus Shasana agus na Breataine Bige agus cur chuige na hÉireann i ndáil le cúiseanna a thabhairt le cinntí. Le déanaí, tá athbhreithniú déanta ar na seirbhísí

86 Chun forléargas gairid a fháil, féach, mar shampla, J.B. Jacobs, 'The Evolution of US Criminal Law', atá ar fáil ar-líne ag http://usinfo.state.gov/journals/itdhr/0701/ijde/jacobs.htm Go sonrach, chun eolas a fháil faoi chóras ionchúisimh na Stát Aontaithe, féach, mar shampla, J. Vennard, 'Decisions to Prosecute: Screening Policies and Practices in the United States', *Criminal Law Review* 20 (1985); J.E. Jacoby, *The American Prosecutor: A Search for Identity*, Lexington, 1983; J.E. Jacoby, L.R. Mellon, E.C. Routledge & S. Turner, *Prosecutorial Decision-making: A National Study,* Washington D.C., 1982.

ionchúisimh sa dá dhlínse agus tá athmheas agus forbairt déanta acu ar a seasamh i ndáil leis an ábhar seo.

**A.6** Rinneadh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dTuaisceart Éireann a bhunú leis an Prosecution of Offences (Northern Ireland) Order 1972 agus is é atá ina príomhfheidhm ná breithniú a dhéanamh ar fhíorais agus ar fhaisnéis i gcomhaid imscrúdúcháin na bpóilíní agus cinntí a dhéanamh i dtaobh an dtionscnófaí nó nach dtionscnófaí ionchúiseamh. Sa bhliain 2005, tháinig an Oifig sin sin chun bheith ina Public Prosecution Service for Northern Ireland (PPS), a bunaíodh ar thosach feidhme an Justice (NI) Act 2002. Leis an Justice (NI) Act, sainmhíníodh an tSeirbhís Ionchúisimh Phoiblí nuabhunaithe, sainmhíníodh an dualgais agus a gealltanais reachtúla agus sainmhíníodh an creat reachtach faoina soláthródh sí a cuid seirbhísí. Lean bunú an PPS as an moladh a rinne an Grúpa Athbhreithnithe[87] i Márta 2000. I Moladh 49 san Athbhreithniú, rinneadh tagairt mar a leanas do chúiseanna a thabhairt le cinntí:

> "We recommend that, where information is sought by someone with a proper legitimate interest in a case on why there was no prosecution, or on why a prosecution has been abandoned, the prosecutor should seek to give as full an explanation as is possible without prejudicing the interests of justice or the public interest. It will be a matter for the prosecutor to consider carefully in the circumstances of each individual case whether reasons can be given in more than general terms and if so in how much detail, but the presumption should shift towards giving reasons where appropriate".

**A.7** Tá forbairt déanta ar bheartas an PPS le tamall de bhlianta, agus,tugtar cúiseanna anois le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh d'ainneoin go ndéantar sin i dtéarmaí an-ghinearálta. I ngach cás ina ndéantar iarraidh ar chúiseanna mionsonraithe, déantar scrúdú agus athbhreithniú i dtaobh an cuí an beartas ginearálta sin a chur i bhfeidhm. Sna cásanna sin, déanann an PPS breithniú i dtaobh cén fhaisnéis bhreise a fhéadfar a thabhairt le réasún ach argóintí a chur san áireamh i gcoinne cúiseanna mionsonraithe a thabhairt, mar aon le haon nithe eile is léir a bheith ábharthach i dtaca le fíorais agus imthosca áirithe an cháis lena mbaineann. Ba é an beartas sin a breithníodh in *In the Matter of an Application by David Adams for Judicial Review* agus breithníodh go raibh sé dleathach.[88] Lorgaíodh athbhreithniú breithiúnach i ndáil le cinneadh an PPS i ndáil le teagmhaisí a tharla i

87 Bunaíodh an Grúpa seo chun scrúdú a dhéanamh ar Chóras Ceartais Choiriúil Thuaisceart Éireann, de réir mar a comhaontaíodh faoi Chomhaontú Aoine an Chéasta.

88 (2001) NI 1.

bhFeabhra 1994. Bhreithnigh an Chúirt bailíocht bheartas an PPS agus chinn sí nach raibh aon dualgas ar an PPS faoin Prosecution of Offences (Northern Ireland) Order 1972 nó faoin dlí coiteann cúiseanna a thabhairt le cinntí. An bhliain chéanna, tháinig an tsaincheist seo chun cinn ag leibhéal na hEorpa in *Jordan v United Kingdom*[89] nuair a thug an Chúirt Eorpach um Chearta an Duine tuairim faoi dhualgas an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i dTuaisceart Éireann chun cúiseanna a thabhairt le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh i gcás ina bhfuair duine bás mar gheall ar ghníomhartha de chuid gníomhairí stáit.

> "The Court does not doubt the DPP's independence. However where the police investigation procedure is itself open to doubts of a lack of independence and is not amenable to scrutiny, it is of increased importance that the officer who decides whether or not to prosecute also gives an appearance of independence in his decision making. Where no reasons are given in a controversial incident involving the use of lethal force, this may in itself not be conducive to public confidence. It also denies the family of the victim access to information about a matter of crucial importance to them and prevents any legal challenge of the decision. Pearse Jordan was shot and killed while unarmed. This is a situation which cries out for an explanation. However the applicant was not informed why the shooting was regarded as not disclosing a criminal offence or as not meriting a prosecution of the officer concerned. There was no reasoned decision available to reassure a concerned public that the rule of law had been respected. This cannot be regarded as compatible with the requirements of Art. 2, unless that information was forthcoming in some other way. This however is not the case."

**A.8** Mar fhreagra air sin agus ar bhreithiúnais eile de chuid na Cúirte Eorpaí um Chearta an Duine, i Márta 2002 rinne an tArd-Aighne, an Tiarna Goldsmith, achoimre ar sheasamh an PPS i gcásanna inar tharla bás mar gheall ar iompar ar thaobh ghníomhairí an stáit. I gcásanna den sórt sin, faoi réir forais mhaithe a bheith ann gan cúiseanna a thabhairt, lena n-áirítear dualgais an Stiúrthóra faoin Human Rights Act 1998, glacann an Stiúrthóir leis gur ar mhaithe le leas an phobail atá sé an pobal i gcoitinne, lena n-áirítear teaghlaigh íospartach, a chur ar a shuaimhneas i dtaca leis an dlí a bheith á urramú trí mhíniú réasúnach a thabhairt. Ina aitheasc do Theach na dTiarnaí, dúirt an tArd-Aighne, an Tiarna Goldsmith, mar a leanas:

> "The Government are considering a package of measures which taken together, should meet the concerns expressed by the European Court of

89 (2003) 37 E.H.R.R. 52.

Human Rights in its judgments in a series of cases from Northern Ireland, including that of *Jordan v United Kingdom*. In furtherance of that objective, I have had a number of discussions with the Director of Public Prosecutions for Northern Ireland (the Director) regarding the giving of reasons when a decision is reached not to initiate or continue a prosecution. We have agreed that the following statement should issue:

> *The policy of the Director in the matter of providing reasons for decisions not to initiate or continue prosecutions is to refrain from giving reasons other than in the most general terms. The Director recognises that the propriety of applying the general practice must be examined and reviewed in every case where a request for the provision of detailed reasons is made. This policy is based on a series of public interest considerations. It also reflects the duties owed by the Director to a range of parties as a public authority under section 6 of the Human Rights Act 1998. The lawfulness of the policy was upheld by the Northern Ireland Court of Appeal in Re Adams Application for Judicial Review (2001) NI 1. The Director, in consultation with the Attorney General has reviewed his policy in light of the judgments delivered by the European Court of Human Rights on the 4 May 2001 in a number of Northern Ireland cases, including the case of* Jordan v United Kingdom. *Having done so, the Director recognises that there may be cases in the future which he would expect to be exceptional in nature, where an expectation will arise that a reasonable explanation will be given where death is, or may have been, occasioned by the conduct of agents of the State. Subject to compelling grounds for not giving reasons, including his duties under the Human Rights Act 1998, the Director accepts that in such cases it will be in the public interest to reassure a concerned public including the families of the victims, that the rule of law has been respected by the provision of a reasonable explanation. The Director will reach his decision as to the provision of reasons, and their extent, having weighed the applicability of public interest considerations material to the particular facts and circumstances of each individual case".*[90]

**A.9** Ón 13 Meitheamh 2005 i leith, tráth a foilsíodh an Public Prosecution Service of Northern Ireland *Code for Prosecutors*,[91] is mar a leanas an beartas maidir le cúiseanna a thabhairt le cinntí i gcásanna ina ndéantar cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh:

> "The policy of the Prosecution Service is to give reasons for decisions for no prosecution in all cases albeit in the most general terms. For example, in a case in which there is a technical defect, such as the unavailability of evidence to prove an essential aspect of the case, the Prosecution Service would normally indicate that it has concluded that there was insufficient evidence to

90 1 Márta 2002, *Official Report, House of Lords*, colún WA 259.

91 Ar fáil ar-líne ag http://www.ppsni.gov.uk/site/default.asp?CATID=77

afford a reasonable prospect of a conviction. In a case in which the evidence was sufficient but the decision was taken not to prosecute, for example, given the age and infirmity of the prospective defendant, the reason given would be that it was not in the public interest to prosecute.

The propriety of applying this general policy is examined and reviewed in every case where a request for the provision of detailed reasons is made. In such cases, the Prosecution Service will consider what further information may reasonably be given balanced against the factors which militate against providing detailed reasons together with any other considerations which seem material to the particular facts and circumstances of the case".[92]

## SASANA AGUS AN BHREATAIN BHEAG

**A.10** Dála Thuaisceart Éireann, tháinig saincheisteanna chun cinn le blianta beaga anuas laistigh de Sheirbhís Ionchúisimh na Corónach (CPS) i Sasana agus sa Bhreatain Bheag ar saincheisteanna iad a bhaineann le raon agus réim a beartais maidir le cúiseanna a thabhairt nuair a dhéantar cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Bunaíodh an CPS, mar a oibríonn sé faoi láthair, tar éis fhoilsiú na Tuarascála ón gCoimisiún Ríoga ar Nós Imeachta Coiriúil (Philips Commission) sa bhliain 1981.[93] Chinn an coimisiún go gcaithfí mór-athruithe a dhéanamh ar an bpróiseas ionchúisimh. Bhí athruithe móra ann i dtaca le cleachtais ionchúisimh ar fud Shasana agus na Breataine Bige (áit nach bhfuil aon fhórsa aonair náisiúnta póilíneachta ann, is é sin le rá, ait a bhfuil tuairim is 42 fhórsa áitiúla ann). Is é a lean as sin ná atheagrú na seirbhíse ina seirbhís náisiúnta ionchúisimh faoi cheannas Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoi mhaoirseacht fhoriomlán an Ard-Aighne, mar aon le tabhairt isteach an Prosecution of Offences Act 1985 lenar bunaíodh Seirbhís Ionchúisimh na Corónach. Tar éis na bliana 1985, cé nárbh iad an t-údarás iad a bhí freagrach as ionchúiseamh a thionscnamh i leith cionta, lean na póilíní de fhreagracht a bheith acu as cumarsáid a dhéanamh le híospartaigh agus lena dteaghlaigh nuair a dhéanfadh an CPS cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. De thoradh athbhreithnithe neamhspleách ar an CPS a rinne Sir Iain Glidewell sa bhliain 1998[94], moladh go mbeadh an

92 Public Prosecution Service of Northern Ireland *Code for Prosecutors* ar lch.23, ar fáil ar-líne ag http://www.ppsni.gov.uk/site/default.asp?CATID=77

93 Royal Commission on Criminal Procedure: Report, HMSO, 1981.

Sir Iain Glidewell, *The Review of the Crown Prosecution Service*, The Stationery Office, June 1998 (Tuarascáil Glidewell R). Achoimre ar an bPríomh-Thuarascáil mar aon le Conclúidí agus Moltaí, ar fáil ar-líne ag http://www.archive.official-documents.co.uk/document/cm39/3972/3972.htm, http://www.archive.official-documents.co.uk/document/cm39/3972/contents.htm

fhreagracht sin ar an CPS agus go ndéanfadh an CPS cinntí a chur in iúl go díreach d'íospartaigh. Moladh sa Tuarascáil freisin gur ceart, nuair atá a leithéid ag teastáil, míniú a thabhairt do ghearánaigh/d'íospartaigh i ngach Limistéar CPS a luaithe is féidir déanamh amhlaidh laistigh d'acmhainní an limistéir sin.[95] Mar an gcéanna, mhol Sir William MacPherson freisin, i bhFiosrúchán Stephen Lawrence, gur ceart don CPS, le linn ionchúisimh i leith cionta de chineál ciníoch, teagmháil a bheith aige leis an íospartach nó le teaghlach an íospartaigh agus gur ceart dó aon chinneadh chun scor d'aon ionchúiseamh a chur i iúl dóibh go pearsanta agus gur ceart dó a chinntiú go ndéantar cinntí den sórt sin a thaifeadadh go cúramach agus go hiomlán i scríbhinn agus, más féidir, gur ceart iad a nochtadh d'íospartach nó do theaghlach íospartaigh.[96]

**A.11** Sa bhliain 1998, d'iarr an CPS go ndéanfadh HH Gerald Butler QC athbhreithniú ar an bpróiseas déanta cinntí ionchúisimh i ndáil le básanna i gcoimeád.[97] Ba é a bhí i gconclúid an athbhreithnithe sin ná nach raibh bonn maith leis an nós imeachta i ndáil le déanamh agus daingniú an chinnidh gan ionchúiseamh a dhéanamh agus gurbh amhlaidh a bhí mar nár sainaithníodh an duine a bhí freagrach as cinntí a dhéanamh. D'ainneoin go rabhthas den tuairim go bhféadfadh iarmhairtí níos neamh-inmhianaithe a bheith ann do leas an phobail mar gheall ar chinneadh earráideach gan ionchúiseamh a dhéanamh ná mar a bheadh ann mar gheall ar chinneadh earráideach chun ionchúiseamh a dhéanamh, bhí an tuairim ann freisin nach ceart ionchúiseamh a thionscnamh riamh mura rud é go bhfuil ionchas réasúnach ann go ndéanfar ciontú. De thoradh na dtuarascálacha sin go léir, tharla roinnt athruithe suntasacha sa CPS, go háirithe i ndáil le cúiseanna a thabhairt d'íospartaigh agus dá dteaghlaigh, is é sin le rá, cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh. I mBealtaine 2002, tar éis Tuarascáil Butler a fhoilsiú, d'fhoilsigh an tArd-Aighne, an Tiarna Goldsmith, páipéar comhairliúcháin maidir le cúiseanna a sholáthar le cinntí agus d'iarr sé aighneachtaí ó ghrúpaí leasmhara. Leagadh amach sa pháipéar beartas an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sa réimse seo mar aon leis an réasúnú a bhain leis agus tugadh achoimre ar ábhar imní an

95 *ibid.*, caibidil 8,il mír 55.

96 Fiosrúchán Stephen Lawrence, Tuarascáil ar Fhiosrúchán ag Sir William Mac Pherson maidir le Cluny, The Stationery Office, Feabhra 1999 (Tuarascáil Mac Pherson). Ar fáil ar-líne ag http://www.archive.official-documents.co.uk/document/cm42/4262/sli-00.htm.

97 Fiosrúchán maidir le próiseas déanta cinntí Sheirbhís Ionchúisimh na Corónach I ndáil le básanna I gcoimeád agus nithe gaolmhara: 'The Butler Report', 1999.

Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i ndáil le cúiseanna a sholáthar le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh. Seo a leanas ábhair imní a ardaíodh: dá dtabharfaí cúiseanna i gcás amháin, d'fhéadfadh sé gurb é a leanfadh as sin ná gur gá cúiseanna a thabhairt i ngach cás; d'fhéadfadh sé go leanfadh iarmhairtí éagóracha as cúiseanna ina bhfuil ábhar níos leithne ná ábhar ginearálta; i gcás inar é atá sa chúis a thugtar ná nach bhfuil easpa fianaise ann, d'fhéadfadh sé gurb é a leanfadh as sin ná conclúid á rá go ndéanfaí an duine a ionchúiseamh dá mbeadh an fhianaise ar fáil; d'fhéadfadh sé gurb é a leanfadh as foilsiú cúiseanna gan ionchúiseamh a dhéanamh ná pian nó damáiste gan ghá do dhaoine seachas an duine a bhfuil drochamhras ann ina leith. Ina theannta sin, luadh nach ndéantar roinnt cásanna a ionchúiseamh ar mhaithe le leas an phobail agus go bhféadfadh sé gurb é a leanfadh as foilsiú cúiseanna i gcásanna den sórt seo ná conclúidí éagóracha maidir le ciontacht nó neamhchiontacht duine.

**A.12** Sular foilsíodh páipéar comhairliúcháin an Ard-Aighne agus an tuarascáil uaidh ina dhiaidh sin, bhí beartas an CPS maidir le cúiseanna a thabhairt le cinntí tar éis teacht faoi aird na gcúirteanna. In *R v DPP ex parte Manning*,[98] ar cás é a bhain le bás i gcoimeád agus inar chinn an CPS gan ionchúiseamh a dhéanamh, thug an Tiarna Bingham as Cornhill C.J. an tuairim nach raibh aon oibleagáid iomlánach ar an Stiúrthóir cúiseanna a thabhairt le cinntí gan ionchúiseamh a dhéanamh. Dúirt sé go ndéanann an Stiúrthóir agus a chuid oifigeach, le linn cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ndéanfar nó nach ndéanfar ionchúiseamh, leas a bhaint as a dtaithí agus a n-oilteacht chun a chumasú dóibh breithiúnas eolasach a dhéanamh i dtaobh conas is dóigh a éireoidh le cás i gcoinne cosantóra i gcomhthéacs trialach coiriúla. Neamhnigh an chúirt cinneadh an CPS gan ionchúiseamh a dhéanamh ach, ina theannta sin, dúirt sí nach raibh sé intuigthe as rialú na cúirte go raibh an chúirt ag cur ceangail ar an CPS ionchúiseamh a dhéanamh; is é a bhí i gceist ná go ndéanfadh sé athmhachnamh sa chás seo ar a chinneadh bunaidh gan ionchúiseamh a dhéanamh. I dTuarascáil 2000 ón gCoiste Eorpach um Chosc ar Chéastóireacht, tugadh an tuairim, maidir leis an Ríocht Aontaithe, gur cinnte go neartófaí muinín an phobail as an modh ina ndéantar cinntí i ndáil le hoifigigh phóilíneachta a ionchúiseamh dá mbeadh oibleagáid ar an CPS cúiseanna mionsonraithe a thabhairt i gcásanna ina gcinnfí nach ndéanfaí aon imeachtaí coiriúla a thionscnamh.

98 *Regina v Director of Public Prosecutions, Ex parte Manning and another* [2001] QB 330-350

Mhol an Tuarascáil 2000 ón gCoiste Eorpach um Chosc ar Chéastóireacht go ndéanfaí ceanglas den sórt sin a thabhairt isteach i Sasana agus sa Bhreatain Bheag.[99]

**A.13** De bharr Thuarascálacha Glidewell agus MacPherson, bhí spreagadh ann chun athrú a dhéanamh agus faoin mbliain 2001 bhí tús curtha ag an CPS le tabhairt isteach céimnithe a chleachtais nua i ndáil le cúiseanna a thabhairt le cinntí i gcásanna ina ndéantar cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh. Tugadh an tionscnamh um Theagmháil Dhíreach le hÍospartaigh (DCV) ar an mbeartas nua sin agus faoi Dheireadh Fómhair 2002 bhí sé i bhfeidhm go hiomlán i ngach ceann den 42 limistéar CPS.

### Teagmháil Dhíreach le hÍospartaigh (DCV)

**A.14** A luaithe a cuireadh tionscnamh DCV i bhfeidhm, tharla trí athrú thábhachtacha ar chleachtais oibre laistigh den CPS:

a) Bhí freagracht ar an CPS as aon chinneadh maidir le cúiseamh a chealú nó athrú substainteach a dhéanamh ar chúiseamh a chur in iúl go díreach don íospartach seachas trí na póilíní.

b) Bheadh an oiread mionsonraí ab fhéidir le fáil in aon mhínithe ar chinntí de chuid an CPS, is é sin le rá, mionsonraí faoi na cúiseanna leis na cinntí ach, ag an am céanna, chuimhneofaí ar shaincheisteanna íogaireacha tábhachtacha a d'fhéadfadh srian a chur go feadh méid áirithe ar an méid faisnéise is féidir a thabhairt.

c) Chuirfí deis ar fáil bualadh le daoine i gcásanna ina raibh bás, droch-úsáid linbh, cionta gnéasacha, cionta ar chine/reiligiún ba chúis leo nó cásanna a raibh baint acu le hómafóbachas nó claonadh gnéasach i gceist agus i gcásanna inar naimhdeas a bhí bunaithe ar mhíchumas ba chúis leis an gcion. I gcásanna eile, beidh sé de rogha ag an dlíodóir a dhéanann an cinneadh bualadh le híospartach má mheastar gur cuí sin in imthosca an cháis.

99 An Coiste Eorpach um Chosc ar Chéastóireacht agus ar Chóireáil Mhídhaonna agus Tháireach nó an Tuarascáil um Pionósú chuig Rialtas na Ríochta Aontaithe CPT/inf [2000] 1. Tharla cuairt an Choiste i Meán Fómhair 1997 agus foilsíodh an Tuarascáil at an 13 Eanáir 2000. An tráth a foilsíodh an Tuarascáil, d'admhaigh an Coiste go raibh athbhreithniú á dhéanamh ar réimse na gcinntí chun ionchúiseamh a dhéanamh i gcásanna a raibh bás i gcoimeád i gceist iontu.

**A.15** Ó tugadh isteach scéim DCV, is é atá i mbeartas an CPS ná scríobh chuig gach íospartach i gcásanna ina n-athraíonn an t-ionchúisitheoir na cúisimh nó ina ndéantar cinneadh gan leanúint ar aghaidh le hionchúiseamh. Is é is aidhm don tseirbhís a sholáthraíonn an CPS anois ná go ndéileálann íospartaigh agus a dteaghlaigh go díreach leis an duine a dhéanann an cinneadh sa chás seachas faisnéis a fháil ó pháirtí eile de réir mar a bhí ag tarlú nuair a bhí oifigigh phóilíneachta freagrach as scéala a thabhairt d'íospartaigh nuair a dhéanfaí cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh.

**A.16** Oibríonn an CPS trí mhúnla éagsúla le linn a sheirbhís DCV a sholáthar d'íospartaigh: an Múnla Caighdeánach, Múnla an Bhiúró um Fhaisnéis d'Íospartaigh agus Múnla Hibrideach.

a) Faoi mhodh an **Mhúnla Chaighdeánaigh** maidir le faisnéis a thabhairt d'íospartaigh, is ar an ionchúisitheoir atá freagrach as an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh atá an fhreagracht as litreacha a dhréachtú agus a chur chuig an íospartach/na híospartaigh sa chás. Is é nó is í an t-ionchúisitheoir sin an pointe teagmhála dírí freisin a fheidhmíonn mar phointe teagmhála dírí i dtaca le haon fhreagra, nó i dtaca le haon cheist, a fhaigheann an Oifig ón íospartach

b) Faoi **Mhúnla an Bhiúró um Fhaisnéis d'Íospartaigh** maidir le cúiseanna a thabhairt, glacann sainghrúpa den fhoireann ar a dtugtar cás-oibrithe freagracht as litreacha a dhréachtú trí chás-nótaí agus formhuinithe comhaid a úsáid. Sula seoltar litreacha amach as an Oifig, déanann an t-ionchúisitheoir atá freagrach as an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh iad a sheiceáil agus a shíniú. Déantar aon cheisteanna agus freagraí ón íospartach a chur go díreach chuig an Aonad seachas chuig an t-ionchúisitheoir a rinne a cinneadh.

c) Faoin **Múnla Hibrideach**, tá an t-ionchúisitheoir a dhéanann an cinneadh freagrach as aon litir/litreacha chuig an íospartach/na híospartaigh a dhréachtú agus a eisiúint, ach amháin i gcásanna ina dtarraingíonn an t-íospartach a fhianaise nó a fianaise siar. Má tharlaíonn a leithéid, déanann cás-oibrí an litir a dhréachtú agus déanann an t-ionchúisitheoir atá freagrach as an gcinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh í a sheiceáil agus a shíniú. Feidhmíonn an cás-oibrí ansin mar phointe teagmhála dírí i dtaca le haon fhreagra, nó i dtaca le haon cheist, a fhaightear ón íospartach.

**A.17** I bhfíseán míniúcháin de chuid an CPS ar impleachtaí agus oibriú na seirbhíse nua[100] nochtadh an tuairim go raibh cuid mhór de na litreacha a bhí á seoladh ródhlíthiúil ar dtús. Tugadh oiliúint speisialta don phearsanra dlí ionas nach mbeadh caint ródhlíthiúil á húsáid acu le linn litreacha a scríobh chuig teaghlaigh íospartach. Ba é an aidhm a bhí ann ná labhairt go soiléir le híospartaigh agus lena dteaghlaigh seachas léacht a thabhairt dóibh. Leagadh béim ar an tábhacht atá ann do dhlíodóirí gan dearmad a dhéanamh, nuair atá faisnéis á scaoileadh acu, go bhfuil siad ag déileáil le gnáthdhaoine. Samhlaíodh go ndéanfadh na póilíní aon deacrachtaí nó saincheisteanna a bheadh ag íospartaigh nó ag a dteaghlaigh a cur in iúl don CPS ar deacrachtaí nó saincheisteanna iad nár léir a bheith ann ón gcomhad agus go bhféadfadh an CPS, dá bharr sin, iad a chur i gcuntas le linn déileáil le híospartaigh nó lena dteaghlaigh. Tugtar oiliúint chun a chumasú do dhlíodóirí ionbhá a léiriú go héifeachtach leis an íospartach agus iarracht a dhéanamh machnamh a dhéanamh i dtaobh conas a mhothóidís-sean dá bhfaighidís litir den tsamhail chéanna ón CPS.

**A.18** Sna múnlaí go léir, is é ní is í an t-ionchúisitheoir a dhéanann an cinneadh a bhuaileann leis an íospartach chun míniú a thabhairt ar an gcinneadh agus chun a mhíniú conas a thángthas ar an gcinneadh. Admhaítear go bhféadfadh sé tarlú nach mbeidh an t-íospartach sásta leis an CPS ná leis an gcinneadh a dhéanann an t-ionchúisitheoir ach is é is aidhm fhoriomlán don tseirbhís DCV ná, a luaithe a mhínítear an cinneadh, go mbeidh tuiscint níos fearr ag an íospartach nó ag an duine de theaghlach an íospartaigh ar an gcúis a bhí leis an gcinneadh áirithe. Buaileann an t-ionchúisitheoir go díreach le híospartaigh nó lena dteaghlaigh. Ar dtús, bhí ábhar imní ann go bhféadfadh sé tarlú go dtiocfadh íospartach os comhair ionchúisitheoirí agus é nó í trí chéile, feargach nó foréigneach fiú amháin. Dá bhrí sin, cuireadh córais i bhfeidhm chun sábháilteacht gach duine a áirithiú ach ba bheag teagmhas den sórt sin a bhí ann agus is annamh a tharla aon teagmhas foréigneach. Léiríodh an tuairim freisin, maidir le cinneadh dhéanamh i dtaobh an ndéanfar, nó nach ndéanfar, ionchúiseamh in aon chás áirithe, gur ceart gur fearr an próiseas déanta cinntí nuair is eol go bhféadfadh sé go gcaithfear an cinneadh a mhíniú don íospartach.

100 Tugadh an físeán seo ar aird ag deireadh na roghanna scóipeála, a ritheadh i ndiaidh an treoir-staidéir sular cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn náisiúnta chun sár-chleachtas a aithint.

## ALBA

**A.19** Rinneadh athmheas le déanaí in Albain ar bheartas Oifig na Corónach agus an Aturnae Stáit i ndáil leis na cúiseanna a bhí le cinntí a thabhairt agus anois tugtar cúiseanna ar mhodh frithghníomhach, chomh maith le hiad a thabhairt ar bhonn réamhghníomhach, in imthosca áirithe. Tugtar treoir d'Aturnaetha Stáit a bheith réamhghníomhach agus iad ag tabhairt eolais nuair a bheidh siad ag plé le catagóirí áirithe cionta. Ceanglaítear cúiseanna ar cinneadh nach n-ionchúiseofaí duine a thabhairt ar shlí réamhghníomhach i gcásanna uile báis agus is dea-chleachtas é a mholtar i ndáil le droch-úsáid baile, cionta ciníochais, cionta gnéis, cásanna inar íospartach leanbh agus cásanna eile ina bhfuil íospartaigh thar a bheith leochaileach i gceist. Maidir le cásanna ina bhfuil na húdaráis ionchúisimh i dteagmháil cheana féin le híospartach nó le neasghaol agus ina bhfuil eolas á chur ar fáil acu faoi dhul chun cinn cáis, más é an cinneadh a dhéantar:

- gan dul ar aghaidh le cás nó le cúiseamh;
- gan leanúint le himeachtaí i gcás nó le cúiseamh;
- athrú substainteach a dhéanamh ar chúiseamh;
- nó glacadh le pléadáil i leith cúisimh laghdaithe,

is é an beartas é gur cóir an t-eolas faoi sin a thabhairt má iarrtar é nó a thabhairt de réir gnáth-chleachtais, agus ráiteas breise leis á rá má theastaíonn míniú ar an gcinneadh ón íospartach / ó neasghaolta gur cóir dó nó di nó dóibh dul i dteagmháil leis an Aturnae Stáit. Más rud é in imthosca ar leith cáis áirithe go measfaidh an tAturnae Stáit gur chuidiú na cúiseanna a bhí le cinneadh a thabhairt dá dheoin féin, tá sé sin incheadaithe, d'ainneoin go bhféadfadh gur oifigeach Eolais agus Comhairle d'Íospartaigh a chuir an chéad chinneadh in iúl. I gcásanna áirithe d'fhéadfadh gur cuí cruinniú a thairiscint chun míniú a thabhairt. Moltar freisin, i gcásanna ina bhfuil na nithe seo i gceist:

- básanna;
- cionta gnéis;
- droch-úsáid leanaí (faillí, ionsaí coirp, droch-úsáid gnéis);
- cionta ciníochais,

gur cóir de ghnáth cruinniú le hAturnae Stáit ag a bhfuil sinsearacht oiriúnach a thairiscint don íospartach. Ní bhíonn gá leis sin i gcónaí. Is leor sain-litir chuí i gcásanna eile.

### Coigeartú / Caibidlí Pléadála

**A.20** Má ghlactar le pléadáil arna laghdú go mór, tá sé mar bheartas ag Oifig na Corónach agus ag Seirbhís an Aturnae Stáit gur cóir na cúiseanna a ndearnadh é sin a thabhairt. Sa tslí chéanna, más rud é gur réitíodh cás le caibidlí pléadála agus gur glacadh le pléadálacha neamhchiontach i leith cúiseamh ina bhfuil íospartaigh áirithe i gceist ansin is cóir míniú a thabhairt dóibh i dtaobh na bhfachtóirí a cuireadh i gcuntas le linn pléadálacha a choigeartú, amhail na nithe seo:

- an fhianaise a bhí ar fáil in aghaidh an chúisí;
- an anbhroid agus an mhíchaoithiúlacht don íospartach agus d'fhinnéithe eile de dhroim trialach;
- toradh áirithe a bheith inmhianaithe.

### Dálaí nach féidir Cúiseanna a Thabhairt iontu

**A.21** D'ainneoin beartas an-oscailte a bheith ann i ndáil le cúiseanna le cinntí ionchúisimh a thabhairt, aithníonn Oifig na Corónach agus Seirbhís an Aturnae Stáit go bhféadfadh sé tarlú uaireanta nach féidir eolas a thabhairt faoi chúiseanna. Is féidir gur mar sin a bheadh má fuarthas eolas ó fhoinse faoi rún a choiscfeadh ar an Aturnae Stáit dul ar aghaidh le cás, i gcás go sárófaí príobháideacht an chúisí dá scaoilfí an chúis nó go ndéanfaí dochar d'imeachtaí atá ar siúl dá scaoilfí an t-eolas.

### Beartas na hAlban faoi Chatagóirí Daoine a dTugtar Cúiseanna Dóibh

**A.22** Is dóigh le hOifig na Corónach agus le Seirbhís an Aturnae Stáit nár chóir cúiseanna le cinntí a thabhairt ach amháin d'íospartaigh agus, i gcásanna go bhfuair aon duine bás, do neasghaolta. Ní cóir d'Oifig na Corónach ná do Sheirbhís an Aturnae Stáit iad a thabhairt amach go poiblí, ionas nach mbeidh íospartaigh, finnéithe agus daoine atá á n-imscrúdú i mbaol go mbeadh triail ag na meáin ann, mar a deirtear. Tá nithe a bhaineann le hábhar ón taobh sin de, is iad sin rúndacht, príobháideacht agus clú

finnéithe, agus an toimhde go bhfuil an cúisí neamhchiontach. Ní dhéantar faoi reachtaíocht na hAlban faoi shaoráil faisnéise cúiseanna le cinntí a thabhairt do dhaoine nach bhfuil aon bhaint acu leis an gcas.[101]

## AN ASTRÁIL

**A.23** Tugann Bunreacht na hAstráile cumhachtaí sonracha don Chomhlathas agus dílsíonn sé a bhfuil fágtha de chumhachtaí do na Stáit faoi seach. Is ar Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an Chomhlathais atá an fhreagracht as cionta cónaidhme a ionchúiseamh agus is í Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí i ngach Stát faoi leith a ionchúisíonn cionta coiriúla a dhéantar i ngach Stát agus i ngach Críoch. Rinne Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí an Chomhlathais agus Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí na Stát agus na gCríoch go léir san Astráil beartas ionchúisimh comhchoiteann a ghaháil chucu féin i gcomhpháirt i 1990.[102] Le linn na 1980aí d'fhoirmligh na Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí agus cinnirí gníomhaireachtaí ionchúisimh Dhlínsí uile na hAstráile[103] tástáil chomhchoiteann 'ionchais réasúnaigh' a chuirfí in ionad na tástála *prima faciea* bhíodh ann.[104] Ghabh na Stáit agus na Críocha go léir agus an Comhlathas tástáil an 'ionchais réasúnaigh' chucu féin i 1989. Mar choimriú, déantar foráil leis an tástáil nár chóir ionchúiseamh a thabhairt mura bhfuil cás prima facie ann agus ionchas réasúnach go gciontófar duine agus más gá an t-ionchúiseamh a thionscnamh ar mhaithe le leas an phobail. Tá Oifigí indibhidiúla na Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí tar éis a dTreoirlínte Beartais Ionchúisimh Indibhidiúla a fhoilsiú ina gcorpraítear an tástáil chomhchoiteann seo a chuir ar a gcumas, de réir aighneachta chuig an gCoimisiún um Choireacht

101 Cumarsáid ó Oifig na Coróinach agus ó Sheirbhís an Aturnae Stáit chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí.

102 Aighneacht ó Stiúrthóirí Ionchúiseamh Poiblí na hAstráile chuig na Coimisiúin Fiosrúcháin um Chúrsaí Cionta Gnéis, Taighde agus Cosc, Coireacht agus Mí-Iompar. 4 Samhain 2002 http://www.cmc.qld.gov.au/library/CMCWEBSITE/SOI_Sub2.pdf

103 Go dtí go déanach sna 1980aí ní raibh Oifig Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí bunaithe go hoifigiúil ach ag dhá dhlínse, Victoria agus an Comhlathas. Is iad na póilíní is mó a sheol ionchúisimh os comhair na gcúirteanna achoimre agus ní raibh údaráis Dlí na Coróinach páirteach ach amháin in ábhair indíotála nuair a bhí ordú cimithe faighte. Go dtí seo dealraíonn sé gurb é sin an gnás i gcónaí ina lán dlínsí cé is móite de ODPP an Comhlathais, ACT agus NSW, d'ainneoin gur bunaíodh Oifigí Stiúrthórí Ionchúiseamh Poiblí ní ionchúisíonn siad ach cionta indíotála de ghnáth agus is faoina póilíní fós an fhreagracht as cionta achoimre a ionchúiseamh.

104 De réir na haighneachta seo "faoi lár na 1980aí ba léir ó thaithí fada bheith ag ionchúiseamh os comhair giúiréithe i dtrialacha a ionchúisíosh de réir caighdeáin *prima facie* go mbeadh céatadán intuartha agus doghlactha d'éigiontuithe."

agus Mí-Iompar in 2002, "ní amháin comhchoiteannacht a bhunú ar fud na Tíre ach caighdeán a sholáthar a bhí trédhearcach agus sothuigthe mar aon le hoibleagáid tuarascáil bhliantúil a thabhairt don Pharlaimint, chun trédhearcacht a chomhlíonadh, rud a d'féadfaí a cheistiú ó tharla oifigigh a bhí neamhspleách ar an Rialtas a bheith bunaithe".

**A.24** Tá cur chuige coiteann ag bunús na Stát maidir le cúiseanna nár tionscnaíomh ionchúiseamh a thabhairt díreach mar atá i ndáil le cionta a ionchúiseamh. Tríd is tríd tabharfar cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a thionscnamh ach amháin i gcás go ndéanfaí tuilleadh dochair do, nó go gcuirfí náire mhór ar, íospartach, finné nó don chúisí dá ndéanfaí sin. Ní thugtar cúiseanna gan ionchúiseamh a thioscnamh i gcás go bhféadfaí riaradh an cheartais a chur i mbaol dá dtabharfaí iad.

**A.25** Tá dlíthe tugtha isteach ag Stáit áirithe san Astráil chun eolas a thabhairt d' íospartaigh na coireachta faoi ionchúiseamh cásanna a bhaineann leo. Faoin Victims of Crime Act 994 cuireadh iallach ar Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí na hAstráile Thiar eolas a thabhairt d'íospartaigh a mhéid is indéanta é faoi chásanna ina bhfuil siad páirteach.[105] Dá bhrí sin, bheadh sé in aghaidh an dlí san Astráil Thiar cloí leis an gcleachtas nach dtabharfaí na cúiseanna d'íospartaigh na coireachta gur cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh nó ionchúisimh a tharraingt siar. Ar an gcaoi chéanna, ceanglaítear le dlí ar Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí na hAstráile Theas faoin Victims of Crime Act 2001 cúiseanna ar chinn an tIonchúisitheoir gan dul ar aghaidh le cúiseamh a thabhairt d'íospartaigh[106] agus ní bhíonn an Stiúrthóir díolmhaithe ón oibleagáid sin ach amháin más rud é go gcuirfí an t-imscrúdú i mbaol mar gheall air sin a dhéanamh.[107]

105 Foráiltear le halt 3 den Victims of Crime Act 1994: "(1) Public officers and bodies are authorised to have regard to and apply the guidelines in Schedule 1 and they should do so to the extent that it is – (a) within or relevant to their functions to do so; and (b) practicable for them to do so." Foráiltear leis an Sceideal a ghabhann leis an Acht dar teideal 'Guidelines as to How Victims Should be Treated' faoi chlásal 6 de na Treoirlínte; "A victim who has so requested should be kept informed about (a) the progress of the investigation into the offence (except where to do so may jeopardise the investigation); (b) charges laid; (c) any bail application made by the offender; and (d) variations to the charges and the reasons for variations."

106 Victims of Crime Act 2001 a.8 (1)(e).

107 *ibid* at s.8(3)

## CEANADA

**A.26** Ar nós na hAstráile tá cur chuige éagsúil sna cúigí agus críocha éagsúla i gCeanada i dtaobh cúiseanna leis an gcinneadh nach dtionscnófaí ionchúiseamh a thabhairt. Córas cónaidhme atá i gCeanada agus is ar bhonn cónaidhme a rialáiltear nithe a bhaineann le Ceanada trí chéile, ar a n-áirítear an dlí coiriúil. Tagann na cúigí go léir faoi réim Chód Coiriúil Cheanada.[108] Tá a údarás ionchúisimh féin ag gach cúige, áfach, agus mar sin de ní hionann cleachtais ionchúisimh sna cúigí.

**A.27** Tá dlí sibhialta Quebec bunaithe ar dhlí sibhialta na Fraince. Toisc ról na Fraince siar le linn an limistéar a bheith á cholíniú an chéaduair. Tagann Quebec faoi Chód Coiriúil cónaidhme Cheanada agus tá dlí coiriúil Quebec faoi rialú an dlí choitinn.[109]

**A.28** D'ainneoin gur ag an leibhéal cónaidhme don chuid is mó a chinntear cad a bheidh sa dlí coiriúil agus go bhfágtar forfheidhmiú agus ionchúiseamh an chuid is mó de na cionta faoi na cúigí, forchoimeádtar mionlach de chionta ag na cúirteanna cónaidhme agus ag na húdaráis ionchúisimh chónaidhme.[110] Tríd is tríd, tá na cúirteanna cúige freagrach as cionta faoi reachtanna cúige agus cionta faoin gCód Coiriúil a thriail. De ghnáth, is é nó is í Ard-Aighne gach cúige an príomhionchúisitheoir agus príomhfheidhmeannach na Roinne Dlí agus Cirt (ach amháin in Nova Scotia áit a bhfuil Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí neamhspleách). Is mar sin a bhíodh ag an leibhéal cónaidhme freisin. Go dtí le fíordhéanaí ní raibh Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí iomlán neamhspleách ag an leibhéal cónaidhme faoi chóras Cheanada.[111] Is eagraíocht rialtais cónaidhme Seirbhís Ionchúisimh Phoiblí Cheanada (PPSC) a bunaíodh ar an 12 Nollaig 2006, nuair a tugadh Toiliú Ríoga do Chuid 3 den *Federal Accountability Act* agus cuireadh an Director of Public Prosecutions Act i bhfeidhm. Comhlíonann an PPSC freagrachtaí Ard-Aighne Cheanada a bhaineann lena shainordú dlí choiriúil

108 Ar fáil ar líne ag http://laws.justice.gc.ca/en/C-46/.

109 Féach , mar shampla, P.W. Hogg, *Constitutional Law of Canada*, 4th edition, Ontario, 1977, *op cit,* lgh. 35-36. Nuair a géilleadh an chríoch arb é atá inti anois Ontario agus Quebec é don Ríocht Aontaithe i 1763, forchuireadh, le forógra Ríoga, Dlí Shasana ar an gcoilíneacht a bhí á rialú le Dlí na Fraince roimhe sin. Cuireadh dlí na Fraince i réim arís i ndáil lé gnóthaí neamhchoiriúla leis an Quebec Act 1774, áfach. Coimeádadh dlí coiriúil Shasana i bhfeidhm in Quebec le hAlt 11 d'Acht 1774, ar an ábhar, de réir Hogg, gur measadh an tráth sin go raibh dlí coiriúil na Fraince ródhian - féach lch. 36.

110 Féach Department of Justice, *Federal Prosecution Service Review,* Ottawa, 2001.

111 Féach http://www.ppsc.gc.ca/.

a urscaoileadh trí chionta coiriúla a ionchúiseamh faoin dlínse chónaidhme. Tá an ról a bhí ag an tSeirbhís Ionchúisimh Chónaidhme (FPS) mar a bhí laistigh de Roinn Dlí agus Cirt Cheanada glactha chuici féin ag an PPSC agus tá freagrachtaí breise aici as cionta nua calaoise agus toghcháin a ionchúiseamh. Ní hionann agus an FPS ar chuid den Roinn Dlí agus Cirt í is eagraíocht neamhspleách a thuairiscíonn don Pharlaimint trí Ard-Aighne Cheanada an PPSC. Sa mhórchuid de chúigí Cheanada níl an t-údarás ionchúisimh scartha go foirmiúil ó ghníomhaireachtaí Rialtais eile mar atá in Éirinn ach, dá ainneoin sin, tá an-chuid neamhspleáchais oibríochta ag na húdaráis ionchúisimh.

**A.29** I ndáil le cúiseanna a thabhairt le cinntí gan ionchúiseamh a thionscnamh ag leibhéal cónaidhme, d'fhoilsigh an FPS láimhleabhair beartais cuimsitheach – an *Federal Prosecution Service Deskbook*.[112] Le linn a treoirdhoiciméid maidir le hiompar ionchúisitheoirí a bheith á gcur ar bun ag an PPSC, leanann Deascleabhar na FPS i bhfeidhm, fara aon mhodhnuithe is gá sna himthosca. Tá ráiteas ginearálta sa Deascleabhar faoin tábhacht a bhaineann le cúiseanna le cinntí gan ionchúiseamh a thionscnamh a chur in iúl do ghníomhaireachtaí rialtais iomchuí:

> "I gcás go ndéantar cinneadh gan imeachtaí a thionscnamh, moltar taifead a choinneáil faoi na cúiseanna leis an gcinneadh sin. Ina theannta sin, ba chóir go dtabharfadh abhcóidí aird i gcásanna cuí ar an ngá le cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh a mhíniú, mar shampla, don ghníomhaireacht imsrúdaithe. Má chinntítear go dtuigeann páirtithe lena mbaineann an chúis ar cinneadh gan ionchúiseamh a thionscnamh, agus go léiríonn na cúiseanna sin íogaireacht do shainordú na gníomhaireacht imsrúdaithe, cothóidh sé sin gaolmhaireachtaí oibre níos fearr."[113]

**A.30** Is féidir eolas a thabhairt d'íospartaigh freisin, d'ainneoin nach gceanglaítear go sonrach sin a dhéanamh, taobh amuigh den mhéid seo a aithint i gcoitinne "b'fhéidir go mbeidh gá le bearta chun muinín a chaomhnú i riaradh an cheartais" ós rud é go mb'fhéidir gurb éagóir, dar leis na híospartaigh, cinneadh a bheith déanta gan ionchúiseamh a thionscnamh. Ní phléitear cá mhéad eolais ba chóir a thabhairt d'íospartaigh. De réir dealraimh, tá rogha ag an ionchúisitheoir ina thaobh sin de réir fhíricí gach cáis faoi leith. Aithnítear freisin gurbh fhéidir gur chuí cúiseanna a thabhairt do na meáin, agus gur sa chúirt oscailte ab fhearr é, ach níl aon

112 12 Ottawa, 2000. Ar fáil ar líne ag http://www.ppsc.gc.ca/eng/pub/fpsd-sfpg.html.

113 *ibid.*, p.V-15-6.

ceangal sonrach leagtha amach agus tá an rogha ag na hionchúisitheoirí sin a dhéanmah nó gan é a dhéanamh.

**A.31** Is é a dhéantar in Nova Scotia, an réasúnú le cinneadh nach dtionscnófar ionchúiseamh a mhiniú d'ofigigh imscrúdaithe/póilíneachta agus don íospartach araon. Tá an cur chuige sin leagtha síos sa *Crown Attorney's Manual*:

> " Tá nithe breise le breithniú má chinntear gan leanúint le hionchúiseamh tar éis cúiseamh a dhéanamh. Má tá íospartach inaitheanta i gceist i gcúiseamh, tá sé de dhualgas ar an ionchúisitheoir a chinntiú go gcuitear an t-íospartach ar an eolas faoin réasúnú leis an gcinneadh, agus gur fearr é sin a dhéanamh sula nochtar an cinneadh go poiblí (is ionann tarraingt siar nó bac a thaifeadadh sa chúirt agus cinneadh a fhógairt go poiblí). Dá mhéad iad an bhagairt ar an íospartach, nó an díobháil nó an cailliúint airgid a bhainfidh dó nó di, is amhliadh is mó an oibleagáid ar an ionchúisitheoir an t-íospartach a choinneáil ar an eolas."[114]

**A.32** Is léir ón tsliocht thuas go meastar gur nithe leithleacha is ea na cúiseanna le cinneadh a chur in iúl d'íospartach agus na cúiseanna a nochtadh go poiblí. Is cás le daoine an méid deireanach sin agus tugtar aghaidh air i sliocht ina dhiaidh sin sa *Manual*:

> "I gcásanna áirithe, is cuí na cúiseanna gearra nach bhfuiltear ag leanúint d' ionchúiseamh a chur ar an taifead sa chúirt. Tá sé sin fíor ach go háirithe nuair a tharraing cás aird an phobail, nó nuair a cimíodh duine chun trialach. Nuair atá cúiseanna á gcur ar an taifead poiblí, nó le linn ráiteas poiblí a dhéanamh, ní mór don ionchúisitheoir cúram a ghlacadh gan náire a chur ar an gcúisí ná ar fhinnéithe trí eolas a nochtadh nach gcuirfear ar fáil go poiblí murach sin. De ghnáth, is leor tagairt a dhéanamh do chúinsí leas an phobail i ráiteas simplí."[115]

**A.33** Is é an cur chuige atá ag Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Nova Scotia ná iarracht a dhéanamh trédhearcacht, ar mhaithe le híospartaigh agus leis an bpobal, agus príobháideacht, ar mhaithe le daoine faoi dhrochamhras a chóimheá. Déantar foráil leis an Freedom of Information and Protection of Privacy Act 1993 (arna leasú) maidir leis an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí "nach ndiúltóidh sé na cúiseanna nár tionscnaíodh ionchúiseamh a nochtadh más eol [don duine a rinne iarratas ar an eolas] go bhfuil an t-imscrúdú ar siúl."[116] Foráiltear freisin, áfach go dtig leis an Stiúrthóir

114 *ibid.*

115 *ibid.*

116 Alt 15(1)

Ionchúiseamh Poiblí diúltú eolas a nochtadh i gcuid mhaith cúinsí toisc go ndéanfadh an nochtadh dochar do riaradh an cheartais.[117] Mar sin de, is cosúil go bhfágann an tAcht faoi rogha an Stiúrthóra cé acu a nochfar eolas, bíodh go n-aithnítear gur chóir i gcoitinne eolas a nochtadh más féidir nó más indéanta é. Faoi láthair tá sé mar chleachtas ag Oifig Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Nova Scotia gan ach cúiseanna an-ghinearálta a thabhairt de bhun fhorálacha saorála faisnéise, ar nós "ní dócha gur leor an fhianaise chun éinne a chiontú."[118]

117 Section 15(1) and (2):

(1) The head of a public body may refuse to disclose information to an applicant if the disclosure could reasonably be expected to:

(a) harm law enforcement;

(b) prejudice the defence of Canada or of any foreign state allied to or associated with Canada or harm the detection, prevention or suppression of espionage, sabotage or terrorism;

(c) harm the effectiveness of investigative techniques or procedures currently used, or likely to be used, in law enforcement;

(d) reveal the identity of a confidential source of law-enforcement information;

(e) endanger the life or physical safety of a law-enforcement officer or any other person;

(f) reveal any information relating to or used in the exercise of prosecutorial discretion;

(g) deprive a person of the right to a fair trial or impartial adjudication;

(h) reveal a record that has been confiscated from a person by a peace officer in accordance with an enactment;

(i) be detrimental to the proper custody, control or supervision of a person under lawful detention;

(j) facilitate the commission of an offence contrary to an enactment; or

(k) harm the security of any property or system, including a building, a vehicle, a computer system or a communications system.

(2) The head of a public body may refuse to disclose information to an applicant if the information

(a) is in a law-enforcement record and the disclosure would be an offence pursuant to an enactment;

(b) is in a law-enforcement record and the disclosure could reasonably be expected to expose to civil liability the author of the record or a person who has been quoted or paraphrased in the record; or

(c) is about the history, supervision or release of a person who is in custody or under supervision and the disclosure could reasonably be expected to harm the proper custody or supervision of that person.

118 Cumarsáid ó Leas Ard-Aighne Cúnta (Dlí Coiriúil) Cheanada chuig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

**A.34** Mar choimriú, tugann Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí Nova Scotia cúiseanna sonracha d'íospartaigh (agus d'oifigigh eile Rialtais chomh maith) más féidir, nuair a chinntear gan ionchúiseamh a thionscnamh. Tá dhá phríomhfhachtóir ann a d'fhéadfadh srain a chur le nochtadh faisnéise, is iad sin leasanna cúisí nó duine a bhfuil amhras air agus leasana finnéithe. Is é an gnás i ndáil le nochtadh eolais don phobal cúiseanna níos giorra nó níos ginearálta a thabhairt, i láthair cúirte oscailte, rud a cheaptar a bheith níos fearr, nó go díreach do na meáin. Is amhlaidh an scéal i gcás iarrataí faoi reachtaíocht saorála faisnéise, sa mhéid is nach dtugtar ach cúiseanna an-ghinearálta.

**A.35** Sa Cholóimb Bhriotanach rinne an Bhrainse Ceartais Choiriúil de Roinn an Ard-Aighne athbhreithniú ar an *Crown Counsel Policy Manual* in 2005.[119] Tá dhá fhoráil reachtúla insuntais sa láimhleabhar, mar aon le treoirlínte atá bunaitheorth sin, i ndáil le cúiseanna a thabhairt nár tionscnaíodh ionchúiseamh. Deirtear sa láimhleabhar ar lch. 56 *et seq*:

> "Freedom of Information and Protection of Privacy Act 15(4):
>
> Tar éis imscrúdú póilíní a bheith críochnaithe, ní cead do cheann comhlachta phoiblí diúltú na cúiseanna le cinneadh nár tionscnaíodh ionchúiseamh a nochtadh faoin alt seo
>
> a) Do dhuine arbh eol dó faoin imscrúdú agus a raibh leas suntasach aige ann, ar a n-áirítear íospartach nó gaol nó cara le híospartach, nó
>
> b) d'aon duine eile den phobal, má bhí a fhios ag an bpobal faoin imscrúdú.
>
> Victims of Crime Act:
>
> 6 (1) Faoi réir an Young Offenders Act (Canada) agus a mhéid nach dochar é sin do chion a imscrúdú ná a ionchúiseamh, ní mór do phearsanra an chórais dlí is cirt a shocrú, má iarrtar é, go bhfaighidh íospartach eolas faoi na nithe seo a leanas i ndáil leis an gcion:
>
> **c)** na cúiseanna a ndearnadh cinneadh maidir le cúisimh."

Ina dhiaidh sin leagann an láimhleabhar amach na treoirlínte atá le leanúint le linn cúiseanna a eisiúint:

"I. FREAGRAÍ A DHRÉACHTÚ

1. Aimsigh gach ceist a ardaítear sa litir.
2. Faigh amach an t-údar imní lárnach nó is tábhachtaí.

119 http://www.ag.gov.bc.ca/public/criminal-justice/C.J.BPolicyManual.pdf.

3. Cinntigh go bhfuil an freagra dírithe ar an údar imní lárnach nó is tábhachtaí agus go dtugtar freagra ar na ceisteanna eile a ardaíonn an comhfhreagróir.

4. Déan iarracht míniú a thabhairt gan argóintí a dhéanamh – léirigh atrua agus comhthuiscint le scéal an chomhfhreagróra – cuir béim ar chothroime agus ar pheirspictíocht.

5. Má tá ábhar fós os comhair na cúirte, ní cuí de ghnáth aon tráchta a dhéanamh ar an gceist.

6. Bí cuiditheach – déan do dhícheall leighis agus roghanna iomchuí a shonrú agus gníomhaireachtaí tarchuir eile

7. Agus tú ag tuairisciú gur ciontaíodh éinne, luaigh dáta an chiontaithe, an dáta pianbhreithe más dáta eile é, agus sonraí iomlána i dtaobh aon phianbhreithe a forchuireadh. Breac síos ionad na cúirte agus leibhéal na cúirte. Meabhraigh, áfach, na srianta atá ar nochtadh ainm aon duine óig a chúisítear i gcion.

8. Tabhair le fios, mar is cuí, gur féidir leis an ngearánaí teagmháil a dhéanamh le hAbhcóide Corónach Réigiúnach nó le Leas-Abhcóide Corónach Réigiúnach nó le duine éigin eile. Tabhair an t-ainm, an seoladh agus an uimhir theileafóin.

9. B'fhéidir gur cuí sa mhír dheireannach buíochas a ghabháil leis an duine as scríobh agus a rá go bhfuil súil agat go mbeidh tráchtanna an scríbhneora ina gcuidiú.

10. Déan breithniú cúramach cén cineál duine a bheartaítear a bheidh ag fáil na litreach agus simpligh frásaí agus téarmeolaíocht dlí dá réir sin.

II. EAGARTHÓIREACHT A DHÉANAMH AR DO DHRÉACHT

1. Athmheas do dhréacht in aghaidh na dtreoirlínte thuas.

2. Déan do bhreithniú an cóir aon mholtaí a dhéanamh faoi bheartas, nós imeachta, nó an dlí a athrú. Más cóir, ullmhaigh meabhrán ar leithligh. Is féidir cúnamh a iarraidh le dréachtú litreach ó Aonad Comhfhreagrais sa Phríomh-Oifig."

**A.36** Bhí an tátal seo a leanas i dTuarscáil a foilsíodh i 1990 faoi choimirce Roinn an Ard-Aighne sa Cholóimb Bhriotanach:

"I gcás go mbeidh cinneadh déanta gan ionchúiseamh a thioscnamh, agus go mbeidh a fhios ag an bpobal, ag íospartach nó ag duine eile ag a bhfuil leas nach beag sa ní, faoin imscrúdú ag na póilíní, is é leas an phobail é go ndéanfadh na póilíní nó Abhcóide na Corónach cúiseanna dóthanacha nár

> tionsnaíodh ionchúiseamh a thabhairt don phobal, don íospartach nó don duine leasmhar eile sin."[120]

Tá sé sin ar comhréir leis na forálacha a imrianaítear thuas sa Freedom of Information and Protection of Privacy Act agus sa Protection of Privacy Act agus the Victims of Crime Act.[121]

## TÁTAL

**A.38** Mar a luadh roimhe is coimriú an Chaibidil seo, agus sin an méid, ar an gcur chuige atá i ndlínsí eile i dtaobh na saincheiste casta seo. Tá difear idir na dlínsí ó thaobh cur chuige de ach i gcás dlínsí a bheith tar éis a chinneadh go dtabharfaí na cúiseanna ar cinneadh nach n-ionchúiseofaí éinne is léir go bhfuil an-iarracht déanta a chinntiú nach ndéantar dochar do riaradh an cheartais.

120 S. Owen, *Report of the Discretion to Prosecute Inquiry* ('the Owen Report'), Vancouver: BC Roinn Ard-Aighne BC, 1990, p. 110, Moladh uimh. 8(2).

121 Cumarsáid ó Leas Ard-Aighne Cúnta (Dlí Coiriúil) Cheanada chuig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

| Dlínse | Polasaí Maidir le Cúiseanna a Thabhairt le Cinntí gan Ionchúiseamh a Thabhairt |
|---|---|
| Tuaisceart Éireann | Is é an polasaí ná cúiseanna a thabhairt maidir le cinntí gan ionchúiseamh a thabhairt ach i dtéarmaí an-ghinearálta. Déantar an polasaí seo a scrúdú agus a athbhreithniú i ngach cás ina ndéantar iarratas ar mhionchúiseanna a chur ar fáil. |
| Sasana & An Bhreatain Bheag | Polasaí foriomlán i bhfabhar cúiseanna a chur ar fáil d'íospartaigh maidir le cinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt.<br><br>Cuirtear cúiseanna ar fáil ag an Tionscnamh um Chumarsáid Dhíreach le hÍospartaigh trí thrí eiseamláir:- An Eiseamláir Chaighdeánach: freagra scríofa don íospartach ag an ionchúisitheoir; Eiseamláir an Bhiúró Faisnéise don Íospartach: Cuireann sainionad freagra scríofa ar fáil don íospartach; Eiseamláir Chroschineálach: freagra scríofa ag an ionchúisitheoir cinnteoireachta nó ag an gcásoibrí don íospartach ag brath ar thosca an cháis. |
| Albain | Tugtar cúiseanna d'íospartaigh nó do neasghaol ar bhonn frithghníomhach chomh maith le bonn onnghníomhach faoi thosca áirithe.<br><br>I roinnt cásanna socraítear cruinniú leis an íospartach d'fhonn cúiseanna a chur ar fáil le cinneadh. I gcásanna eile cuirtear litir atá cumtha go hiomchuí chuig na híospartaigh nó don neasghaol. |
| An Astráil<br><br>An Comhlathas | Tá an polasaí foriomlán i bhfabhar cúiseanna a thabhairt le gan ionchúiseamh a thabhairt ach amháin i gcás go mbeadh sé ina chúis le dochrú ar riarachán ceartais nó dochar nó cotadh don íospartach, d'fhinné nó don chúisí.<br><br>De ghnáth bíonn na ráitis maidir le cúiseanna i bhfoirm scríofa, iad an-ghearr agus go hiondúil gan bheith níos mó ná leathanach ar fad agus stair an ghnó agus ráiteas gearr i dtaca le cén fáth nár tugadh ionchúiseamh cuimsithe iontu. |
| An Astráil<br><br>An Astráil Thiar | Tá an polasaí foriomlán i bhfabhar cúiseanna a chur ar fáil le gan ionchúiseamh a thabhairt.<br><br>Cuirtear cúiseanna ar fáil do na póilíní, do na híospartaigh, don Chúirt agus do na meáin. Cuirtear an leibhéal faisnéise is airde ar fáil do na póilíní, beagán níos mó do na híosparataigh ná mar a chuirtear ar fáil don Chúirt agus an méid is lú faisnéise ar fáil d'fhiosraithreoirí agus do na meáin. |
| An Astráil<br><br>An Astráil Thuaidh | Tá an polasaí foriomlán i bhfabhar cúiseanna a chur ar fáil d'fhiosraitheoirí a bhfuil leas dlisteanach acu sa ghnó. |

| Dlínse | Polasaí Maidir le Cúiseanna a Thabhairt le Cinntí gan Ionchúiseamh a Thabhairt |
|---|---|
| An Astráil<br><br>An Astráil Theas | Is é an polasaí foriomlán ná cúiseanna a chur ar fáil le gan ionchúiseamh a thabhairt ach amháin tar éis measúnú a bheith déanta lena shocrú cé acu an bhfuil sé inghlactha é sin a dhéanamh.<br><br>Tá glactha mar chleachtas ag an oifig gan cúiseanna a thabhairt ach chomh fada agus a éilíonn an cás agus ar na boinn nach bhfuil an t-ionchúiseamh ar mhaithe le leas an phobail é nó nach bhfuil ionchas réasúnta ciontaithe ann de réir pholasaí ionchúisimh agus treoirlínte na hoifige. Ní chuirtear ach míniú gairid ar fáil agus ní shoiléiríonn Stiúrthóir na hOifige é ar bhealach ar bith eile. |
| An Astráil<br><br>New South Wales | Is é an polasaí foriomlán ná cúiseanna a chur ar fáil le cinntí gan ionchúiseamh a thabhairt, de réir mar is iomchuí. Ní chuirtear cúiseanna ar fáil ach d'fhiosraitheoirí ag a bhfuil leas dlisteanach sa ghnó agus de réir mar is iomchuí nó a mhalairt é sin a dhéanamh. Meastar leas dlisteanach a bheith ag na meáin i riar oscailte ceartais áit ar poiblíodh imeachtaí roimhe sin. Ní chuirtear cúiseanna ar fáil i gcásanna ina mbeadh sé ina chúis le dochar tromchúiseach míchuí a dhéanamh d'íospartach, d'fhinné nó do dhuine cúisithe nó a dhéanfadh dochar do riarachán an cheartais dá ndéanfaí sin. |
| An Astráil<br><br>Capital Territory na hAstráile | Is é an polasaí foriomlán ná cúiseanna a chur ar fáil i gcásanna nuair a dhiúltaíonn an Stiúrthóir dul ar aghaidh le hionchúiseamh, de réir mar is iomchuí. Ní chuirtear cúiseanna ar fáil ach d'fhiosraitheoirí ag a bhfuil leas dlisteanach sa ghnó agus áit a bhfuil sé iomchuí ar chaoi eile é sin a dhéanamh. Cuirtear na meáin ar an eolas áit a gcimítear duine go poiblí le haghaidh trialach. Ní chuirtear cúiseanna ar fáil ach d'fhiosraitheoirí ag a bhfuil leas dlisteanach sa ghnó agus áit a bhfuil sé iomchuí ar chaoi eile é sin a dhéanamh. Cuirtear na meáin ar an eolas áit a gcimítear duine go poiblí le haghaidh trialach. |
| Ceanada<br><br>Feidearálach | Is é an polasaí ginearálta ná áisínteachtaí ábhartha rialtais a chur ar an eolas maidir leis na cúiseanna gan ionchúiseamh a thabhairt. Faoi thosca áirithe féadfar faisnéis a thabhairt d'íospartaigh maidir leis na cúiseanna gan ionchúiseamh a thabhairt. Féadfar cúiseanna a thabhairt do na meáin faoi gan ionchúiseamh a thabhairt. Go hidéalach, tá sé sin le déanamh i gcúirt oscailte ach níl saincheanglas ar bith leagtha síos.<br><br>Tá sé faoi rogha an ionchúisitheora cúiseanna a thabhairt maidir le cinntí agus braithfidh sé ar fhíricí gach cás ar leith. |
| Ceanada<br><br>British Columbia | Is é an polasaí ná áit a bhfuil cinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt agus go bhfuil a fhios ag an bpobal, ag íospartach nó duine ar bith eile ag a bhfuil leas suntasach ar imscrúdú na bpóilíní go bhfuil sé ar mhaithe le leas an phobail go dtabharfaí leordhóthain cúiseanna dóibh leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt.<br><br>Tugann na póilíní nó Comhairleoir na Corónach na cúiseanna. |

| Dlínse | Polasaí Maidir le Cúiseanna a Thabhairt le Cinntí gan Ionchúiseamh a Thabhairt |
|---|---|
| Ceanada<br><br>Nova Scotia | Is é an polasaí ná réasúnaíocht a bhaineann le cinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt a mhíniú d'oifigigh na bpóilíní agus do na híospartaigh araon. Áit a ndéantar cinneadh éirí as ionchúiseamh tar éis cúiseamh a thabhairt agus go bhfuil íospartach inaitheanta ar an eolas maidir leis an réasúnaíocht a bhaineann leis an gcinneadh sula bhfoilseofar cinneadh ar bith go poiblí. Áit a ndéantar cinneadh éirí as ionchúiseamh i gcás a tharraing aird an phobail agus a ndearnadh cimiú le haghaidh trialach, féadfar cúiseanna gearra leis an gcinneadh éirí as a chur ar thaifead poiblí, de ghnáth le ráiteas simplí a dhéanann tagairt do thosca leas an phobail. Ní mór don ionchúisitheoir a bheith cúramach gan cotadh a chur ar an gcúisí ná ar fhinnéithe trí fhaisnéis a nochtadh nach mbeadh poiblí ina mhalairt de chaoi. |
| An Tsualainn | Níl aon pholasaí oifigiúil ann cúiseanna a thabhairt maidir le cinntí gan cás a ionchúiseamh, ach dáiríre cuirtear cúiseanna ar fáil de ghnáth. Tugtar cúiseanna le cinntí d'íospartaigh de ghnáth.<br><br>I gcoitinne cuirtear cúiseanna gearra nó ginearálta ar fáil d'íospartaigh cé go bhfuil sé mar pholasaí cinntí a mhíniú chomh hiomlán agus is féidir. I gcásanna a mbaineann ard-iomrá nó castacht leo bíonn cúiseanna níos iomláine i gceist leo. |
| An Ísiltír | Is é an polasaí oifigiúil ná cúiseanna a thabhairt le gan ionchúiseamh a thabhairt. De ghnáth ní chuirtear cúiseanna maidir le cinntí ar fáil d'íospartaigh coire i gcásanna nuair a ghlactar le cinneadh gan ionchúiseamh a dhéanamh nó áit a bhfuil an t-amhrasach faoi réir ag idirbheart. Ní chuirtear faisnéis ar fáil don tríú páirtí nó don phobal ach áit ar poiblíodh ainm amhrasaigh cuirfidh an tseirbhís ionchúisimh na meáin ar an eolas maidir le cinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt agus leis na cúiseanna leis an gcinneadh sin.<br><br>De ghnáth cuirtear na cúiseanna in iúl le litir ach i gcásanna an-tromchúiseacha labhróidh an t-ionchúisitheoir leis an íospartach go pearsanta. |
| An Iorua | Is é polasaí oifigiúil an ionchúisitheora ná cúiseanna a thabhairt le gan ionchúiseamh a thabhairt.<br><br>Cuirtear na cúiseanna le cinntí ar fáil d'íospartaigh agus dá gclanna. |
| An Afraic Theas | Is é an polasaí oifigiúil ná go gcuirtear cúiseanna ar fáil le cinntí ionchúiseamh a thabhairt nó gan é a thabhairt de ghnáth.<br><br>Cuirtear an prionsabal atá mar bhunús leis an gcinneadh gan ionchúiseamh a thabhairt ar fáil d'íospartaigh agus dá gclanna ina gcás féin. |